An·Ceaṫraṁaḋ·Leaḃar

Gaeḋilg

Connraḋ na Gaeḋilge.

PB
1225
.C437
1914



THE PADRAIG UA CASAIDE
MEMORIAL COLLECTION

Pádraig Ua Cararoe
583 Sráid Meaḋonaċ
Lowell, Mass.
Aibreán 12 aḋ, 1918.

An Ceaṫraṁaḋ Leaḃar

Gaeḋilg

Ar n-a ċur amaċ

do

Ċonnraḋ na Gaeḋilge,

i mBaile Áṫa Cliaṫ.

1914.

PB
1225
.C437
1914

Ar n-a ċur i gcló
d' Ua Caṫail agus d'á ḃuiḋean,
40 Céiḃ Urṁuṁan Iaċtair
Baile-áṫa-Cliaṫ.

BOSTON COLLEGE LIBRARY
CHESTNUT HILL, MASS.

231157

Roinn I.—Gaeḋilg.

Inṁeadónaiġe.

Ceaċt		Leaṫanaċ
I.	Stair na hÉireann	1
II.	Fionntan	4
III.	An Dúil Ḃeó, Cuid I.	7
IV.	Saoṫar na Talṁan	9
V.	Buaiḋ na Seisriġe	12
VI.	An Dúil Ḃeó, Cuid II.	14
VII.	Gabáil Ṗárṫalóin	16
VIII.	Teaċt Ṗárṫalóin	19
IX.	An Beiṫiḋeaċ is Úsáidiġe, Cuid I.	22
X.	Éire insan tSean-aimsir	24
XI.	Bán-ċnuic Éireann Ó!	27
XII.	An Beiṫiḋeaċ is Úsáidiġe, Cuid II.	29
XIII.	Gabáil Ċloinne Neiṁiḋ	31
XIV.	Neiṁeaḋ	34
XV.	Na hÉisg, Cuid I.	35
XVI.	Cogar na Aingeal	37
XVII.	An tEólus is Riaċtanaċ do'n Ḟeirmeoir a ḃeiṫ aige	39
XVIII.	An Feirmeoir Gaeḋealaċ	42
XIX.	Na hÉisg, Cuid II.	43
XX.	Sgéiṁ Rinne na Feirsde	46
XXI.	Gabáil Ḟear mBolg	49
XXII.	Toisg Ḟear mBolg	52
XXIII.	Na hÉanlaiṫ, Cuid I.	53
XXIV.	Na hEoin	56
XXV.	Díogaċa	58
XXVI.	An Spáid	61
XXVII.	Tuaṫa Dé Danann	62
XXVIII.	Toisg Ṫuaṫ Dé Danann	65
XXIX.	Na hÉanlaiṫ, Cuid II.	69
XXX.	Bruaċ Dúin Réiṁe	72
XXXI.	Gnóṫa an Ḟeirmeora	76

Ceaċt | Leaṫanaċ

XXXII. An Ṁaoineaċ 79
XXXIII. An Lia Fáil 82
XXXIV. An Díbirteaċ ó Éirinn 86
XXXV. Aicmí Éanlaiṫ 90
XXXVI. Lon Ḋoire an Ċairn 93
XXXVII. Aċruiġeaċa ins an Tír 96
XXXVIII. Gabáil Ṫuaṫ Dé Danann 101
XXXIX. Toisg Fiaċa Ṁic Aoḋa i Ḃroin 105
XL. Na Beiṫiḋiġ Ḃólaċta, Cuid I. 108
XLI. An Ḃeannfaḋa 112
XLII. Comhairleaċa do'n Ḟeirmeoir, ⁊rl. 113
XLIII. An tSail Ċuaċ 116
XLIV. Luġ Láṁfaḋa 119
XLV. Na Beiṫiḋiġ Ḃólaċta, Cuid II. 123
XLVI. Ar Ġiorraċt ár Saoġail 126
XLVII. An Bó 127
XLVIII. Árd Ṫiġe Cuain 130
XLIX. An Ċaora 133
L. Caoineaḋ Eoġain Ruaiḋ Uí Néill 136
LI. Aċruġaḋ Bárr 138
LII. Mo Ḃeannaċt Leat, a Sgríḃinn 140

I.—STAIR NA hÉIREANN.

Seanda, ancient; an-tseanda, very ancient.
Sleaṁnuġaḋ, slipping.
I n-úḋaċt an ḃáis, at its last gasp; *lit.* in the will (testament) of death.
Coṁairle, advice.
Failliġe, neglect.
Saoṫruġaḋ, labouring, working at, developing.
Ar a ndíċeall, diligently.
Coiṁiġṫeaċ, strange.

1. Is cóir do gaċ garsún is do gaċ cailín beag i nÉirinn eólus a ḟaġáil ar stair a dtíre dúṫċais féin. Is cóir dóiḃ eólus a ḃeiṫ aca ar na héaċtaiḃ móra do rinne muintir na hÉireann coṁ fada siar agus is féidir dul.

Do ḃí ríġṫe agus prionnsaí, filí agus fir léiġinn, agus fir ċalma i nÉirinn riaṁ, agus nár ḃ'ḟiú dúinn eólus a ḃeiṫ againn ar ar smaoineadar is ar a ndubradar is ar a ndearnadar? Go deiṁin baḋ ṫairḃeaċ an rud dúinn é.

2. Agus caidé an tairḃe a ḋéanfas an t-eólus so? Is iomḋa tairḃe a ḋéanfas sé, aċt is leór dúinn aon ċeann aṁáin d'áireaṁ annso. Cuirfiḋ sé ionnainn gráḋ d'ár dtír féin. Beiḋ cion agus meas againn ar Éirinn dá ċionn.

Ní féidir dúinn cion ná meas a ḃeiṫ againn ar rud naċ ḃfuil eólus againn air, ná ar ḋuine naċ ḃfuil aiṫne againn air. Muna ḃfuil eólus againn ar Éirinn, 'sé sin, ar stair na hÉireann, ní ḃeiḋ cion ná meas againn uirṫi ná ní ḃeiḋ gráḋ againn di. Agus baḋ ṁór an truaġ é sin.

3. Is fada siar a ṫéiḋeann an cunntas atá againn ar Éirinn. Tá an cunntas so ar faġáil i sean-leaḃraiḃ

do sgríoḃaḋ, tá na céadta bliaḋan ó ṡoin, ṫall is i bḟus i nÉirinn. Tá cainnt na leaḃar úd an-tseannda, agus go dtí le déiḋeanaiġe is beag duine 'n-a raiḃ sé ar a ċumas iad a léiġeaḋ. Ní mar a céile an Ġaeḋilg atá ionnta agus an Ġaeḋilg atá againn fá láṫair.

Tá an-ċuid sgéalta ins na leaḃraiḃ úd ag cur síos ar ríġṫiḃ, ar ṗrionnsaiḃ is ar laoċraiḋ ċróḋa na hÉireann, agus asta súd is féidir tuairim a ṫaḃairt ar a lán dár ṫuit amaċ i nÉirinn leis na ciantaiḃ.

4. Deir daoine áiriġṫe naċ gcreideann siad na sean-sgéalta úd. Muna mbeaḋ gur ċreid luċt a n-aiṫsgríoḃṫa iad, ní ċuirfidís i n-a leaḃraiḃ iad. Má ċreid-eadar súd ionnta, cad ċuige naċ creidfimís-ne? Is linn féin na sean-leaḃair, agus is dóiḃ is cóir dúinn géilleaḋ.

Níor ċóir dúinn a ḋearmad gur i n-ár dteangaiḋ féin do sgríoḃaḋ furmór na sean-leaḃar. Tá a lán díoḃ sgríoḃṫa os cionn míle bliaḋan. Agus ní'l ionnta aċt sgéalta agus rudaí eile a fuarṫas i sean-leaḃraiḃ eile a ḃí ann rompa féin.

5. Ní raiḃ Béarla ná Fraincis ná Gearmáinis ann an uair sin ná aon smaoineaḋ orta. Ar an aḋḃar sain, baḋ ċóir go mbeaḋ áṫas agus móiréis orainn i dtaoḃ ár dteangaḋ féin. Teanga ṡeannda is eaḋ í gan amras, agus teanga uasal mar an gcéadna.

Aċt dá ṡeannda is dá uaisle í, do ḃobair di bás d'ḟaġáil. Bí sí ag sleaṁnuġaḋ uainn diaiḋ ar ndiaiḋ, go dtí go raiḃ i n-úḋaċt an ḃáis. Ní ḃítí 'gá laḃairt ná ní ḃítí 'gá sgríoḃaḋ. Ba ḋona an sgéal sain againn.

6. Do ċonnaic daoine áiriġṫe an díoġḃáil is an ċreaċ a ḃí dá ndéanaṁ. Do ṫuigeadar i n-a n-aigneaḋ féin, dá gcaillfeaḋ muinntir na hÉireann a dteanga féin, go raiḃ deireaḋ le n-a réim go bráṫ. Do ḃuail sé isteaċ i n-a n-aigneaḋ gur ḃ'í an Ġaeḋilg an t-aon ċeangal aṁáin a ḃí eatorṫa féin agus na daoine a ṁair i nÉirinn fad ó. Duḃradar nár ċeart an ceangal úd a ġearraḋ. Ṫugadar comairle do ṁuinntir na hÉireann gan faillíġe a ḋéanaṁ i n-a dteangaiḋ.

7. Tá muinntir na hÉireann ag taḃairt toraiḋ ar an gcoṁairle úd. Táid ag saoṫruġaḋ na Gaeḋilge ar a ndíċeall is, le congnaṁ Dé, fásfaiḋ sí arís is leaṫfaiḋ sí a géaga ó ċeann go ceann na tíre.

Bíoḋ eólus ag gaċ garsún is ag gaċ cailín beag uirṫi. Laḃraiḋís í, agus sgríoḃaiḋís í. Má ġní gaċ duine againn a ċion féin go maiṫ, beiḋ meas againn orainn féin is ar ár dtír, agus beiḋ meas dá réir ag daoiniḃ coiṁiġṫeaċa uirṫi. Agus nár ṁaiṫ an rud é sin?

1. Garsún = gasúr, gasún.
3. Le déiḋeanaiġe = le goirid. N-a raiḃ = a raiḃ.
5. Smaoineaḋ = ċuiṁneaṁ.
6. Eatorṫa féin = idir iad féin.
7. Coiṁiġṫeaċa = iasaċta.

II.—Fionntan.

Gabáil, occupation, colonisation.

Díle, *f.*, the deluge.

Biṫ, *gen.* Beaṫa, Bith, *i.e.* the world personified.

Sliab = Sliaḃ Beaṫa, Slieve Beagh, in Co. Monaghan; Bith's cairn is in the parish of Clones.

Gan rún, without secret, openly, clearly.

Árd Laḋrann, Ardamine, in Co. Wexford (O'Don.).

Cúil = Cúil Ċeasraċ, on the bank of the river Boyle, in Connacht.

Tul Tuinne, also called Feart Ḟionntain, was situated over Lough Derg on the Shannon, and in the territory of Arra, Co. Tipperary.

Sonn, annso, here.

Séad, sliġe, bealaċ, path, way, condition.

Fás, waste, desolate.

Niaṁḋa, bright, cheerful, pleasant.

Gnás, custom, manner, way.

Fir Ġalian, a section of the Fir Bholg.

Fir Doṁnann, a portion of the Fir Bholg.

'Na sgaobaiḃ ciaċ sgiar, in their clots (= clouds) of dusky mists.

A hEarpáin = ar Earpáin, ar an Spáinn, from Spain.

Treas, combat, power of fighting.

Síor, fada, long, continuous.

Go glé, clearly, truly.

I.

Éire má fiafruiġtear díom,
  Atá agam go grinn
Gaċ gabáil le'r gabaḋ
  Ó túr Beaṫa binn.

II.

Do ġab anoir Ceasair—
  Ingean Beaṫa an bean—
Le n-a caogaid ingean,
  Le n-a triúr fear.

III.

Ṫáinig díle ar biṫ
I n-a Ṡliaḃ gan rún;
Laḃra i nÁrd Laḃrann,
Is Ceasair i n-a Cúil.

IV.

Bliaḋain dam fó ḋílinn
I dTul Tuinne teann:
Níor codlaḋ, ní coideóltar,
Éan-ċodlaḋ buḋ fearr.

V.

Mise i nÉirinn sonn,
Dob' aoiḃinn mo ḟéad,
Nó go dtáinig Parṫalón
Anoir a tír Ġréag.

VI.

Mise i nÉirinn fós,
Is Éire folaṁ fás,
Go dtáinig mac Aġnoṁair,
Neiṁeaḋ—maṁḋa a ġnós.

VII.

Fir Ḃolg is Fir Ġalian,
Ṫángadar 'na ḋiaiḋ;
Ṫángadar Fir Doṁnann,
Do ġaḃ Iorrus ṫiar.

VIII.

Ṫángadar Tuaṫ Dé
'Na gcaobaiḃ ciaċ gciar,
Gur ċuidiuġaḋ daṁ-sa leó,
Gé tá i ḃfad i gcian.

IX.

Tángadar Mic Míleaḋ
A hEaspáin a ndeas,
Gur ċuidiuġaḋ daṁ-sa leó;
Gé gur ṫréan a dtreas.

X.

Ṫáinig saoġal sior
Daṁ-sa, is ní bréag,
Go dtáinig Creideaṁ
Ó Ríġ niṁe néal.

XI.

Is mé Fionntan fionn,
Mac Bóċna go glé;
D'éis na díleann sonn
Is file uasal mé.[1]

II. Le n-a caogaid inġean = le n-a deiċneabar ban óg is dá fiċead.
IV. Fó = faoi, fá, under.
Níor codlaḋ = níor codluiġeaḋ, ċar codluiġeaḋ.
Ní coideóltar = ní codólfar, ní codlóċtar, ċa ċodluiġear.
Buḋ fearr = buḋ fearr, dob' fearr.
V. A = as, from.
VI. Fás = 'na fásaċ, 'na díṫreib.
Tír Ġréag = tír na Gréige, the land of Greece.
VIII. Tuaṫ Dé = Tuaṫ Dé Danann, the tribe of the god of Dana (the mother of the gods in the Irish mythology).
'Na gcaobaib ciaċ gciar = 'na sgamallaib modair-ċeoiġ, 'na néaltaib múiriúnta, 'na smúid-néaltaib ceo.
IX. Gur ċuidiuġaḋ daṁ-sa leó = agus do ċaiṫinn leó mo ċuid, agus do ċaiṫinn biaḋ 'na gcuideaċtain. D'iarr sé air cuidiuġaḋ leis, "he asked him to share his meal with him."
X. Creideaṁ = an Creideaṁ Críostaiḋe, an Ċríostaiḋeaċt.
XI. Fionntan (fionn + tan) fionn = aimsir bán bán, blank time that is really blank, prehistoric time—the expression was personified at a later period than that in which it arose.
Mac Bóċna, son of the Ocean.



Is deas an rud na beiṫiḋiġ ag iṫe leó go sásta.

III.—An dúil beó.

Cuid I.

An dúil beó, the living element, the animal kingdom.
Suaiċeantásaċ, remarkable.
Teasḃaċ, summer heat.
Roinn, division, class.
Míoltógaiḃ, winged insects, midges.
Sliġe ṁarṫa, means of living.
Girrḟiaḋaċa, hares.
I n-aireaċas ċruaiḋ, on the alert.
Coiníní, rabbits.
De siubal oiḋċe, by night.
Aiṁreas, suspicion.
Anaċain, harm.
Caoṁaṁaint, protection.
Faitċíos a n-anama, fear of their life.

I. Is aoiḃinn an rud siubal amaċ faoi'n tír lá breaġ saṁraiḋ. Tá sláinte ann, agus go leór neiṫe suaiċeantasaċ, an té a ṫugas fá deara iad. Bíonn loinnir ḃreaġ ar gaċ uile ṡórt 'sa saṁraḋ. Bíonn an féar agus na crainn faoi ḃláṫ, agus bíonn na beaċa ag crónán ṫart ag cruinniuġaḋ meala.

2. Is deas an rud na beiṫiḋiġ ag iṫe leó go sásta; sin, nó ag riṫ le tearḃaċ. "Teagann an lá a ḃfaġann an ḃó gnoṫa dá hearball"—bíonn sí dá cosaint féin ar na cuileogaiḃ. Is deas agus is rí-ḋeas na lonta duḃa agus iad ag ceileaḃar ar sgáṫ na gcrann. Agus má ḟeasann tú ar ḃruaċ aiḃne, agus má ḃreaṫnuiġeann tú isteaċ 'san aḃainn, feicfiḋ tú na bric ag snáṁ ṫart, le riméad ar an lá ḃreaġ.

3. Agus is aṁlaiḋ a ġeall Dia naċ ḃfuil clúid na cearn de'n doṁan, faoi uisge nó os cionn uisge, ar an talaṁ tirim nó ins an aer, naċ ḃfuil roinn áiriġṫe de'n dúil ḃeó ag coṫuiġe ann.

4. Tá an t-uisge ag an iasg le maireaċtáil ann. Tá an t-aer ag na héanlaiṫ agus ag na mioltógaiḃ le himṫeaċt ṫríd, ar nós mar imṫiġeas na héisg ṫríd an uisge. Tá na céadta cineál beiṫiḋeaċ naċ n-éiriġeann de ḋruim na talṁan ar ċor ar biṫ. Siuḃlann siad ar an talaṁ agus fágann siad sliġe ṁarṫa ann.

5. Ḃéarfaiḋ tú faoi deara, ar an gcéad rud, go ḃfuil sgáṫ ar gaċ uile ḃeiṫiḋeaċ roiṁ an duine. Nuair a ḟeiceann siad ag tiġeaċt é, riṫeann siad uaiḋ. Má ṫéiḋeann tú ċun an ċnuic, ní ḟanfaiḋ na caoiriġ ná na huain leat, ar ḟaitċíos go mbéarfá orta. Bíonn na girrḟiaḋaċa i n-aireaċas ċruaiḋ ag faire ort, cé an taoḃ atá dúil agat a ġaḃáil. Is túisge a ḟeiceann siad an duine ná ḟeiceas seisean iad. Tá cuid de na beiṫiḋiġiḃ fiaḋaine, ar nós an ċoinín, a ṫéiḋeas i ḃfalaċ i bpoll, má ḟeiceann siad duine. Ní leigeann an faitċíos do ċuilleaḋ aca iad féin a ṫeasbáint 'sa lá; aċt fanann siad sáiṫṫe i bpoll go dteagaiḋ an oiḋċe. Is de ṡiubal oiḋċe a ṫéiḋeann siad ag soláṫar.

6. Bíonn na héanaċa an-áirdeallaċ; ċuirfeaḋ an torann is luġa sgannraḋ orta. Is maiṫ atá a ḟios aca go dtig leis an duine urċar a ċaiṫeaṁ leó; ní ḟanfaiḋ siad i ḃfoisgeaċt urċair ċloiċe ḋó, má féadann siad é. Tá na préaċáin an-ġlic. Má ḟeiceann préaċán ag cromaḋ ṫú, beiḋ sé i n-aiṁreas gur ar ṫóir cloiċe a ḃeas tú.

7. Bíonn faitċíos, freisin, roiṁ an madaḋ agus roiṁ an gcat. Ní cliú do'n duine faitċíos a ḃeiṫ ag na héiníniḃ beaga roiṁe. Ní'l na heinini beaga ag déanaṁ aon anaċaine air, agus baḋ cóir ḋó go mbeidís ar a ċaoṁaṁaint ná faitċíos a n-anama a ḃeiṫ orṫa go marḃóċaḋ sé iad.

1. Loinnir = lonnraḋ. Beaċa = meaċain, beaċóga.
2. Cogaint = cognaḋ, cangailt. Círe = círeaċ. Lonta = luin. Cluinsin = clos, cloisteáil. Aiḃne = aḃann, aḃna. Ríméad=bród, tóirtéis.
3. Ġeall = d'orduiġ. Clúid = cúil. Cearn = ceard, anaċ. Áirigṫe = áiṫrid, áirigte, áiṫrite, áiride, áiriṫe. Ag coṫuiġe = ar n-a gcoṫuġaḋ.
4. Maireaċtáil = maireaċtain. Ar ċor ar biṫ = ar aon ċor, i n-éan-ċor.
5. Tiġeaċt = teaċt. Girrḟiaḋaċa = girrḟiaḋṫa. Ḟeiceann = ċíonn, 'tċí.
6. An-áirdeallaċ = an-faireaċ, an-sgáṫṁar. Caoṁaṁaint = caoṁnaċt, caoṁnaḋ.

IV.—SAOṪAR NA TALṀAN.

Deasuġaḋ, to dress.
Briaṫra, words.
Cóiṁlíonaḋ, fulfilling.
Ganntanas, dearth, scarcity.
Annlann, kitchen, condiment.
Ceadṁuiġeaċ, permissible allowed.
Mí-ḃéasaċ, ill-mannered.
Sealgaireaċt, hunting.
Aigeanta, spirited.
Aicídeaċa, diseases.
Mionduiġeaċt, small size.

1. Nuair do ċruṫuiġ Dia ár gcéad sinnsir, ċuir Sé i ngarrḋa aoiḃinn áluinn Éden iad, agus duḃairt Sé leó, "Féaċ, ṫug Mé ḋíḃ gaċ uile luiḃ ag taḃairt síl ar ḋruim na talṁan agus na crainn uile i n-a ḃfuil síol d'á gcineál féin, le ḃeiṫ 'na ḃiaḋ agaiḃ." Agus duḃairt Dia le hÁḋaṁ an garrḋa a ḋeasuġaḋ agus a ċoingḃeáil,

agus ṫug Sé aiṫne ḋó ag ráḋ: “Íosaiḋ tú de gaċ uile ċrann i bParrṫas; aċt de ċrann feasa maiṫeasa agus uilc ní íosaiḋ tú.”

2. Is soilléir ó na briaṫraiḃ seo gur ḃ'é saoṫruġaḋ na talṁan an ċéad obair a cuireaḋ roiṁ an duine agus gur ḃ'é Dia féin a d'orduiġ í. Ar an aḋḃar sin, tá an té atá ag oibriuġaḋ na talṁan ag coinġḃeáil agus ag cóiṁlíonaḋ na céad aiṫne a ṫug Dia do'n duine agus is ceart dó meas a ḃeiṫ aige ar a ċuid oibre.

3. Ní hé sin aṁáin, aċt is cóir do'n uile ḋuine meas a ḃeiṫ aige ar na daoiniḃ atá ag oibriuġaḋ na talṁan. Caidé do ḋéanfaḋ an saoġal 'n-a ḃféaġṁais? D'ḟéadfamais cúis a ḋéanaṁ gan ór nó airgead, gan luċt ceirde agus siopaí, mar rinne ár gcéad sinnsir, aċt, dá ndéanaḋ luċt oibre na talṁan faillíġe ar feaḋ aon ḃliaḋna aṁáin, ḃeaḋ ganntanas agus ocras tríd an doṁan go léir, óir is ó'n talaṁ a ṫig gaċ biaḋ agus gaċ annlann d'á ḃfuil againn ar ár mbord, taoḃ amuiġ de ḟalann agus d'iasg. Ar an aḋḃar sin, ní cóir d'aonduine droċ-ṁeas a ḃeiṫ aige ar luċt oibriġṫe na talṁan.

4. Ins an ċéad aimsir agus go dtí i ndiaiḋ na díleann, a ṫáinig ar an tsaoġal ins an ḃliaḋain 2347 roiṁ am ár Slánuiġṫeora, ní raiḃ sé ceadṁuiġeaċ feoil d'iṫe. Ṫug na daoine a ṁair 'san aois seo saoġal fada leó. Ḃí Áḋaṁ, an ċéad ḟear, naoi gcéad agus deiċ mbliaḋna ar ḟiċead nuair a fuair sé bás, agus ḃí Maṫúsala, an fear buḋ sine dá rugaḋ ariaṁ, naoi gcéad agus naoi mbliaḋna ar ṫrí fiċid, nuair a d'éag sé.

5. Mar sin de, ní baoġal dúinn, má ḃímid seal gan feoil d'ḟaġáil le n-iṫe, go ngiorróċaiḋ sin ár saoġal. I ndiaiḋ na díleann ṫréig sliocht Naoi Dia arís, amaċ ó ḃeagán aca, agus ṫug cuid aca cúl d'oibriuġaḋ na talṁan agus lean siad do ṡliġe sealgaireaċta agus ċuaiḋ siad ar gcúl go mór i ríḃialtaċt agus d'ḟás siad mí-ḃéasaċ fiaḋanta.

Aċt ċuidiġ sealgaireaċt agus oibriuġaḋ na talṁan leis na daoiniḃ a ṁéaduġaḋ agus le n-a ndéanaṁ láidir folláin. Lean ár sinnsir i nÉirinn do'n dá ġnó so agus

féadamaid a ḃeiṫ cinnte de, go raiḃ siad 'na ḃfearaiḃ agus 'na mnáiḃ lúṫmara láidre aigeanta.

6. Ní raiḃ mórán bailte mór ins an tír seo tá fad ó ṡoin, agus níor ṁór an ḃreis seo ar ḋóiġ, óir is ins na bailtiḃ móra is mó ṫig meaṫ agus droċ-ṡláinte ar an ċineaḋ daonna agus is ionnta mar an gcéadna is coiṫċinne aicídeaċa, pláiġeanna, ocras agus anró, agus munab é go ḃfuil an iomarca dúile ag bunaḋ na tuaiṫe i n-imirce do ḋéanaṁ ċun na gcaṫraċ, ní fada go mbeaḋ muinntear na mbailte mór ag dul i laige agus i mionduiġeaċt agus, fá ḋeireaḋ, ní ḃeaḋ ins an ċuid buḋ ṁó aca aċt aḃaic.

7. Mar so féin, ní'l mórán de na daoiniḃ a ċóṁnuiġeas ar feaḋ tamaill ins na bailtiḃ móra, a ḋéanfaḋ malairt áite le bunaḋ na tíre, ag dearḃuġaḋ ḋúinn fírinne an tsean-ráiḋ: "Do gaċ aon mar oilteas"; aċt is maiṫ leó, 'na ḋiaiḋ sin, cuairt a ḋéanaṁ ċun na tuaiṫe nuair atá a sláinte caillte aca agus nuair atá siad tuirseaċ sáruiġṫe le hobair.

3. 'n-a ḃféaġṁais = gan iad.
6 aḃaic = arcadáin, droiċeanna.

V.—Buaiḋ na Seisriġe.

Connspóid, discussion, disputation.
Ceol, song = poetry.
Craoḃ an aonaiġ, the palm of the assembly, being considered the best by the public.
Saor áḋmaid, a carpenter.
Fiġeadóir, weaver.
Congḃálaiḋe, ploughman, *i.e.* the man in charge of the plough, the man *holding* the plough (ag congḃáil an céaċta); pronounced as if spelt coinḃeálaiḋe and condálaiḋe.
Daróige, *gen.* of daróg, oak.
Lám-ord, hand-sledge, sledge-hammer.

Greille (for greidle), *gen.* of greideal, *f.*, griddle; greideal is also *m.*, *gen.* greidil.
Spól, *gen.* spóil, a weaver's shuttle.
Slinneaḋ = slinne, *gen.* of slinn, *f.*, a weaver's slay or reed.
Anairt, here *m.*, homespun linen.
I ngleann coilleaḋ, in a wooded glen.
Seisreaċ, *f.*, a plough-team; local form seisdreaċ in Oriel.
Dreasadóir, driver of a plough-team.
Dá dtiomáint, driving them.
Gaineaṁ, gravel, deeper soil.

Ḃí ceaṫrar fear aon uair aṁáin ann, agus ḃí connspóid eatorra, agus an té ḃ'fearr aca a ċumfaḋ ceól ag molaḋ a ċeirde féin, ḃeaḋ craoḃ an aonaiġ aige. Ḃí saor áḋmaid, agus goḃa, agus fiġeadóir, agus congḃálaiḋe ann, agus seo mar a laḃair siad, gaċ duine aca i ndiaiḋ a ċéile :—

AN SAOR:

An gcuala tú riaṁ ceól ba ḃinne
'Ná triúr saor áḋmaid ag dul 'un na coilleaḋ,
A ṫuag ḃeag féin i láiṁ gaċ duine
'S iad ag sgoilteaḋ anuas na daróige dúinne?

AN GOḂA:

An gcuala tú riaṁ ceól ba ḃinne
'Ná triúr goiḃne ag déanaṁ greille,
A láṁ-órd féin i láiṁ gaċ duine,
'S iad ag teaċt anuas buille ar ḃuille?

AN FIĠEADÓIR:

An gcuala tú riaṁ ceól ba ḃinne
'Ná tarraing spóil agus ceól slinneaḋ;
An pota ag fiuċaḋ agus fiġeadóir clipte
Ag fiġe an anairt ċaoil agus gan é dá ṁilleaḋ?

AN CONGḂÁLAIḊE:

An gcuala tú riaṁ ceól ba ḃinne
'Ná seisreaċ ṡeólta i ngleann coilleaḋ;
Dreasadóir leóḃṫa agus é dá dtiomáint,
'S iad ag sgaoileaḋ an ḟóid aníos ó'n ġaineaṁ?

'Sí an tseisreaċ a fuair an ḃuaiḋ; agus 'sé an congḃálaiḋe ṫug an ċraoḃ leis, dá ḃríġ sin.

Connspóid = díospóireaċt, aiġneas.
A ċumfaḋ = a ḋéanfaḋ, a ċeapfaḋ.
Ceól = amhrán, filiḋeaċt.
Craoḃ an aonaiġ = an buaiḋ ó'n oireaċtas, an duais ó'n oireaċtas.
Saor ádmaid = siúinéir, cearpantar, siúinéaraiḋe, siúinéara.
Congḃálaiḋe = fear deiriḋ, buaċaill céaċta, oireaṁ, treabaiḋe, treaḃṫaċ, treaḃadóir.
Coilleaḋ = coille.
Daróige (geinide); darōg = dair.
Greille = greidil (geinide).
An anairt ċaoil = na hanairte caoile, na hanċraide caoile (geinide).
Ṡeólta = muinte, oilte, cliste, gasta.
Dreasadóir = cinnire, ceannaire, ceannaire, tiománaiḋe seisriġe.
[An t-amhrán ó Eoġan Mac an Ḃáird (seanaṫair Énrí Ui Ṁuirġeasa) 'sa Ċúl Fuar, i bFearmmaiġ; tá sé anois ar slíġe na fírinne. Tá leagaḋ eile ar an amhrán i nGreann na Gaeḋilge, I., 7 innsint Connaċtaċ air i nIrisleabar na Gaeḋilge, iml. II., u. 24.]

VI.—An Dúil Beó.

Cuid II.

De ṁianaċ, inborn in.
Feiċide, animal.
Tréarta, qualities.
Fiú na bpiast, even the worms.
Mionuiġeann, turn to mould.
Ag grafáil agus ag dóġaḋ, paring and burning.
Slaċtṁar sgiaṁaċ líoṁṫa creataṁail, good-looking, handsome, polished, smooth-skinned.
Is ionndaṁail, it generally happens.
Mianaċ, 'family.'
Síolruiġeas, increase in numbers.
Is lia a ḃfuil náiṁde aige, which has such a number of enemies.
Inneall, a trap.
Ag éarmuiḋeaċt, frolicking.

---

1. Tá sé de ṁianaċ ins gaċ uile feiċide beó ó'n míoltóig go dtí an míol mór an ċontabairt agus an anaċain a seaċaint. Ceap Dia tréarta áiriġte do gaċ uile cuid aca iad féin a ċosaint ó'n gcontabairt, agus féaċaint le ḃeiṫ beó a ḟad agus ḟéadann siad, agus a leas a ḃaint as an saoġal coṁḟad 's ḃeas siad ann.

2. Fáiġtear úsáid ins gaċ uile rud dá ḃfuil beó ar an doṁan go fiú na bpiast atá ṫíos faoi'n sgraiṫ. Leasuiġeann na péiste an talaṁ agus déanann siad bog é. Mionuiġeann siad an ċréafóg, agus cuireann siad aníos mion í ag fréaṁraċaiḃ an féir.

3. Na puill a ġníos na péiste ṫríd an ithir, tá tarraingt an aeir ionnta, agus tá bealaċ ag an uisge le silt ṫríoṫa. Muna mbeaḋ saoṫar na bpiast, is go dona a d'ḟásfaḋ dadaṁ ar an talaṁ. Milleaḋ go leór talṁan i n-Éirinn fad ó, an t-am a mbítí ag grafáil agus ag dóġaḋ na sgraṫaċa.

4. Leis an méid sin úsáide a ḟeicsint ins na péistiḃ, níor ċeart dúinn droċ-ṁeas a ċaiṫeaṁ ar rud ar biṫ ċruṫuiġ Dia. Tá maiṫ agus fóġaint dúinn ins gaċ

uile rud beó, an té a ṫuigfeaḋ a gcúrsaí i gceart. Má's íseal nó árd dóiḃ, má's beag nó mór iad, má's míoċṁar gránda atá siad, nó slaċtṁar sgiaṁaċ líoṁṫa creataṁail, do réir mar ċeap Dia dóiḃ is aṁlaiḋ atá siad.

5. Tagann an ċuid is mó de ḃeiṫiḋiġiḃ an doṁain suas ar an ḃféar agus ar ṫorṫaiḃ na talṁan. Tá fás úr ag teaċt go síorruiḋe faoi'n ḃféar le teas na gréine. Tugann an fás úr sin sliġe ṁarṫa do na beiṫiḋiġiḃ atá ag teaċt suas ar an ḃféar.

6. Tá tuilleaḋ de na beiṫiḋiġiḃ, ar nós an trionnaiġ agus an ċait, naċ n-iṫeann an féar. Marḃuiġeann siad beiṫiḋiġ eile is laige ná iad féin, agus iṫeann siad iad. Is ionndaṁail gur'b iad na beiṫiḋiġ a ṫagas suas ar an ḃféar a marḃuiġtear agus a hiṫtear, cuir i gcás an daṁ agus an ċaora agus an gaḃar.

7. Ní'l mianaċ ar biṫ beiṫiḋeaċ ċeiṫre gcos a ḟiolruiġeas ċoṁ fairsing leis an gcoinín; aċt ní'l aon ḃeiṫiḋeaċ ċeiṫre gcos is lia a ḃfuil náiṁde aige ná é. Bíonn an cat agus an madaḋ i n-a ḋiaiḋ. Bíonn an sionnaċ agus an earóg ar a ṫóir. Bíonn fiaḋaċ ag an duine air; ní hiongnaḋ go mbeaḋ an coinín i ḃfaitċíos roiṁ an duine, agus ar a aireaċas féin air. Ní bíonn a ḟios aige cé an áit a mbéiḋ inneall curṫa le n-a ġaḃáil, nó cé an poinnte a mbuailfiḋear d'urċar gunna é.

8. Ní ṁaireann aon ċuid de na beiṫiḋiġiḃ i ḃfad beó. Aċt, an fad is ḃíonn siad óg sláinteaṁail agus a ndóṫain le n' iṫe aca, bíonn siad sultṁar sásta, ag éarmuiḋeaċt agus ag cleas dóiḃ féin ar na maċairiḃ agus i measg na gcnocán.

1. Feiṫide = ainmiḋe, dúil. Tréarṫa = tréiṫe.
2. Fáiġtear = fagtar, ġeiḃtear.
3. Silt = sileaḋ, seilt. Dadaṁ = dadaid, tada.
4. A ċaiṫeaṁ ar = a ċur ar. Míoċṁar = mí-ḋaṫaṁail, gránna, éidiġ. Ag teaċt suas = dá gcoṫuġaḋ, ag teaċt i dtír.
6. Ionndaṁail = minic.

VII.—Gaḃáil Párṫalóin.

Gaḃáil, cúnncas, conquest.
Aiġneas, a dispute.
Ní fuláir nó ṫáinig daoine, people must have come.
Tráċtáil, trading, commerce.
Muir Ṫoirrian, the Mediterranean Sea.
Tríd an Muinċinn Ġaidianta, through the Straits of Gibraltar.
Inḃear Sgéine, Kenmare Bay
Inis tSaiṁéir, Fish Island an island at the mouth of the river Erne.
Béal Áṫa Seanaiġ, Ballyshannon.
Binn Éadair, the Hill of Howth.
Easgaine, curse.
An Ġréag, *f.*, Greece.

---

1. "A Ṁaiġistir," arsa Diarmaid Ó Séaġḋa, "ḃí aiġneas ó ċianaiḃ idir mé féin agus Seán Ó Conaill i dtaoḃ na ndaoine a ṫáinig go hÉirinn ar dtús. Duḃairt Diarmaid gur ó Ṡasana a ṫángadar. Duḃart féin nár ḃ'ead, aċt ó'n Spáinn. Cia aca ḋínn go raiḃ an ceart aige? Ba ṁaiṫ linn réiḋteaċ na ceiste sin d'ḟaġáil uait, má's é do ṫoil é."

"Is dóiġ liom, a Ḋiarmaid, go raiḃ; b'ḟéidir, cuid ṁór de'n ċeart agaiḃ araon. Ní fuláir nó ṫáinig daoine ó Ṡasana is ó'n Spáinn annso i dtosaċ an tsaoġail, aċt má ṫángadar, ċuaiḋ daoine as Éirinn ins na tíorṫaiḃ sin mar an gcéadna, mar do ḃí tráċtáil riaṁ eatorṫa.

2. Deir uġdair áiriġṫe go raiḃ daoine i nÉirinn roiṁ an dílinn, agus gur ḟan duine aca i n-a ḃeaṫaiḋ i n-a diaiḋ. Fionntan ainm an duine úd do réir na n-uġdar.

Deir sean-uġdair na hÉireann gurab iad muinntir Párṫalóin an céad dream a ṫáinig go hÉirinn tar éis na díleann. Do ḃí Párṫalón ar an oċtṁaḋ glúin amaċ ó Naoi, agus ar an seaċtṁaḋ glúin ó Iaphet, mac Naoi."

3. "An ḃfuil aon tráċt ag na sean-uġdaraiḃ, a Ṁaiġistir, i dtaoḃ na háite as a dtáinig Párṫalón?" arsa Seán Ó Conaill.

"Tá, a Ṡeáin. Deirid gur ar áit éigin i gceart-lár na Gréige ṫáinig sé. Ṫángadar tríd an Muir Ṫoir-riain, amaċ tríd an Muinċinn Ġaidianta agus as soin a ndeas gur ṡroiċeadar Éire. Ṫángadar i dtír i nInḃear Sgéine. Cuan Neidíneaċ, ar an dtaoḃ ṫiar de Ċonntae Ċiarraiġe, is ainm do'n áit úd anois. Ḃíodar ar an bfairrge ar feaḋ dá ṁí agus ṡroiċeadar talaṁ na hÉireann ar an gceaṫramaḋ lá déag de ṁí na Beal-taine 'san mbliaḋain d'Aois an Domain 1978, 'sé sin, trí ċéad bliaḋain tar éis na díleann."

4. "Cionnus do éiriġ le muinntir Ṗárṫalóin d'éis teaċt go hÉirinn dóiḃ?"

"D'éiriġ go maiṫ leó ar feaḋ tamaill. Do ḃí míle duine i bfoċair Ṗárṫalóin ag teaċt go hÉirinn. Do b'é an ċéad áit ar ċuireadar fúṫa ann i nInis tSaiṁéir mar a bfuil Béal Áṫa Seanaiġ anois. Ní raiḃ dadaṁ ag fás i nÉirinn an uair úd aċt crainn. Ḃí sé 'n-a haon ċoill aṁáin. Do réir mar ṫéiḋeaḋ muinntir Ṗárṫalóin i líonṁaireaċt do ġearraidís crainn ċun talaṁ réiḋ a ḋéanaṁ dóiḃ féin.

5. Aċt do ḃuail umpa aon áit aṁáin a ḃí saor ó ċrannaiḃ, 'sé sin, Maġ nEalta Éadair, an talaṁ atá idir Baile Áṫa Cliaṫ agus Binn Éadair. Fuair Párṫalón féin bás annso i gcionn deiċ mbliaḋan fiċead tar éis teaċt go hÉirinn do.

Ar feaḋ trí ċéad bliaḋain do ḃí muinntir Ṗárṫa-lóin i seilḃ na hÉireann. I gceann na haimsire sin do ḃí timċeall naoi míle pearsa díoḃ ann. Annsoin ṫáinig pláiġ éigin orṫa agus fuair an uile ḋuine aca bás.

6. Deirṫear gur droċ-ḋuine do ḃí i bPárṫalón i dtosaċ a ṡaoġail. Rinne sé mí-ġníoṁ éigin 'san nGréig, agus b'éigean dó imṫeaċt as an dtír dá ċionn. Do ḃailiġ sé le ċéile a ṁuinntir, agus gaċ níḋ dá raiḃ aca, agus ċuadar ar an bfairrge. Níor stadadar gur ṡroiċeadar Éire.

Aċt bíonn easgaine ag leanaṁaint an droċ-ġníoṁa i gcóṁnuiḋe. B'é easgaine a lean Párṫalón de barr a ḋroċ-ġníoṁa 'san nGréig, a ṡlioċt agus slioċt a ṁuinn-

tíre d'ḟaġáil ḃáis de'n ṗláiġ trí ċéad bliaḋain d'éis déanta na droċ-ḃeirte."

7. "Do réir mar adeirir-se, a Ṁaiġistir, ní ó Ṡasana ná ó'n Spáinn, aċt ó'n nGréig a ṫáinig an ċéad treaḃ a ċuir fúṫa i nÉirinn," arsa Diarmaid Ó Séaġḋa.

"Sin mar adeir sean-uġdair na hÉireann, agus ní fuláir nó ḃí eólus aca-san ar an gceist. Aċt fá mar aduḃart ċeana, is cosṁail go dtigeaḋ daoine ó'n Spáinn is ó'n bFrainnc is ó Ṡasana annso go hÉirinn an uair úd mar an gcéadna."

"Go raiḃ maiṫ agat, a Ṁaiġistir."

1. Duḃart féin = duḃairt mise. go raiḃ = a raiḃ. mar an gcéadna = coṁ maiṫ céadna.

2. D'ḟaġáil ḃáis = bás d'ḟaġáil.

"Do ṫaistil na bárca
Go maorḋa ṫar sáile
'S a seólta aca i n-áirde
Ar leaṫaḋ."

VIII.—Teaċt Párṫalóin.

Do ṫaistil, do ṡeól, sailed, proceeded.
Go maorḋa, majestically.
Sgaoṫ, a flock, bevy.
'N-a ḃfarraḋ, with them, along with them.
De ḋruim sleaṁain, smoothly over.
Racaireaċt áṫais, glad or merry romancing.
Naċ stánfaḋ, who would not yield.
Ag déanaṁ cuipe, lashing into foam.
Éigean, violence, vigour.

Dásaċt, boldness, fierceness.
Náid, anything.
Ní leóṁaidís, they would not allow (also = they would not dare to do).
Taisteal, voyage.
Sáir-ḟear, árd-ḟear, excellent man.
Cois calaiḋ, beside the haven.
Clagar, pattering rain, rain.
Is-ló, in the day.
Ag taitneaṁ, ag soillsiuġaḋ, ag spalpaḋ, shining.

Do ṫaistil na bárca
Go maorḋa ṫar sáile
'S a seólta aca i n-áirde
Ar leaṫaḋ;

Ḃí tréin-ḟir gan ċáim orṫa
Is sgaoṫ de ṁnáiḃ mánla
Agus tréadṫa de ṗáistíḃ
'N-a ḃfarraḋ.

Do ġluaiseaḋ na bárca
De ḋruim sleaṁain an tsáile
Mar do raċaḋ gaoṫ Ṁárta
Ṫar fearann,
Is ba cuma go bráṫ
Leis an ḃfoirinn ro-ḋána úd
Pé aca oiḋċe nó lá
Do ḃíoḋ aca.

Do cualaṫar gárṫa
Agus racaireaċt áṫais
Ó'n ḃfoirinn naċ stánfaḋ
I gcaṫaiḃ,
Agus tréan-ṁaidí ráṁa
Ag déanaṁ cuire de'n ṫsáile
Le héigean tiomána
Dá ḃarraiḃ.

Dá n-éiriġeaḋ an gála
'N-a gcoinniḃ le dásaċt
Agus tonnta ro-árda
Na mara,
D'ísleoċaidís an ċnáiḃ
Is na seólta go lár
Is ní leóṁaidís náid
Ar na crannaiḃ.

Maidin ċiúin áluinn
I ndeireaḋ an Abráin,
Mar do bíṫear go sásta
Ar an dtaisteal,
Ċuaiḋ liúġ fada fáilteaċ.
Ó'n mbuiḋin uile i n-áirde
"Sin agaiḃ, a ċáirde,
An talaṁ!"

D'éiriġ an sáir-fear
Párṫalón ársa:
Duḃairt,—"Gaḃaiḋ go dána
Cois calaiḋ——
Tá coillte agus tráiġ ann,
Is inseaċa ar áilneaċt,
Gleannta agus árd-ċnuic
Is craige."

Lá Bealtaine ṫáinig
An dream so fá áṫas
I dtír Inse Fáilḃe
Le ceannas;
Do ceanglaḋ na bárca;
Do tréigeaḋ an sáile,
Is do socruiġeaḋ áruis
Ar talaṁ.

Ḃí na haiḃne go glóraċ
'N-a reaṫaiḃ ċun bóċna
Agus éin beaga ceólṁara
I gcrannaiḃ;
Na sléiḃte go mórḋa
Gan clagar, gan ceó duḃ,
Aċt an ġrian ġeal is-ló orṫa
Ag taitneaṁ.

Níor ḋeise ḃí Fóḋla
Nuair ġaiḃ Párṫalón í
Ná mar ċímíd a clóḋ anois
Ar maise;
Cuirfimíd cóir uirṫi
Is tuillfeam breis ġlóire ḋi
A béarfas go deóiḋ í
Fá ġradam.

TÓRNA.

IX.—An Beiṫiḋeaċ is Úsáidiġe

Cuid I.

Ar ċúl le gréin, in the shade.
Ag treaḃaḋ agus ag fuirseaḋ, ploughing and harrowing.
Ceal naċ, why don't you; *lit.* it is a want that not; ce naċ is also so used.
Moṫuġaḋ agus spreacaḋ, motion and vigour.
Biaḋ, food (on the table); beaṫa, food (stored up).
Aicíd, a plague.

1. Ḃí capall ag dul amaċ lá ar fud na ngarranta nuair a ċualaiḋ sé géim bó. Ċuaiḋ sé go dtí an áit a dtáinig an ġéim as. Ċonnaic sé an ḃó i n-a luiġe ar ċúl le gréin faoi sgáṫ crainn, agus í ag cogaint a círe. Nuair a ċonnaic sé an ḃó, ċroċ sé a ċloigeann agus ṫosuiġ sé ag seitriġ.

2. "Cé r'd tá ar iarraiḋ uait," ars' an ḃó leis, "lé go bḟuil tú ag seitriġ mar sin?"

"Tá mé ag tóruiġeaċt an ḟéir is milse 'sa ḃfeilm go dtéiḋ mé dá iṫe," ars' an capall, "is dam is córa é ḟaġáil."

3. "Cad ċuige a n-abrann tú gur duit is córa é?" ars' an ḃó leis.

"Gaċ uile ċuige," ars' an capall; "is mé is fearr atá ag obair do'n ḟeilméaraiḋe ar a ṡon. Ḃím ag treaḃaḋ agus ag fuirseaḋ 'san earraċ dó, gaċ uile lá ó ḋuḃ go duḃ. Ḃím ag iomċar ualaiġ dó ar mo ḋruim, agus ag tarraint ualaiġ i gcairt dó, agus dá iomċar féin corr-uair. Tugaim sgíṫ dá ċnámaiḃ ar gaċ uile ċaoi."

4. "Ceal naċ gceapann tú," ars' an ḃó, "gur fearr moṫuġaḋ agus spreacaḋ a ċur i n-a ċnámaiḃ ná sgíṫ a ṫabairt dóiḃ? Tugaim-se coṫuġaḋ maiṫ dó a ġníos lúṫ láidir é, agus i n-inniṁe gaċ uile ṡórt a ḋéanaṁ. Ní ḟéadann sé biaḋ na maidne a ċaiṫeaṁ go gcuiriḋ sé ċugam-sa ag iarraid bainne agus ime."

5. Ṫosuiġeadar ag sáruġaḋ ar a céile. Ní ṫiuḃar-faḋ ceaċtar aca suas nár ḃ'í féin an beiṫiḋeaċ ba úsáidiġe. D'airiġeadar caora ag méiḋliġ. Ġlaoiḋ an capall anall ar an gcaoiriġ. D'innis gaċ éinneaċ aca a sgéal féin do'n ċaoiriġ.



D'innis gaċ éinneaċ aca a sgéal féin do'n ċaoiriġ.

6. "Ní'l aon ṁaiṫ daoiḃ a ḃeiṫ ag sáruiġeaċt níos fuide," ars' an ċaora leó. "Is mó an úsáid atá 'sa lomraḋ olna atá ar mo ḋruim ná tá ionnaiḃ-se le céile. Ar nḋóiġ, muna mbeaḋ mise, ní ḟéadfaḋ fear ná bean ná páiste maireaċtáil 'sa tír seo 'sa ngeiṁreaḋ—préaċfaiḋe leis an ḃfuaċt iad."

7. "Is fíor ḋuit-se sin," arsa luċ ag gobaḋ amaċ as poll a ḃí ag bun móta ann, "agus tá mise úsáideaċ freisin, cé gur beag dá ḃuiḋeaċas a ḟáġaim. Bíonn oiread brusgair caiṫte ṫart ar na tiġṫiḃ agus go gcuir-eaḋ sé aicíd ar an ríoġaċt, dá ḃfágtaoi annsin é go lobaḋ sé. Baḋ ḃeag an ṁaiṫ ba agus caoiriġ agus capaill do ḋaoiniḃ, agus iad féin ag faġáil ḃáis le haicídeaċaiḃ, agus—"

8. Aċt ḃí an cat ag faireaċas ṫart ar an móta. Léim sé anuas de'n ṁóta, agus rug sé greim cúil ar an luiċ agus ṁarḃ sé í.

9. "Sin rud naċ ndéanfaḋ ceaċtar agaiḃ-se," ars' an cat, "ṫar éis a ḃfuil de ġairge agaiḃ. Fan annsin go socair, a ġiolla ḃig," ar seisean leis an luiċ, ag baint fásgaiḋ eile airti. "Dá dtugainn codlaḋ na hoiḋċe go sáiṁ dam féin, agus go mbeaḋ cead rinnce agat-sa agus ag do leiṫeid, ní ḃeaḋ blas bíḋ nó beaṫa le faġáil ag duine nó ag beiṫiḋeaċ—ḃeaḋ sé sáṫaċ gann agaiḃ-se. Dá dtugtaoi cead daoiḃ síolruġaḋ, ḃí an doṁan mór ro-ċuṁang agaiḃ."

1. ngarranta = ngarraiḋṫe. Cogaint = cognaḋ, cagnaḋ, cangailt.
2. Córa = córta, córṫa.
3. Feilméaraiḋe = feirmeoir.
4. Ceal = cad ar, cad ċuige. Lúṫ = lúṫṁar, lúbaċ.
6. Préaċfaiḋe = leaṫfaiḋe. Muna mbeaḋ mise = mara'ḋ mise, aċt munab é (aċ' mur b'é) mise.
9. Ġairge = ġairgiḋeaċt. Sáṫaċ gann = gann go leór. Ḃí = ḃeaḋ, ḃéiḋeaḋ.

X.—ÉIRE INS AN TSEAN-AIMSIR.

Sgoltaċa, sgoilte, sgoileanna, schools.
Léar, léir, clear, manifest.
Aṁail, mar, as, like.
Marṫanaċ, buan, lasting.
Díoġḃáil, easbaiḋ, uireasba ó, want.
Fá ċoinne, fá ċoṁair, le haġaiḋ, for, for the purpose of.
Curaiḋeaċt, agriculture.
Roṁruiġeaḋ, were dug.
Seisreaċ, a plough-team, *also* a division of land.

1. Dubras ceana naċ raiḃ mórán de ḃailtiḃ móra ag ár sinnsearaiḃ i nÉirinn fad ó ṡoin. Is le linn na Loċlannaiġ do teaċt ċum na tíre so a d'fás an ċuid is mó de na bailtiḃ de ċois na fairrge, agus is i n-aice na sgoltaċa mór agus na mainistreaċa a d'fás an ṁór-ċuid de na bailtiḃ atá i lár na tíre.

2. Is léar dúinn mar so gur ar ḟaoṫruġaḋ na talṁan, agus nać ar díol agus ar ċeannać, amail na bailtiḃ móra, do rinne ár sinnsir a mbeaṫa. Ḃí an talaṁ rannta eadar[1] na treaḃaiḃ agus na clannaiḃ, aċt ní raiḃ seilḃ ṁarṫanać ag aonduine ar aon ċuid de. Ḃí na cineála céadna arḃair aca atá againne, mar tá, cruiṫneaċt, coirce, eorna agus seagal; ḃí meacain, meacain ḃána agus uḃla aca; ḃí feoil, bainne, im, cáis agus mil go fairsing aca; aċt ní raib potátaí[2] ná tae ná siúcra aca.

3. Ní raiḃ diṫ ná díoġḃáil ar ár sinnsearaiḃ i dtalaṁ ḟial ḟairsing na hÉireann, siúd is go dtigeaḋ bliaḋain anois agus arís i mbíoḋ meaṫ ar ṫoraḋ na talṁan, aċt ní ṫigeaḋ droċ-ḃliaḋain mar seo aċt go hannaṁ.

I bḟad ó ṡoin ḃí an tír so beagnać cuṁduiġṫe le coilltiḃ, le brosnaiġiḃ agus le huisge. Nuair a ṫáinic Parṫalón go hÉirinn, trí ċéad bliaḋain i ndiaiḋ aimsire na díleann, b'éigean dó cuid de'n aḋmad do ġearraḋ, ionnus go mbeaḋ áit treaḃṫa aige fá ċoinne síl do ċur.

4. Ní gan áḋḃar, mar sin, a fuair Éire a céad ainm, Inis na bḞioḋḃaḋ, 'sé sin, Oileán na gCoillte, agus innistear dúinn i leaḃraiḃ an tseanċais go raiḃ sí go léir 'na haon-ċoill, aċt amáin Maġ nEalta, agus go raiḃ sí trí huaire mar so: "Trí huaire do ċuir Éire trí monga agus trí maola ḋí."

5. I gcuideaċta na gcoillte ḃí rúmairí, glaiseaċa agus curraiġe, ar fud na tíre. Is follus dúinn mar so go raiḃ obair mór roiṁ an ċéad dream do ṫoisiġ ar ċuraiḋeaċt ins an tír seo. B'éigean dóiḃ na crainn a ḃaint as an talaṁ ar ḋóiġ éigin agus na curraiġe a ṫiormuġaḋ, sul a mbainfiḋe bárr as an talaṁ. Castar áiteaċa orainn ar ḃarraiḃ na sliaḃ, ṫall agus i bḟus, i n-a raiḃ curaiḋeaċt déanta fad ó ṡoin, agus is dóiċe gur fá'n am so a rinneaḋ í.

Roinnte idir. [2] Préataí, fataí.

6. Ní raiḃ na crainn ag fás ċom tiuġ ar ḃarraiḃ na gcnoc; ní raiḃ tiormuġaḋ le déanaṁ ar na háiteaċaiḃ árda so, agus ḃí fásgaḋ na gcoill ṫart timċioll aca, agus ar an áḋḃar sin d'ḟásfaḋ bárr 'san aimsir sin i n-áiteaċaiḃ naċ ḃfásfaḋ sé anois. Níor ḃ'ḟurus treaḃaḋ nó fuirseaḋ a ḋéanaṁ i mórán de na háiteaċaiḃ sléiḃteaṁla so, mar tá fánaḋ ro-ṁór aca, agus ar an aḋḃar sin féadamaid a ḃeiṫ cinnte gur le spáid a roṁruiġeaḋ iad. Do réir an níḋ adeir Plinius, ḃí sliġe ṫreaḃṫa i n-a aimsir féin ag ár ngaolṫaiḃ ṫall 'sa Ḟrainnc, agus is dóiċe go raiḃ an tsliġe ċéadna, nó sliġe cosaṁail léi, aca i nÉirinn fá'n am sin, aċt ní'l cinnteaċt ar biṫ againn air seo.

7. Is follus dúinn ar aon ċaoi, ó na mion-ranntaiḃ a tugaḋ ar Éirinn insan tsean-aimsir go raiḃ seisreaċa aca. Innistear dúinn go raiḃ oċt dtríoċa déag 'san Ṁiḋe; tríoċa baile 'san tríoċa céad díoḃ; ḋá ṡeisriġ ḋéag 'san ḃaile, agus trí fiċid acra 'san tseisriġ. Ḃí na cúigiḋeaċa eile rannta ar an dóiġ ċéadna. Ḃí oċt gcéad agus deiċ míle seisreaċ i gConnaċtaiḃ; trí fiċid, naoi gcéad agus ḋá ṁíle ḋéag seisreaċ i gcúigeaḋ Ulaḋ; trí fiċid agus céad agus aon ṁíle ḋéag seisreaċ i Laiġnib; ḋá ċéad déag agus ceiṫre míle ar ḟiċead seisreaċ 'san Ṁumain.

8. Is furus aiṫne as so go raiḃ céaċtaí seisreaċ aca i nÉirinn tá fada riaṁ ó ṡoin; aċt is cinnte gur d'aḋmad a ḃí siad déanta, agus ní'l sé aċt tamall goirid ó ṡoin ó ḃí na céaċtaí aḋmaid coitċeannta go leór 'sa tír seo, aċt ḃíoḋ soc iarainn orṫa.

Is éigean a ráḋ gur seisreaċ sé ngearrán a ḃí insna ranntaiḃ a ḃí aca i nÉirinn, ar ar ṫráċtamar ar ball.

5. Curaiḋeaċt = curadóireaċt.
8. Ar ball = ó ċianaiḃ, tá tamall beag ó ṡoin.

XI.—Bán-ċnuic Éireann Ó!

Síolraċ, síol, race, progeny.
Sáṁ-ċruit, a gentle, pleasant harp.
Cás, affliction.
Caoin-ċnuic, (the) beautiful hills.
Díoġa gaċ sléiḃe, the worst of every mountain, even the barrenest mountain.
Maoilinn, *dat.* of maoileann, bare hill-top.
Gasraḋ, youths, young men.
Fear-ċoin, manly heroes (*lit.* man-hounds).
Groiḋe, splendid, puissant.
Naċ claoiḋfeaḋ céadta, whom hundreds would not subdue.
Aċtuirse, great grief or sadness.
Galla-ḃuic = Gall-ḃuic, English bucks, English men.
Muar = mór, great.
Cruaċa, ricks, hills.
A gcuid meala 'gus uaċtair, their honey and cream.
'Na slaodaiḃ, in (their) heaps, in swaths.
Geaṁar, corn-grass, corn in the blade.
Cuṁarta, fragrant.
Biolar, water-cress.
Saṁaḋ, sorrel.
Ag brúċt, bursting.
Osgailteaċ, open-handed, hospitable.
Toraḋ na sláinte, the fruit of health, "the bread of life."
Déise, *gen.* of dias, an ear of corn.
Géimneaċ, lowing of cows.
Taitneaṁ, brightness, shining.

I.

Beir beannaċt óm' ċroiḋe go tír na hÉireann,
Bán-ċnuic Éireann Ó!
'S ċum a maireann de ḟíolraċ Ír is Éiḃir
Ar ḃán-ċnuic Éireann Ó!
An áit úd 'n-ar ḃ'aoiḃinn binn-ġuṫ éan,
Mar ṡáṁ-ċruit ċaoin ag caoineaḋ Gaeḋeal;
'Sé mo ċás a ḃeiṫ míle míle i gcéin
Ó ḃán-ċnuic Éireann Ó!

II.

Bíonn barra bog slím ar ċaoin-ċnuic Éireann,
    Bán-ċnuic Éireann Ó!
'S is fearra 'ná'n tír seo díoġa gaċ sléiḃe ann,
    Bán-ċnuic Éireann Ó!
Dob' árd a coillte 's ba díreaċ réiḋ,
'S a mbláṫ mar aol ar ṁaoilinn géag;
Tá gráḋ agam' ċroiḋe im' intinn féin
    Do ḃán-ċnuic Éireann Ó!

III.

Tá garraḋ líonṁar i dtír na hÉireann;
    Bán-ċnuic Éireann Ó!
Is fearra-ċoin ġroiḋe naċ claoiḋfeaḋ céadta
    Ar ḃán-ċnuic Éireann Ó!
M' aṫtuirse croiḋe 's mo ċuiṁne sgéal,
Iad ag Galla-ṗuic síos fá ġreim, mo léan!
'S a mbailte dá roinn fá ċíos go daor,
    Ar ḃán-ċnuic Éireann Ó!

IV.

Is fairsing 's is muar iad cruaċa na hÉireann,
    Bán-ċnuic Éireann Ó!
A gcuid meala 'gus uaċtair ag gluaiseaċt 'na slaodaiḃ
    Ar ḃán-ċnuic Éireann Ó!
Ó, raċad-sa ar cuairt, nó is luaṫ mo ṡaoġal,
Do'n talaṁ mín suairc is dual do Ġaeḋeal,
'S go mb'ḟearra liom 'ná duais, dá uaisleaċt é,
    Beiṫ ar ḃán-ċnuic Éireann Ó!

V.

Sgaipeann an drúċt ar ġeaṁar is féar ann,
    Ar ḃán-ċnuic Éireann Ó!
Is fásaid uḃla cuṁarta ar ġéagaiḃ ann,
    Ar ḃán-ċnuic Éireann Ó!
Bíonn biolar agus samaḋ ann i ngleanntaiḃ ceoiġ,
'S na sroṫa 'san tsaṁraḋ ag labairt um neoin,
Uisge na Siuire ag brúċt 'na ṡlóġaiḃ
    Cois bán-ċnoc Éireann Ó!

VI.

Is osgailteaċ fáilteaċ an áit sin Éire,
  Bán-ċnuic Éireann Ó!
Bíonn toraḋ na sláinte i mbárr na déise,
  I mbán-ċnuic Éireann Ó!
Ba ḃinne liom 'ná méara ar ṫéadaiḃ ceoil
Seinm agus géimreaċ a laoġ is a mbó,
Taitneaṁ na gréine orṫa, aosda is óg,
  Ar ḃán-ċnuic Éireann Ó!

Donnċaḋ Ruaḋ Mac Conmara cct.

I. mo ċás = mo ċuṁa, mo léan, &c.
II. barra = barr, top, summit.
fearra = fearr, better.
agam' = ag mo.
III. gasraḋ = laoċraḋ, curaḋa.
m'aṫtuirse = mo léan géar, mo ċiaċ cráiḋte, &c.
IV. Raċad-sa = raġad-sa, raġaiḋ mé, raċaiḋ mise.
V. Um neoin = ar neoin, 'sa tráṫnóna, um ṫráṫnóna, tráṫnóna.
Ag brúċt = ag brúċtaiġ.
VI. Osgailteaċ = fosgailteaċ, .i. fairsing, flaiṫeaṁail.
géimreaċ = géimneaċ.
Taitneaṁ = deallraḋ, soillse, soillsiuġaḋ.

XII.—An Beiṫiḋeaċ is Úsáidiġe.

Cuid II.

Loiġṫe, consumed.
Ionbaiḋ cainte, time for talking.
Eallaċ, *m.*, stock.
An ṁaiṫ a ċinneas orm, the good I cannot help.
Caimiléaraċt, *gen.* -a, crooked tricks.

1. "Ní dóiġ go réiḋteoċaiḋ tusa an cás eadrainn," ars' an capall leis an gcat, "agus a bhfuil de ṁaoiḋeaṁ agat as do ṡaoṫar féin."

"M'anam go mb'ḟurusta do ċás-sa 'á réiḋteaċ," ars' an cat, agus é ag meaṁaiġil, "dá mbeaḋ gan aon

ċoirce a ḃeiṫ le faġáil indiu agat ar do ḃéile, naċ mbeaḋ íoiġṫe ag na luċain."

2. "Féaċaiḋ anuas an madaḋ agus é ag taṁṫann," ars' an ċaora. "Tá sé in' am agam-sa a ḃeiṫ ag imṫeaċt."

"Fan mar táir," ars' an capall, "ní ḃacfaiḋ sé leat. Gaḃ i leiṫ," ar seisean leis an madaḋ.

3. D'innis gaċ éinneaċ aca a sgéal féin do'n ṁadaḋ.

"Níl aon ionḃaiḋ cainte agam liḃ," ars' an madaḋ. "Tá deifir orm ċun mo ḃéile. 'Sé an áit a raiḃ mé, ó ġeal an lá indiu, ṫuas 'sa gcnoc ag cruinniuġaḋ caoraċ. Tá dá ċaoiriġ naċ ḃfuaramar, agus, ċoṁ luaṫ agus ḃéas mo ḃéile caiṫte agam, caiṫfeamaid a ḋul ċun an ċnuic arís ar a dtóir. Is orm-sa atá cúram eallaiġ na feilme uilig, agus tuigfiḋ siḃ go ḃfuil mo ḟáiṫ ar m'aire seaċ agus a ḃeiṫ ag caint liḃ-se annseo."

4. Nuair a ḃí an madaḋ imṫiġṫe, ċualadar asal ag géimniġ, agus é ag déanaṁ ċuca. D'innis gaċ éinneaċ aca a sgéal do'n asal.

"Tá mé féin ċoṁ húsáideaċ le ceaċtar agaiḃ-se," ars' an t-asal.

"Cé an t-uġdar atá tú a ṫaḃairt leis sin?" ars' an ḃó.

5. "Tá," ars' an t-asal, "go ḃfuil an duine do mo ċoṫuġaḋ go maiṫ le féar agus le coirce; agus 'measann siḃ go mbeaḋ sé ċoṁ díṫcéillíḋe agus go ndéanfaḋ sé sin, dá ḃféadaḋ sé déanaṁ dom' ḟoireasḃaiḋ?"

6. "Mairg a d'ḟágfaḋ a ċás ar ḃreiṫeaṁnas asail," arsa guṫ ó'n taoḃ eile de'n ṁóta.

"Cé ṫusa atá annsin?" a duḃradar uilig.

"Tá mise," ars' an sionnaċ, agus aniar leis de léim ṫar an móta ċuca. D'innis gaċ éinneaċ aca a sgéal do'n tsionnaċ.

7. "'Ṫoraḋ díḃ, a amadána," ars' an sionnaċ, "an iomarca maiṫeasa atá siḃ a ḋéanaṁ! Ní ḋéanaim-se maiṫ ar biṫ do'n duine, aċt an maiṫ a ċinneas orm, agus tugann sé suas dam gur agam is mó atá ciall, agus gur mé is glice."

8. Ṫosuiġ an t-asal ag gáire.

"Cad ċuige a bfuil tú ag gáire?" ars' an sionnaċ.

"Tá," ars' an t-asal, "go mbeirtear ar an sionnaċ ar deireaḋ, dá ḟad dá dtéiḋeann sé le n-a ċuid caimiléaraċta."

1. Íoiġṫe = iṫte, caiṫte.

3. Uiliġ = uile go léir, uile. Seaċ agus = seaċ is, seaċ, seaċas, seoċas, i bfarraḋ agus, i bfarraḋ 's.

4. Cé an t-uġdar = caidé 'n t-uġdarċás.

8. Caimiléaraċta = goiṫí, ciminí, cleas.

XIII.—Gabáil Ċloinne Neiṁiḋ.

Ceistniuġaḋ, ceasnuġaḋ, ceistiuġaḋ, questioning.
Cluinimíd, cloisimíd, we hear.
Sgiṫia, Scythia, now Tartary.
Taoiseaċ, a chieftain.
Oileán Toraiġe, Tory Island.
Maċtnaṁ, pondering.
Comrac, caṫ, troid, fight.
Bunuḋas, the greater part.
Taoide, taoideaḋ, taoille, tide.
Daoirse, tráilleaċt, sglábaiḋeaċt, slavery, bondage.

1. "A Ḋiarmaid," ars' an Maiġistir, "bís féin agus Seán Ó Conaill dom' ċeistniuġaḋ an ló fá ḋeireaḋ i dtaoḃ na ndaoine a fuair seilḃ na hÉireann ar dtúis. Is cuiṁin liḃ gur innseas sgéal daoiḃ ar ṫeaċt Ṗárṫalóin is a ṁuinntire.

Bí Éire 'n-a fásaċ ar feaḋ deiċ mbliaḋna fiċead d'éis ṁuinntire Ṗárṫalóin d'ḟaġáil báis de'n ṗláiġ. Ní raiḃ duine ar biṫ 'n-a ċoṁnuiḋe innti. I gceann na haimsire sin ṫáinig Clann Neiṁiḋ, ó ṗáirt de'n Ária ar a dtugtaoi Sgiṫia. Ṫángadar súd an bealaċ céadna i dtáinig Párṫalón ar a ṫeaċt go hÉirinn. Do bí ceiṫre longa déag ar ḟiċid ag Neiṁeaḋ, agus bí os cionn míle pearsa ar a ṡluaġ.

2. I n-aimsir Ċloinne Neiṁiḋ do ḃeiṫ i seilḃ na hÉireann is eaḋ ċluinimíd an ċéad tráċt ar na Foṁórċaiḃ. Deir na húġdair gur cuid de ṡlioċt Ċaim na Foṁóraiġ seo. Do ċaiṫidís formór a n-aimsire ar an ḃfairrge. Ṫángadar ar teiċeaḋ roiṁ ṡlioċt Ṡeim ó'n Afraic go hÉirinn. Aċt is cosṁail go dtáinig cuid aca ó Ṡasana, ó uaċtar na hAlban, ó na hoileánaiḃ, is, b'ḟéidir, ó Loċlainn féin. Ba ġnáṫ leó ḃeiṫ ag déanaṁ fogla is ag creaċaḋ i ngaċ tír d'á dtéidís ann. Bíoḋ a luingeas ar an ḃfairrge aca i gcóṁnuiḋe, agus nuair do ḃuaiḋṫiḋe orṫa i gcaṫ ní ḃíoḋ le déanaṁ aca aċt dul ar bórd luinge agus imṫeaċt leó ar an ḃfairrge amaċ.

3. Ní raiḃ muinntir Neiṁiḋ i ḃfad i nÉirinn nuair ṫáinig an ċéad dream de na Foṁórċaiḃ ag déanaṁ gaḃála orṫa. Do ḃí an lá le muinntir Neiṁiḋ ar dtúis: Do ḃriseadar fó ṫrí ar na Foṁórċaiḃ, agus do marḃaḋ beirt de na taoiseaċaiḃ do b'ḟearr a ḃí orṫa. Ní raiḃ aon raṫ ar ṁuinntir Neiṁiḋ as soin amaċ. Do ḃuaiḋ na Foṁóraiġ orṫa i ngaċ caṫ, agus ċuireadar fir Éireann go léir fá ṫrom-ċíos."

4. "Caidé an sórt cíosa a ḃíoḋ aca ar ṁuinntir na hÉireann, a Ṁaiġistir?" arsa Seán Ó Conaill.

"Is dóċa go mbíoḋ sé cosṁail leis an gcíos íoċtar anois?" arsa Diarmaid Ó Séaġḋa.

"Is maiṫ liom gur ċuireaḃair an ceist sin orm; cuireann sé i n-uṁail dam go ḃfuil siḃ ag taḃairt toraiḋ ar mo ċaint is ag déanaṁ maċtnaiṁ dóiḃ féin ar an gceist."

5. Ní cíosa de'n ċineál atá ann anois a ḃíoḋ ann an uair úd. An rud ar a dtugtar 'airgead' anois ní ḃíoḋ sé aca, ná eólus aca air. Aċt do ḃí ba agus capaill, arḃar agus min, plúr agus im aca. Is cuid díoḃ so do b'éigean dóiḃ a ṫaḃairt do na Foṁórċaiḃ.

6. Do ḃí fear ar na Foṁórċaiḃ d'ar b'ainm dó Conaing. Taoiseaċ orṫa do b'eaḋ é agus ḃí cuṁaċt mór aige. Do ċóṁnuiġ Conaing seo i dtúr nó i ndún daingean láidir i nOileán Toraiġe ar an dtaoḃ ṫíos de Ċonntae Ḋúin na nGall. Túr Conaing dob' ainm do'n

dún úd. Do ḃíoḋ an fear so i gcoṁnuiḋe ag méaduġaḋ cíosa agus cána ar ṁuinntir na hÉireann. Ní raiḃ leiġeas aca air. B'éigean dóiḃ na trom-ċíosa a ḋíol nó do cuirfiḋe ċun báis iad.

7. D'ḟuiling muinntir na hÉireann an daoirse seo ar feaḋ mórán bliaḋanta. Aċt nuair do ḃíṫí ag dul ró-ḋian orṫa, do ġaḃ fearg iad agus duḃradar leó féin gur ṁiṫid dóiḃ stad a ċur le gnó Ċonaing. Ṫáinig a dtaoisiġ i bfoċair a céile ċun coṁairle a ḋéanaṁ.

Do ċuadar fá ḋéin árus Ċonaing, deiċ míle fiċead fear ar talaṁ agus an oiread céadna ar muir. D'éirig leó go maiṫ. Do marḃaḋ Conaing 'san gcoṁrac. Do gaḃaḋ seilḃ Oileáin Ṫoraiġe agus do leagaḋ Túr Ċonaing.

8. Annsoin do ḃí Clanna Neiṁiḋ saor ó ṡraṫannaiḃ ar feaḋ tamaill, agus iad go socair sásta, gan cíos ná sraiṫ orṫa. Aċt d'imṫiġ Morc, dearḃráṫair Ċonaing, saor ó'n gcaṫ. Do ḃailiġ sé sluaġ eile Foṁórac, agus do ṫug leis go hÉirinn iad. Do casaḋ ar a ċéile iad féin agus muinntir Neiṁiḋ ar ṫráiġ Oileáin Ṫoraiġe. Do cailleaḋ bunuḋas a raiḃ ar gaċ taoḃ insan gcaṫ úd; an méid nár marḃaḋ ann do báiḋeaḋ iad nuair ḃí an taoide ag líonaḋ. Níor éaluiġ de ṁuinntir Neiṁiḋ as an áit aċt triúr taoiseaċ, agus deiċneaḃar is fiċe dá dtréan-fearaiḃ.

9. Do ḃí buaiḋte ag na Foṁóraiḃ ar Ċloinn Neiṁiḋ. Do cuireaḋ ar bun an trom-ċíos agus an daoirse arís. I gcionn seaċt mbliaḋan 'n-a ḋiaiḋ sin d'imṫig an triúr taoiseaċ de ṁuinntir Neiṁiḋ as Éirinn agus ṫugadar leó sluaġ líonṁar. Níor ṁaiṫ leó fanaṁaint fá ḋaoirse na bFoṁórac.

2. Furṁór a n-aimsire = bunuḋas a n-ama.
4. íoċtar = díoltar.
7. Do ġaḃ fearg iad = ġlac siad corruiḋe.
8. Ṡraṫannaiḃ = íocannaiḃ, cíosannaiḃ. Sraiṫ = íoc, cíos bunuḋas = furṁór, urṁór. Taoide = taoille, taoideaḋ, tuile.

XIV.—Neiṁeaḋ.

Sgíṫ, wearied out, exhausted, destroyed.
Leaċt, tomb.
Gá, cá, cia, what.
Anall, from yonder, from foreign parts.
Gó, bréag, a falsehood, an untruth.
É do ċuir, it is he who fought it, he it is who won it.
Caṫ Murbuilg, the battle of Murbholg, *i.e.* Murlough, in Co. Antrim.
Sguir, he ceased.
Dúr, fierce, obstinate.
Do bí anall, which was from of old, which happened long ago.
Cnis, skins, flesh; *pl.* of cneas.

I.

Do ḃris Neiṁeaḋ—niaṁḋa a neart
(Do sáiṫeaḋ a leaċt, dar leam);
Gann agus Geanann dá ġreis,
Do ṫuit siad leis, ceann i gceann.

II.

Geanann le Neiṁeaḋ ba sgíṫ;
A leaċt sríṫ, gá leaċt is mó?
Le Starn ṁac Neiṁeaḋ anall
Do ṫuit Gann, agus ní gó.

III.

Caṫ Murbuilg, é do ċuir;
Nó gur sguir is é ba dúr;
Do buaḋaḋ le Neiṁeaḋ na n-arm,
Gé go dtáinig Starn ar gcúl.

IV.

Le caṫ Ċnáṁrois do bí anall
Is mór ann do ciorrbaḋ cnis;
An túr lobcán do ṫuit ann,
Gé gurb ann ar Ġann do ḃris.

I. Do sáiṫeaḋ = do sásuiġeaḋ, was sated.
Dar leam = dar liom, methinks.
Ġreis = ruaṫar, ionnsaiġe, foġa, attack, onset, sally.

Ceann i gceann = diaiḋ i ndiaiḋ (diaiḋ ar ndiaiḋ), bonn re bonn head into head, *i.e.* one after another.

II. Sgíṫ = traoċta, tearsgarṫa, 'na ċrannra; geanann le neiṁiḋ ba sgíṫ = bí geanann 'na ċrannra ag neiṁiḋ, traoċta ag neiṁiḋ.
Sríṫ = suarṫar .i. do tógaḋ, do rinneaḋ, was built.

III. Ar gcúl = i n-éag, i n-éagaiḃ, d'éag.

IV. Do ciorrḃaḋ = do leadraḋ, do gearraḋ.
Do ḃris = fuair sé an ḃuaiḋ, fuair sé an láṁ uaċtair, do ċuaiḋ aige, he overcame, he defeated.

XV.—Na hÉisg.

Cuid I.

Saṁlaċáin, maeḋrí, spruit, sprats.
Iomáin, brown trout.
Róistiġ, roaches.
Alltraċa, cliffs.
Fionnfaḋ, hair or fur of an animal.
Lanna, scales.
Naċ deireaḋ ar biṫ ar na hiasgaiḃ ag snáṁ iad, they do not delay the fish in swimming.
Deilgne, thorns.
Eite droma, dorsal fin.
Deaċar, idirḋealugaḋ, deifriugaḋ, difference.
Meaṫ-ṫe, breac-ṫe, warm, lukewarm.

---

1. Tá na céadta cineál éisg ann. Tá an fairrge beó leó. Tagann cuid áiriġṫe aníos ar na loċannaiḃ agus ar na haiḃneaċaiḃ, agus as sin ar na sruṫánaiḃ beaga. Áit i mbíonn sruṫáin ḃeaga ag teaċt anuas as barraiḃ na gcnoc, is iomḋa uair a ġeoḃṫá saṁlaċáin ṁaiṫe leaṫ bealaiġ suas go barr.

2. Faiġtear iomáin ḃeaga agus róistiġ corr-uair ar loċán i mbarr cnuic. Baḋ doiliġ do ḃreac ar biṫ snáṁ i n-aġaiḋ easa agus suas alltraċa, naċ ḃféadfaḋ tada a ḋul ann aċt an t-éan. Is deacair a ṫuigsint cé an ċaoi

a ḃféadfaḋ na bric a ḋul ar na loċánaiḃ i mbarraiḃ na gcnoc, munab eaḋ gur daoine a ċuirfeaḋ ann ar dtús iad.

3. Ní ḟásann gruag nó fionnfaḋ ar na hiasgaiḃ. Lanna a ḃíos orṫa i n-áit fionnfaiḋ. Is fearr a ḟeilfeas na lanna dóiḃ ná folaċ ar biṫ eile. Bíonn na lanna dlúiṫ le n-a gcroiceann, agus tá siad ċoṁ sleaṁain sin, agus naċ deireaḋ ar biṫ ar na hiasgaiḃ ag snáṁ iad. Tá téagar do'n ḃreac freisin ins na lannaiḃ; ní leigeann siad do'n uisge ḟuar breiṫ ar a ċroiceann. Tá cuid de na hiasgaiḃ a mbíonn deilgne fada géara i n-a n-eite droma, agus cosnann na deilgne ó iasgaiḃ eile iad.

4. Ní ḃíonn láṁ ná cos ar an mbreac. Aċt bíonn ceiṫre cinn de eiteaċaiḃ faoi i n-áit na gceiṫre gcos. Is leis na heiteaċaiḃ agus leis an earrball a ṡnáṁann sé ṫríd an uisge.

5. Tá cuid de na hiasgaiḃ a dtigeann leo snáṁ an-luaṫ. Ḃí uġdar éigin adubairt gur luaiṫe na héisg ag dul ṫríd an uisge ná na héin ag imṫeaċt 'san aer, aċt ní fíor é. Is luaiṫe go mór na héin. Dá mbeaḋ fiaḋaċ agat ar ḃradán, agus go mbeaḋ sé ag iarraiḋ imṫeaċt uait, is luaiṫe a d'ḟéadfá-sa riṫ ar an mbruaċ ná d'ḟéadfaḋ an bradán imṫeaċt 'san uisge. Ní'l coisiḋe ar biṫ dá ḟeabas a ċoinneoċaḋ le héan. Deirtear go ḃfuil cuid de iasgaiḃ na fairrge a ċoinneoċaḋ le luing agus í ag imṫeaċt faoi lán-tsiuḃal.

6. Ní ḟéadfaḋ beiṫiḋiġ na talṁan maireaċtáil faoi uisge, mar ṁaireas na héisg. Is gearr a ḃeaḋ beiṫiḋiġ na talṁan faoi uisge go bplúċtaoi d'ḟoireasḃaiḋ anála iad. Ar an nós céadna, dá dtógtaoi aníos breac as an uisge, ní ṁairfeaḋ sé i ḃfad beo. Tá an t-uisge ċoṁ riaċtanaċ ag an mbreac agus tá an t-aer ag beiṫiḋiġiḃ na talṁan.

7. Tá fuil agus croiḋe ins an iasg mar tá ins gaċ uile ḃeiṫiḋeaċ. Tá deaċar mór idir ḟuil an éisg agus fuil an ḃeiṫiḋiġ talṁan. Bíonn fuil an éisg fuar, agus do réir teasa an uisge, téiṫeann sí agus fuaruiġeann sí.

Bíonn fuil na mbeiṫiḋeaċ talṁan meaṫ-ṫe i gcoṁnuiḋe, agus coinniġeann sí ar aon teas aṁáin i riṫ na bliaḋna.

1. beó leó = beó ḋíoḃ. Aiḃneaċaiḃ = aiḃniḃ.

3. Ḟeilfeas = oirfeas, oirfiḋ, ḟóirfeas; farfas. Fionnfaḋ = fionnaḋ, fionnṫaċ. Deireaḋ = bac, bacáil, bacaḋ.

4. Eiteaċa = eiṫí.

6. bplúċtaoi = múċtaoi.

7. Deaċar = deifir, difir, deifriḋeaċt. Meaṫ-ṫe = breac-ṫe, leaṫ-ṫe.

XVI.—COGAR NA nAINGEAL.

Bab, naoiḋe, naoiḋean, babe, baby.
Go suanṁar, in repose, asleep.
Go gruaiḋ-ḟliuċ, with tearful cheek.
Go diacrac, fierce, terrific.
Gan dúsgaḋ, gan dúiseaċt, not awake.
Ag úrnaiḋe, ag paidreoireaċt, ag guiḋe, praying.
Do ċlaonaḋ, she was bending.
Is ró-áil liom, it is most pleasant to me.
Folaireaṁ, notice, warning.
Ag ciúin-ċaint, talking gently.
Lem' rún, to my love, to my darling.
Dual, natural.
Lonnraċ, bright.
Ait, pleasant; gur b'aite leat, that you would feel more pleasant, that you would prefer.
Go ndíonfaidís, that they should protect.
'Na ṡláinte, in his health = alive and well, safe and sound.
D'ḟáisg leis, clasped to.
Bábán, naoiḋeanán, babe, baby, infant.
Lem' ṁaoin, with my treasure.

I.

Bí an bab beag go suanṁar,
'S an ṁáṫair go gruaiḋ-ḟliuċ:
Ḃí a céile 'bfad uaiṫi ar na tréan-tonnaiḃ baoġail;
Bí an gála go diacrac
Timċioll áruis an iasgaire,
Oċ! a Ḋiarmuid, a ġráḋ liom, tar ċugam arís.

II.

Ḃí an báb fós gan dúsgaḋ,
'S an ṁáṫair ag úrnaiḋe;
Do sméideaḋ 'na haġaiḋ nuair do ċlaonaḋ a glún;
Is ró-áil liom do ḟoláireaṁ,
Mar ċím go ḃfuil fáṫ leis,
Mar is dual d'ainglib gléigeala beiṫ ag ciúin-ċaint
lem' rún.

III.

Ó táid sin ċoṁ lonnraċ
Mar ḋíon os do ċionn-sa,
Ó, guiḋ ċuca liom-sa, a leinḃ mo ċroiḋe,
Agus abair gur ḃ'aite leat
Go ndíonfaidís t'aṫair duit,
Mar is dual d'ainglib gléigeala beiṫ ag ciúin-ċaint
lem' ṁaoin.

IV.

Go moċ ar n-a ḃáireaċ
D'ḟill Diarmuid 'na sláinte;
Agus ġuil sí le háṫas nuair ċonnaic sí é arís,
Agus d'ḟáisg le n-a croiḋe 'steaċ
A bábán le díograis,
A ġráḋ, is fíor aingil ġléigeala beiṫ ag ciúin-ċaint
lem' ṁaoin.

An tAṫair Doṁnall Ó Súilleaḃáin
do ċuir i nGaeḋilg as an mBéarla bunaiḋ.

XVII.—AN TEÓLUS IS RIAĊTANAĊ DO'N ḞEIR-MEOIR A ḂEIṪ AIGE.

Riaċtanaċ, necessary.
Ṁianaċ, nature, soil.
Leasuġaḋ, manuring.
Giollaċt, attention, service.
Breiṫeaṁnas, judgment.
Gaoṫaċ, gaoṫṁar, windy.
Gnoiṫe, gnó, business.
Cuibreann, gort, a field, tillage field.
Faic, dadaiḋ, casnaṁ, anything.
Fallsaċt, leisge, laziness.
Spadántas, spadántaċt, lethargy, indolence.
Míoċoṁṫrom, uneven, unfair.
Measadóirí, valuators.
Riaráiste, iaraga, arrears.
Coṁarsantaċt, coṁursnaċt, ceanntar, "neighbourhood," district.

1. Tá baraṁail coitċeann ag na daoiniḃ, go ndéanfaiḋ amadán ar biṫ feirmeoir maiṫ, aċt, ciḋ gur coitċeann, ní fíor é. Ní'l aon obair eile a ḃfuil sé níos riaċtanaiġe ag fear fios a ġnoiṫe a ḃeiṫ aige go maiṫ ná obair ḟeirmeoireaċta, má's mian leis tairbe ḃeiṫ aige de ḃarr a ċuid oibre.

2. Tá sé riaċtanaċ aige fios a ḃeiṫ aige ar ṁianaċ a ċuid talaiṁ; ar na barraiḃ a ḟóireas dó; ar an leasuġaḋ agus an ġiollaċt baḋ ċóir dó a ḟáġail; ar na cineálaiḃ síl is feárr dó a ċur, ar an am le n-a gcur; ar an ċineál aimsire is feárr fá n-a ċoinne seo; ar an ġiollaċt is riaċtanaċ dóiḃ a ḟaġáil i ndiaiḋ a gcurṫa; ar an am ċeart le n-a mbaint agus a gcur isteaċ i n-a sgioból nó a ġarrḋa, ní áiriġim céad rud eile.

3. I n-a ċuideaċta so uile caiṫfiḋ breiṫeaṁnas a ḃeiṫ aige 'san aimsir agus féaċaint roiṁe fá ċoṁair an lae i mbáraiġ, an maiṫ nó olc, fliuċ nó tirm, gaoṫaċ nó ciúin, a ṫuitfeas an lá amaċ.

Is éigean dó mar an gcéadna fios a ḃeiṫ aige fá na margaiḋiḃ agus caidé an t-am is feárr fá ċoinne díolta agus ceannaċta; fá'n ċineál eallaiġ a ḟóġnas

d'á ċuid talaiṁ agus an luaċ is cóir dó a ṫabairt orta; fá na haicídeaċaiḃ a ṫig orta agus an dóiġ le n-a léiġeas; fá'n luaċ baḋ ċeart a ġlacaḋ orta nuair atá sé d'á ndíol; fá ḋéanaṁ ime agus cáise agus fá ṁórán de neiṫiḃ a baineas le giollaċt na talṁan agus le teaċ agus áit do ċoingḃeáil.

4. Ní beag an méid seo aċt caiṫfiḋ an feirmeoir i ḃfad níos mó eóluis ná so a ḃeiṫ aige, má's mian leis a ġnoiṫe do ċur ċum tosaiġ mar is cóir. Is feasaċ do'n uile ḋuine a ṡiuḃlas tríd an tír naċ gcuireann cuid ṁór de na feirmeoiriḃ mórán suime 'n-a gcuid oibre agus gur minic a ġníos siad faillíġe i n-a ngnoiṫe.

I mórán de áiteaċaiḃ suiḋeann siad síos i riṫ an ġeiṁriḋ go socair suaiṁneaċ, gan díoga ná claiḋe ná clais a ḋéanaṁ, ná cuiḃreann a leasuġaḋ. Féadaim a ráḋ go ḃfuil cuid aca naċ ndéin faic oibre ó Lá Samna go dtí an ċéad lá de'n Aibreán, 'sé sin le ráḋ, ar feaḋ ċúig ṁí de'n ḃliaḋain.

5. Is olc agus is ró-olc an cleaċtaḋ é so, agus baḋ ċóir é do ḋíbirt as ár dtír ċom luaṫ agus is féidir é. Is cóir do ġaċ duine a ḃfuil sé i n-a ċumas é a ḋéanaṁ deireaḋ do ċur leis an ġnás ḋíoġḃálaċ so. Feirmeoir naċ ndéanann saoṫar insan ġeiṁreaḋ, ní féidir dó súil a ḃeiṫ aige le bárr maiṫ 'san ḟoġṁar. "Aċt caidé ṫig linn a ḋéanaṁ 'sa ġeiṁreaḋ?" adéarfas cuid de na feirmeoiríḃ so leat, má ġeiḃ tú loċt ar an ḟallsaċt agus ar an spadántas a ċoingḃiġeas iad ó ḃeiṫ ag obair.

Tá dá ḟiċead bliaḋain ó soin ḃí freagra níos fearr aca ná ceist mar so a ċur ort: déarfaḋ siad leat, agus, mo ṫruaiġe, ḃí an ḟírinne aca, "má ġním-se saoṫar le mo ċuid talaiṁ, cuirfiḋ an tiġearna tuilleaḋ cíosa orm," agus ní ṫiocfaḋ le aonduine cur i n-a aġaiḋ so. Sin é an fáṫ a ḃfuil na feirmeóirí anois ag cleaċtaḋ na fallsaċta mar atáid.

6. 'Siad na droċ-ḋliġṫe, agus go háiriġṫe droċ-ḋliġṫe na talṁan, a ḃí againn insan tír so le trí ċéad bliaḋan, is cionntaċ leis agus ní furus éiriġe as droċ-

ċleaċtaḋ nó ar ḋroċ-ġnás. Anois féin, nuair atá an cíos d'á laġduġaḋ, deir na feirmeoirí, agus ní gan fáċ, guraḃ iad na daoine do ġeiḃ an laigse is feárr, na daoine naċ ndearna saoṫar 'san am a ċuaiḋ ṫart ar a gcuid talaiṁ.

Is cinnte naċ ḃfuil na dliġṫe talṁan atá againn anois féin gan loċt. Is míoċoṁṫrom an cíos a ċuireas na measadóirí ar na gaḃáltasaiḃ, mar is feasaċ do'n uile ḋuine a ḃeireas fá deara mar ġníḋ siad leis na feirmeoiriḃ ó n-a gcoṁarsantaċt féin, ins na cúirtiḃ talṁan, 'sé sin, an fear a d'oibriġ a ċuid talaiṁ go maiṫ díċeallaċ, is air is truime ḟágas siad cíos. Tá mórán mór de na feirmeoiriḃ naċ dtig leó ḋul sa gcúirt fá n-a gcuid talaiṁ, mar tá riaráiste orṫa naċ féidir leó a íoc; agus ní ceart cead a ḃeiṫ ag an ċúirt cíos do ċur ar ḋuine ar biṫ de ṡiocair a ṡaoṫair féin.

7. Mar so féin, tá an ḃuntáiste ag an té oibriġeas a ċuid talaiṁ go maiṫ agus ag an duine is mó ġlacas saoṫar leis, agus, ar an aḋḃar sin, tá sé d'ḟiaċaiḃ orainn uile na droċ-ċleaċṫa atá i n-ár measg a ḋíbirt, agus na tailte a leasuġaḋ agus a ḟeaḃasuġaḋ ċoṁ maiṫ agus is féidir linn. Is fearr sompla ná coṁairle agus, ar an aḋḃar sin, is ceart do na feirmeoiriḃ a ḃfuil eólus a ngnoiṫe go cruinn aca sompla maiṫ a ṫaḃairt d'á gcoṁursanaiḃ.

2. giollaċt = giollaiḋeaċt.

XVIII.—AN FEIRMEOIR GAEDHEALACH.

Treabhfad, I shall plough.
Rómharfad, I shall dig.
Go héasgaidh, cheerily, quickly and handily.
Londubh, male blackbird.
Ag síor-sheinm, always singing.
Síol-chur, setting of seed.
Claoite, distressed, in distress or poverty.
Blaiseadh, blas, tasting.
Béile, cuid, proinn, a meal.
Sáile, lear, fairrge, sea.
Céachta, plough.
Bráca, harrow.
Máchaill; stain, defect.
Sgafaire, fine-looking fellow.
Punann, a sheaf.
Do fúsgadh, to squeeze.
Meitheal, a band of reapers.

I.

Treabhfad is rómharfad,
Is cuirfead an eórna
Is bainfead an fóghmhar go héasgaidh;
Beidh an londubh 's an smólach
Ag síor-sheinm cheoil dam
Ar maidin 's mé ag seóladh mo chaorach.

II.

A chómharsna mo chroidhe 'stigh,
Druididh aníos liom,
Agus geallaim-se dhaoibh-se nach bréag é,
Muna mbeadh síol-chur,
Go mbeimís-ne claoite,
Gan blaiseadh an bhídh ná béile.

III.

Tar sáile mar théidheas siad,
Ní rachad lem' ré ann;
Leanfad mo chéachta 's mo bhráca;
Beidh olann mo chaorach
Dá caitheamh mar éadach
'S nach geal bheas mo léine gan máchaill?

IV.

Gac sgafaire súgac
Cum punann do púrsgaḋ,
Agus meiṫeal dear ṁúinte do ḃréagaḋ,
Druidiḋís liúm-sa,
Go ndéanfamaoid cúntas,
Mar is duine gan amras de'n ṫréiḃ mé.

a ċóṁarsna = a ċóṁursana, a ċóṁursnaċa.
mo ḃráca = mo ċliaṫ fursta.
ḃear = ḃeiḋ.
máċaill = béim, ainim, oil, smál, smáilc, ball.
[Dá ċur i n-oireaṁaint do'n leabar so; b'é Tomás Ó hAodha fuair an bun-aṁrán i dTuaṫṁuṁain, f. "An Giobláċán," ll. 34-35.]

XIX.—Na hÉisg.

Cuid II.

Sgaṁóga, lungs.
Cion, share, portion.
Díoġa na fola, waste products of the blood.
Geolbaċ, a gill.
Bolg snáṁa, swim-bladder.
Sleaġ, a spear; *pl.* sleaġaċa.
Eangaċa, nets.
Gaibtear (pron. goitear), are caught.
Mogall, a mesh.
Aerġein, oxygen, vital air (aer beo).
Ar ġualainn, in comparison with.
Cuileoga, flies.
Eoċrasaċ, female fish.
Eoċrais, peas, eggs of a fish.
Aipeaċan, aibiuġaḋ, maturing.
Aipiġte, aibiġte, aibiḋ, apaiḋ, matured.
Sgeiṫ, to spawn.
Fior-ḃreac, male fish.

1. 'Sé an t-aer atá mar anáil ag beiṫiḋiġiḃ na talṁan. Is isteaċ ins na sgaṁógaiḃ a ṫéiḋeas an anál. Glacann an ḟuil a cion de'n aer úr a ṫéiḋeas isteaċ ins an sgaṁógaiḃ; agus caiṫtear cuid de ḋíoġa na fola amaċ

leis an anáil. Ní ṁairfeaḋ an beiṫiḋeaċ beó gan an aerġein as an aer úr a ḃeiṫ dá meascaḋ le n-a ċuid fola.

2. Níl na sgaṁóga ag an iasg le go dtarraingeoċaḋ sé anál mar ḃeiṫiḋiġiḃ na talṁan. Aċt foġnann an geolḃaċ agus an bolg snáṁa dó i n-áit na sgaṁóg. Dá seastá ar ḃruaċ aiḃne agus aṁarc a ḃeiṫ agat ar ḃreac i n-a luiġe, d'ḟeicfeá é mar ḃeaḋ sé ag tarraint a anála. D'ḟeicfeá é ag fosgailt a ġeolḃaiġ agus dá ḋúnaḋ; úruiġeann sé a ċuid fola mar sin leis an aer a ḃíos tríd an uisge.



Bradán agus breac geal.

3. Is iomḋa cineál éisg a ṫagas ar loċannaiḃ agus ar aiḃneaċaiḃ na hÉireann. Is iad na bradáin agus na bric ġeala agus na hiomáin an ċuid is mó a mbíonn tóir orṫa. Téiḋeann go leór daoine ag iasgaċ ar na loċannaiḃ agus ar na haiḃneaċaiḃ 'sa samraḋ. Sin é an uair a ḃíos an t-iasg i séasúr.

4. Is deas an rud tamall de lá a ċaiṫeaṁ ag iasgaċ le slait. Is deise an gléas iasgaireaċta an tslat ná an tsleaġ; aċt marḃtar go leór éisg le sleaġaċaiḃ laeṫeannta breaġa samraiḋ, nuair a ḃíos aṁarc maiṫ

ar na haiḃneaċaiḃ. Feictear na héisg i n-a luiġe ṫíos i dtóin an ṗuill. Lá báistiġe is fearr a oireas do'n tslait.

5. Is le heangaċaiḃ is mó a gaiḃtear éisg ar na loċannaiḃ. Ḃíonn na héisg ag imṫeaċt i n-a sgataiḃ 'san oiḋċe, ó áit go háit ar fud an loċa, agus téiḋeann siad i bfastóḋ ins na mogallaiḃ. Aċt ní héadáil ar biṫ gaċ a ngaiḃtear de iasg ar na loċannaiḃ ar ġualainn gaċ a ngaiḃtear as an bfairrge.

6. 'Sí an beaṫa a ḃíos ag na hiasgaiḃ gaċ a ḃféadann siad a ṡoláṫar de ṗéistiḃ ṫíos faoi'n bpoll, agus gaċ a ḃféadann siad breiṫ air de ṁioltógaiḃ agus de ċuileogaiḃ os cionn uisge. Sluigeann tuilleaḋ aca éisg beaga is luġa ná iad féin; agus, má ḃíonn ocras orṫa, iṫeann siad an ċuid óg dá gcineál féin, muna mbíḋ a ṁalairt le faġáil aca.

7. Ḃíonn an eoċrasaċ i séasúr fad agus ḃíos na heoċraiġ ag aipeaċan; nó go mbíḋ siad aipiġṫe le sgeiṫ. Ḃíonn an fíor-ḃreac i séasúr an t-am céadna. Dá dteagaḋ breac óg as gaċ uile ċeann de na heoċraiġiḃ, beaḋ uisgí an doṁain líonta le hiasg i n-imṫeaċt dá ḃliaḋain. Aċt iṫeann na bric eile an ċuid is mó de na heoċraiġiḃ agus cailltear tuilleaḋ aca. Ní ḃíonn ceann as an míle a dteagann breac as de na heoċraiġiḃ.

1. Ṫéiḋeas = ṫéiḋ; ṫéiḋeann. Aerġein = aer beo; cṁ. airgead beo, laige beo, ⁊rl.

2. D'feicfeá = do-ċífeá. Tarraint = tarraing; tarraċ.

4. Feictear = ċítear, 'tċítear.

5. Sgataiḃ = sgaoiṫtiḃ, sguaiṫníḃ. I bfastóḋ = i n-aċrann.

6. An beaṫa = an coṫuġaḋ. Muna mbíḋ = muna raiḃ (mur raḃ), mara mbeiḋ. Malairt = malrait, aṫraċ, aṫarraċ.

7. Aipeaċan = abuġaḋ. Teagaḋ = tigeaḋ.

XX.—Sgéiṁ Rinne na Feirsde.

Léiġeaḋ ar, to proclaim, make known.

Rinn na Feirsde, a point of land in Tullaghanbaun townland, in the parish of Kilcommon, Erris, Co. Mayo. There is a ferry thence to Ballycroy.

Eaċnas, Aughness, a townland to the east of Rinn na Feirsde, on the opposite side of the river-mouth.

Ó íoċtar, from the north.

Deallraḋ, refulgence, brightness.

Duiḃċean, darkness, dark sky.

Gairḃsíon, rough weather.

Faorṫann, long, coarse grass.

Tiḋeaċt, at the coming of, by, against.

Mí Meaḋóin, June.

Na Feirsde, *gen.* of an Fearsad, the Ballycroy Ferry.

Míntiḃ, *dpl.* of mín, a bit of mountain pasture, a "misk."

Macnasaċ, sportive, frisky.

Ag reaṫa, running.

Círín, comb, little comb.

Cíbe, *gen.* of cíob, coarse grass.

Cairrḟiaḋ, hart, male deer.

Dígean = Gleann na Dígean, Glennadeegan, in Tarsaghaunmore townland, on the western side of the mountain Corsliabh, in Erris.

Ar ṁágannaiḃ, on plains.

Siamsaṁail, playful.

Míol ṁuiġe, hare.

Crosaċ, crotaċ, curlew.

Cearc ḟraoiċ, female grouse.

Síolṁar, prolific.

Ar a' tsnáṁ, on the wave.

Léar-nóta, a clear note (of music).

Innḃir, estuaries, river-mouths.

I dtarcuisne, in contempt, despised.

An sgoiṫ, the choicest, the most excellent.

Aḃainn Ċill-tSéine, Kilteany River = Owenmore River, in Erris, Co. Mayo; the old church of Kilteany is on its banks near its junction with the Munhin River.

Caeḃ, wave.

A ċeapaḋ, to stop or catch him.

I.

Is miṫid dam léiġeaḋ ar sgéiṁ Rinn' na Feirsde,
An taoḃ so de Eaċnas ó íoċtar.
Tig deallraḋ ó'n ġréin le séan ar maidin,
'S ní ṫéiḋeann ar ais go dtí'n oiḋċe.

Ní'l duibċean dá ṁéad ná pléasgaḋ ceaṫanna,
Is cuma cé'n taoḃ ag a séideaḋ an gairbḟíon,
Naċ ḃfuil fasgaḋ is féar le faġáil ag an eallaċ ann,
'S ní bréag naċ fada a ċuid faorṫainn.

II.

Tiḋeaċt na Mí Meaḋoin naċ breaġ dear an t-aṁarc,
A ḃeiṫ ar ḃruaċ na Feirsde gaċ taoḃ di,
An searraċ 's an laoġ ar na míntiḃ macnasaċ,
Is uain ag reaṫa le caoirċiḃ;
Tá'n coileaċ 'sa ḃfraoċ is a ċírín dearg,
An ċearc le n-a ṫaoiḃ i dtom cíbe is nead aici;
I mí na ḃFaoillí bíonn spíonáin abaiḋ ann,
Is ubla ag leagan na gcraoḃ ann.

III.

Tá'n cairrfiaḋ ó'n Dígean faoi n-a ċuid beanna
Go síorruiḋe ag feiṫeaṁ ar ṁáġannaiḃ;
Tá'n eilid 's a laoiġ go siamsaṁail macnasaċ
Sínte ar leabṫaċaiḃ fásaiġ;
Tá'n broc 's an míol ṁuiġe, an naosg 's an ḟeadóg ann,
Crosaċ, cearc fraoiċ, creaḃar caoċ agus laċain ann;
Tá na coiníní síolṁar líonṁar fairsing ann,
'S naċ aoiḃinn an eala ar a' snáṁ ann?

IV.

Tá'n traona i móinḟéar tráṫnóna is maidin ann,
'S go mór-ṁór i gcaiṫeaṁ na hoiḋċe;
De aoiḃneas na Fódla ceolta ag beaċaiḃ
Ag tógḃáil meala de ċraoḃaiḃ.
Tá cuaċa 'na slóiġtiḃ le ceó na maidne ann,
Ag seinm léar-nóta ceoil agus carṫannais;
An lon dub 's an smóilín le córus ag freagairt
Ar bórd na Feirsde go síorruiḋe.

V.

Tá innḃir na hÉirinn 'na ḋéiḋ i dtarcuisne,
'Sí seo an sgoiṫ leis an ḃfírinn,
Aḃainn Ċill-tSéine sgéiṁ gaċ glan-uisge
I mbéal an láin ṁara 'san oiḋċe.
Tá bradán an tséasúir ag éirġe ar ċarraig ann,
An breac ar a léim 'na ḋéiḋ go macnasaċ;
Ní'l iasg ar an gcaeḃ, dá ṁéad a ġradam,
Naċ féidir a ċeapaḋ le líon ann.

VI.

An fear a ṡiuḃail Éire le pléisiúr sealad,
Fuair spórt agus aiteas an tsaoġail seo,
Ceannṗuirt a' ġéim naċ féidir a ḃacaḋ
Ar féartaiḃ ag maiṫiḃ na tíre,
Is iomḋa sin sgéiṁ go géar a ḃreaṫnuiġ sé
Cois fairrge, sléiḃte, 'gus éadan maċairí,
'S gur'b é canaṁaint a ḃéil, eidir féar agus talaṁ,
Go ḃfuil réim leis an ḃfearsaid a ċoiḋċe.

Doiṁnic Ó Corgair cct.

[As Irisleaḃar na Gaeḋilge, Iml. II., U. 21, Ll. 277-279, aċt baineaḋ ceaṫraṁa II. as an leagaḋ atá ar an aṁrán i "nAṁráin Ġaeḋilge an Árṫair," I., Ll. 6-8.]

I. Deallraḋ = soillse, taitneaṁ.
Duiḃtean = duibeaċan, duibeagán.
A ċuid faorṫainn = a ċuid fíorṫainn.
II. Tiḋeaċt = teaċt, ċum.
Reaṫa = riṫ, ruiṫ.
Spíonáin = spíonóga, spriúnáin.
III. Beanna = aḋarca.
Feiṫeaṁ: "faire" (leagaḋ eile atá ar an áit seo).
Crosaċ, crotaċ = corr liúin.
IV. na Fódla = na hÉireann.
Córus = loinneog, glórṁaċ, crónán, curfá.
V. leis an ḃfírinn = leis an ḃfírinne.
An tséasúir = an tsaosúir.
Ar an gcaeḃ = ar an tuinn, ins an aḃainn.
A ċeapaḋ = a ċosg, a ġabáil.
VI. Ceannṗuirt = taoiseaċ, ceann.
A ḃreaṫnuiġ sé = a ċonnaic sé, do ḋearc sé, d'inḟiúċ sé.
Réim = buaiḋ, ró, barr.

XXI.—Gabáil Fear mBolg.

Líonṁaireaċt, state of being numerous; ag dul i líonṁaireaċt agus i dtreise, becoming more numerous and stronger (as a people or tribe).

Inḃear Sláinġe, the mouth of the Slaney River, at Wexford Harbour.

Tráċt Ruḋraiġe, the strand at Dundrum Bay, Co. Down.

I seilḃ a ġradaim, in possession of his dignity.

Maireaċtain, maireaċtáil, marṫain, to live.

Luċt aindliġe, lawless people.

Maġ Tuireaḋ, a plain in the parish of Kilmactranny, Co. Sligo.

1. Nuair a ḃí Clanna Neiṁiḋ ag fágáil Éireann, ar teiċeaḋ roiṁ ḋaoirse na bFoṁóraċ, do rinneadar trí ċuid dá sluaġ fá n-a dtriúr taoiseaċ. D'imṫiġ gaċ taoiseaċ díoḃ a ḃealaċ féin agus a ċuid féin de'n tsluaġ i n-éinfeaċt leis. Duine de na taoiseaċaiḃ úd do b'eaḋ Simeón Breac.

D'imṫiġ Simeón agus a ṡluaġ ar an bḟairrge ó ḋeas agus níor stadadar go ndeaċadar go'n nGréig. Do ċuireadar fúta ins an tír sin agus ba ġairid go rabadar ag dul i líonṁaireaċt agus i dtreise ann.

2. Nuair do ċonnaic na Gréagaiġ soin, do ċuireadar fá smaċt is fá ḋaoirse iad. Buḋ é obair a ḃíoḋ aca le déanaṁ gaċ lá an talaṁ a róṁar, an ċré a ṫógáil, is d'iomċur i mbolgaiḃ nó i málaiḃ leaṫair is í ċur ar ċairrgeaċaiḃ loma ċun talaṁ fóġanta a ḋéanaṁ. Fir Bolg is eaḋ ṫugtaoi orṫa, ó na bolgaiḃ, 'sé sin, ó na málaiḃ leaṫair a ḃíoḋ aca ag iomċur na cré, agus do lean an t-ainm sin dóiḃ riaṁ ó ṡoin.

3. Do ġoill daoirse na nGréagaċ go mór ar ṡliocht Simeóin. Níor ṁaiṫ leó go mbeidís i gcóṁnuiḋe ag cartaḋ cré agus dá hiomċur ar a nguailniḃ do ṁuinntir na Gréige. Do ḃí cúigear taoiseaċ dá muinntir féin os

a gcionn an uair úd 'san nGréig. Seo iad a n-ainmneaċa: Sláinġe, Ruḋraiġe, Gann, Geanann agus Seanġann. Cúigear dearḃráṫar buḋ eaḋ iad.

4. Ċuaiḋ an cúigear taoiseaċ so i gcoṁairle le n-a muinntir, agus socruiġ siad eatorṫa féin an Ġréag d'ḟágáil agus gan fanaṁaint innti níos fuide fá ḃroid na nGréagaċ. Nuair a ḃí socruiġṫe aca ar an gcoṁairle seo, do ḃailiġ gaċ duine aca míle fear dá ṁuinntir. Deir cuid de na huġdaraiḃ go ndearnadar barca de na málaiḃ leaṫair a ḃíoḋ aca ag iomċur na cré. Deir uġdair eile gurab aṁlaiḋ a ġoideadar luingeas Ríoġ na Gréige.

5. Cibé ar biṫ cuma ar a ḃfuaradar longa, d'ḟág cúig míle duine aca an Ġréag d'aon iarraċt aṁáin, agus stad ná cóṁnuiḋe ní ḋearnadar gur ṡroiċeadar Éire, fá n-a gcúigear taoiseaċ. Ṫángadar i dtír annso seaċt mbliaḋna déag ar ḋá ċéad tar éis teaċta do Neiṁiḋ go hÉirinn.

Ní i n-aon áit aṁáin a ṫángadar i dtír i nÉirinn, aċt do ṡroiċeadar go léir Éire an tseaċtṁain ċéadna, Sláinġe ag Inḃear Sláinġe i Loċ Garman, Gann agus Seanġann i nIorrus Doṁnainn i gConntae Ṁuiġe Eó, agus Geanann is Ruḋraiġe i dTráċt Ruḋraiġe i gConntae an Dúin.

6. Fuaradar seilḃ na tíre gan duaḋ. Coṁ luaṫ agus ḃí gaċ níḋ fá n-a smaċt aca, do roinneadar an tír go léir i gcúig rannaiḃ idir an cúigear taoiseaċ. Ḃí gaċ taoiseaċ díoḃ 'n-a ríġ ar a ċuid féin de'n tír agus do rinneaḋ árd-rí de Ṡláinġe, d'aiṁḋeoin gur b'é an duine do b'óige ḃí orṫa é. Buḋ é an Sláinġe seo an ċéad árd-rí do ḃí ar Éirinn.

7. Níor ṁair Sláinġe aċt bliaḋain i seilḃ a ġradaim go ḃfuair sé bás. Deir luċt seanċais gur b'é Sláinġe an ċéad duine d'Ḟearaiḃ Bolg a fuair bás i nÉirinn. Do ḃí a ḋearḃráiṫreaċa 'n-a n-árd-ríġṫiḃ i n-a ḋiaiḋ, aċt ní raiḃ aon duine aca i n-a ḃeaṫaiḋ i gcionn dá ḃliaḋain déag tar éis ḃáis Ṡláinġe.

Do ṫáinig triúr eile i ndiaiḋ a ċéile aċt do marḃaḋ

gaċ duine díoḃ. Ní raiḃ suaiṁneas ná compórd ar ṁuinntir na hÉireann an uair sin. Ba ṁinic iad ag bruiġin is ag troid le ċéile.

8. Aċt 'n-a ndiaiḋ súd ṫáinig taoiseaċ maiṫ i gceannas na tíre. Eoċaiḋ do b'ainm dó. Do ṁarḃ sé i gcaṫ an taoiseaċ a ḃí mar árd-ríġ uirṫi roiṁe. Nuair do rinneaḋ árd-rí ḋe féin, do ċuir sé ar bun reaċta fóġanta dliġe. Ċuir sé d'ḟiaċaiḃ ar ġaċ duine maireaċtain do réir an dliġe agus urraim a ḃeiṫ aige dó. Do ruaig sé as Éirinn ar fad luċt aindliġe agus éigin. Do ḃí muinntir na hÉireann go compórdaċ sásta le n-a linn agus ċuadar i bfeabas go mór ar an ṁaiṫ a ḋéanaṁ is ar an olc a ṡeaċaint. Deir luċt seanċais naċ raiḃ fearṫainn ná doineann ann le n-a linn agus naċ raiḃ bliaḋain gan meas agus toraḋ. Ba ṁaiṫ an rí é.

9. Nuair ḃí Eoċaiḋ deiċ mbliaḋna i n-a árd-ríġ, ṫáinig Tuaṫa Dé Danann go hÉirinn. Do marḃaḋ é i gcaṫ Ṁuiġe Tuireaḋ. Do briseaḋ ar Ḟearaiḃ Bolg 'san gcaṫ úd agus do marḃaḋ a rí. Buḋ é Eoċaiḋ an rí deireannaċ d'Ḟearaiḃ Bolg a ḃí i gceannas na hÉireann.

1. ar an bfairrge = ar an fairrge.
4. fanaṁaint = fanaċt.
8. ṁarḃ = ṁairḃ, ṁarḃuiġ. Compórdaċ = co[illegible]nneaċ.
9. marḃaḋ = marḃuiġeaḋ.

XXII.—Toisg Fear mBolg.

Toiġeaċt, tiġeaċt, teaċt, coming; ag toiġeaċt dóiḃ, when they came.
Ar an nGréig, from Greece.
Crannda, crannta, decrepid, weak.
Coḃlaċ, luingeas, fleet.
Muir Ṫoirrian, the Mediterranean Sea.
Troim-leaṫan, great and broad, very extensive.
Go hEaspáin, go dtí an Spáinn, to Spain.
Réiṁeas, a space of time.
As sin dóiḃ go, thence they went to.
Án, *df.* áin, noble.
Ionġar, suitable, seasonable.
Méiḋe, greater, better; méide ann, it were better, it is a proper thing; méide is still in use: sgríoḃ beagán níos méide, write a little larger.
Cleiṫ, *f.*, concealment.

I.

Deiċ longa fiċead ar ċéad
Agus míle—noċa bréag—
Is é líon ṫáinig anoir,
Sláinġe maiṫ go n-a ṡlóġaiḃ.

II.

Dob' iomḋa Fir Ḃolg gan ḃréig,
Ag toiġeaċt dóiḃ ar an nGréig;
Maiṫ dream naċar ṁalla amaċ
Noċan ḃa crannda an coḃlaċ.

III.

Dia Céadaoin do ċuadar siar
Tar Muir ṫroim-leaṫain Ṫoirrian;
Réiṁeas trí lá ar ḃliaḋain ḃáin,
Go rángadar go hEaspáin.

IV.

As sin dóiḃ go hÉirinn áin,
Seolaḋ ionġar a hEaspáin:
Méide ann ó ċáċ gan a ċleiṫ,
Réiṁeas trí dtráṫ ar a deiċ.

I. Deiċ longa fiċead ar ċéad agus míle, 1130 ships. Noċa = ċa, ní, not; noċa bréag = ċan bréag é, ní bréag é, it is no untruth, it is true.

Líon = an uiṁir, an méid, the number (of ships).

go n-a ṡlóġaiḃ = le n-a ṡluaiġtiḃ, with his hosts.

II. Dob' iomḋa Fir Ḃolg gan ḃréig, the Fir Bholg were certainly numerous (or many).

Maiṫ dream = maiṫ an dream, ba ṁaiṫ an dream iad, they were a goodly company,

Naċar ṁalla = nár ṁall, who were not slow; malla is the plural form, an older usage.

Amaċ, in going forth.

Noċar ḃa = ċar, níor, not (with past tense).

III. Ar ḃliaḋain ḃáin, [added] to a fair (complete) year = agus bliaḋain iomlán, and a complete year.

Ó ċáċ, from everyone, that everyone should.

IV. Gan a ċleiṫ = gan é do ċeilt, not to conceal it.

Réiṁeas trí dtráṫ = feaḋ trí lá, aimsir trí lá, the space of three days.

Ar a deiċ, added to ten, and ten.

XXIII.—Na hÉanlaiṫ.

Cuid I.

Éanlaiṫ, *collective plural* of éan, a bird, applied to the entire class, also to each separate order, as éanlaiṫ an uisge.

Cineál, species.

Ailpeanna luaċraḋ, airceanna luaċra, easganna luaċraċ, earcanna sléiḃe, lizards, newts.

Ollpéistiḃ, reptiles, snakes.

Beiṫiḋiġ ḃólaċta, mammals.

Oiltear, are reared.

Rannaiḃ, *dat.* of roinn, a class, a division.

Diúl, suck.

Sruiḃ óg, the young of animals; saoiḋean, the young of fish.

Beiṫiḋiġ ċnáṁ droma, vertebrata.

Ag eiteall, flying.

Eiltreaċ, *f.*, flight of a bird.

Stuaic, a pinnacle.

Fiú (governs *gen.*), even.

Fionna feanna, light inner quill, quill-lining, popularly called "nothing."

Bruaċallán, a swallow.

Cuaċ, cuckoo.

Traḋan, corncrake.

Druideaċa, starlings.

Creaḃair, woodcocks.

An Iorruaiḋ, Norway.

---

1. 'Sé nádúir na n-éanlaiṫ a ḃeiṫ ag imṫeaċt 'san aer mar ḃíos na héisg 'san uisge. Ní'l cuimsiuġaḋ ar biṫ ar a ḃfuil de éanaċaiḃ ṫart ar fud an doṁain. Tá ċoṁ maiṫ le seaċt míle cineál áirigṫe ann, nó os a ċionn. Tá cuid aca ag dul i gcosaṁlaċt le ċéile. Tá tuilleaḋ aca agus gan de ċosaṁlaċt aca le ċéile aċt

aṁáin deilḃ agus déanaṁ an éin. Is beag malraċ i nÉirinn naċ ḃféadfaḋ leiṫċéad cineál áirigṫe dá ḃfaca sé féin a ċoṁaireaṁ.

2. Bíonn sgiaṫáin agus cleiteaċa ar ġaċ uile éan. Beireann gaċ cuid aca uiḃeaċa, agus is ar na huiḃeaċaiḃ a ṫagas na héanaċa óga. Is ar uiḃeaċaiḃ, freisin, a ṫagas na hailpeanna luaċraḋ agus na hollṗéirsí ar nós mar ṫagas na héanlaiṫ.

3. Maidir leis na beiṫiḋiġiḃ bólaċta, beirtear beó iad, agus deilḃ agus déanaṁ iomlán orṫa; agus oiltear an ċuid óg le bainne na máṫar.

4. I n-a gcúig rannaiḃ atá an ċuid de'n dúil ḃeó a ḃfuil cnáiṁ droma ionnta.

I. Is de na beiṫiḋiġiḃ cnáṁ droma na beiṫiḋiġ ḃólaċta, 'sé sin, an roinn a ṫugas diúl do'n tsruiḃ óig.

II. Agus de na beiṫiḋiġiḃ cnáṁ droma na héanlaiṫ, 'sé sin, an roinn a ḃfuil cleiteaċa agus sgiaṫáin orṫa le himṫeaċt 'san aer.

III. Agus de na beiṫiḋiġiḃ cnáṁ droma na hailpeanna agus na hollṗéirsí, 'sé sin, an roinn a ḃíos ag snáṁaiġil ar an talaṁ.

IV. Agus de na beiṫiḋiġiḃ cnáṁ droma na héisg, 'sé sin, an roinn a ṁaireas faoi uisge.

V. Agus de na beiṫiḋiġiḃ cnáṁ droma an loisgeann agus an roinn a dtigeann leo maireaċtáil faoi uisge nó ar an talaṁ tirm.

5. Aċt ní'l aon roinn de na cúig rannaiḃ sin a dtigeann leo éirġe 'san aer ag eiteall ó áit go háit, ar nós na n-éanlaiṫ. 'Sí eiltreaċ na n-éanlaiṫ an rud is iongantaiġe i n-a dtaoḃ. Tá cóir aca ar a ḃeiṫ ag imṫeaċt go hárd. Má ḃíonn bealaċ fada le dul aca, sgeinneann siad ṫar ḃarraiḃ na gcnoc agus fágann siad na gleannta i n-a ndiaiḋ. Nuair is mian leo ísliuġaḋ, is ar an stuaic is airde de'n talaṁ a ḟeasann siad, sin nó ar ḃarr crainn.

6. Má ḃíonn cóir gaoiṫe leó agus iad ag eiteall, is féidir leó imṫeaċt aċar fada gan aon sgiaṫán a ċorr-

uiġe. Is fearr an eiltreaċ atá ag cuid aca ná a ċéile. Tig le cuid aca imṫeaċt an-luaṫ agus fiú na gaoiṫe móire a ḃeiṫ i n-a n-aġaiḋ. Is ionndamail go n-imṫiġeann siad íseal ag dul i n-aġaiḋ na gaoiṫe dóiḃ.

7. Ní'l níḋ ar biṫ i n-a ṁeaḋaċan ċoṁ láidir le cleiṫe. Ní'l níḋ ar biṫ i n-a neart ċoṁ héadtrom leis. Tá bun an ċleiṫe folaṁ, aċt go ḃfuil fionna feanna istiġ ann. Tá na cnáṁa folaṁ gan smior 'sa mbruaċallán agus 'san iolar agus ins gaċ éan eile a ḃfuil eiltreaċ mór aige. Séideann siad gaċ áit folaṁ dá gcolainn le haer. Téiṫeann teas a gcolainne san t-aer, agus éadtromuiġeann sin iad. Tá buntáiste eile dóiḃ ann freisin; ní ḃíonn uireasbaiḋ anála orṫa.

8. Tá éanaċa ann agus imṫiġeann siad as Éirinn seal de'n ḃliaḋain. Tagann siad arís le linn aimsire. Tagann an bruaċallán agus an cuaċ agus an traḋan 'sa samraḋ, agus imṫiġeann siad 'sa ḃfoġṁar go tíorṫaiḃ atá níos teó ná Éire. Tagann na druideaċa agus na creaḃair ċaoċa agus na géaḋa fiaḋaine 'sa ngeiṁreaḋ, agus imṫiġeann siad 'san earraċ. Ar ṫeaċt na huaire breaġa, imṫiġeann éanlaiṫ an ġeiṁriḋ síos go ríoġaċt na hIorruaiḋe, agus fanann siad annsin go dteagaiḋ an geiṁreaḋ arís. An taoḃ ó ḋeas a ṫóigeas éanlaiṫ an tsaṁraiḋ nuair a airiġeann siad an uair ġarḃ ag tiġeaċt orṫa i nÉirinn.

9. Cé ar biṫ ceard a gcoṫuiġeann na héanlaiṫ 'sa samraḋ, is ann a ġníonn siad a gcuid neadraċa, agus a ḃeireann siad a gcuid uiḃeaċa. Déanann éanlaiṫ an tsaṁraiḋ a gcuid neadraċa i nÉirinn, mar is i nÉirinn a ċaiṫeann siad an samraḋ. Ní ḃeireann éanlaiṫ an ġeiṁriḋ aon uḃ 'sa tír seo. Bíonn siad imṫiġṫe as Éirinn 'sa samraḋ. Ṫíos ó ṫuaiḋ a ḃíonn siad, an t-am a mbíonn a líne le breiṫ aca.

1. Ní'l cuimsiuġaḋ (cuimse) ar biṫ ar = ní'l aon teora le.
5. Eiltreaċ = eilteog, eiteallóg, eiteallaċ (*f*).
6. Aċar = tamall. A ċorruiġe = a ċorruġaḋ.
7. A gcolainne = a gcolna.
8. Druideaċa = druide, truideoga. Géaḋa = géanna, géaċa.
9. Cé ar biṫ = cé biṫ (cé bí), cibé, pé. Ceard = ceárd, áird. Líne = díne, ál.

XXIV.—Na heoin.

Na heoin, the birds.
Beódha, lively, spirited.
Braon, drúcht, dew-drop, dropping of dew.
Ar sileadh, shedding, dropping down.
Uiseoga, fuiseoga, skylarks.
Coileach dubh, blackcock.
Ag dúrdal, cooing.
I lúib na coilleadh, in the recess of the wood.
Stuaic, eminence, top, pinnacle.
Na glinne, of the glen.
Na heala buadhaighe, of the joyous swan.
Loinneog, glórmach, crónán, cursá, chorus.
Gleoite, handsome, splendid.
Grinne, *pl.* of grinn, elegant, neat, lovely.

Loinneog.

Cluinim na heoin;
Is binn liom na heoin,
 Na heoin, na heoin beódha binne;
Cluinim na heoin;
Is binn liom na heoin,
 Na heoin, na heoin 's a gceólta binne.

I.

Is binn liom féin tráth bím ag éisteacht,
 Maidin drúchta is braon ar sileadh.
  Cluinim na heoin, ⁊rl.

II.

Is binn liom smólach ar barr géige,
 Is uiseoga 'san spéir ag imirt.
  Cluinim na heoin, ⁊rl.

III.

Is binn liom coileach dubh ag dúrdal,
 'S an ceare 'na dhiaidh i lúib na coilleadh.
  Cluinim na heoin, ⁊rl.

IV.

Is binn liom guṫ ar gob na cuaiċe,
'Sa ṁaidin ċiuin ar stuaic na glinne.
Cluinim na heoin, ⁊c.

V.

Is binn liom guṫ na heala buaḋaiġe,
Ceól is gloine fuaim, dar linne.
Cluinim na heoin, ⁊rl.

VI.

Is binne 'ná iad súd go léir
Toġa na Gaeḋilge ċuala sinne.

Loinneog.

Cluinim na heoin;
Is binn liom na heoin,
Na heoin, na heoin ġleoite ġrinne;
Cluinim na heoin;
Is binn liom na heoin;
Na heoin, na heoin 's a gceólta binne.

Na heoin = na héin, na héanaċa, na héanlaiṫ.
Dúrdal = coracú; ag dúrdal = agus an coracú dá ċantain aige.
Stuaic na glinne = barr an ġleanna.
Gleoite = geanaṁail, álainn, maiseaċ.

[Aṁrán Albanaċ ó ḃunaḋ, atá anois dá ċur i n-oireaṁaint do'n leaḃar so. An té ċuartóċaḋ é ar a ċuma ḃunaiḋ, ġeoḃaiḋ 'sa Ċóisir Ċiuil é, ar l. 28.]

Ag déanaṁ díge.

XXV.—Díogaċa.

Go bráṫaċ, go bráṫ, for ever; with *neg.*, never.
Tiorṁuġaḋ, triomuġaḋ, to dry.
Dóiġ, caoi, sliġe, moḋ, cuma, way, manner.
Go grinn, sharply, accurately.
Cuṁdaċ, clúdaċ, clúduġaḋ, covering.
Loglaċ, log, hollow.
Doiṁneaċt, doiṁne, depth.
Fánaiḋ, fánán, slope.
Úsáideaċ, aosáideaċ, garaċ, useful.
Luibṫearnaċ, fiaḋaile, weeds.
Fiastalaċ, fiataiġil, "sprits," a kind of growth intermediate between grass and rushes.
Airc, díṫ, easbaiḋ, uireasbaiḋ, want.

1. Ní ṫug talaṁ fuar fliuċ bárr maiṫ ariaṁ agus ní ṫabairfiḋ go bráṫaċ. Ar an aḋbar so, má tá maċaire de'n ċineál so ag feirmeoir, 'sé an ċéad rud is éigean dó a ḋéanaṁ leis, díogaċa a ḋéanaṁ ann agus é ṫiorṁuġaḋ. Is ins an ġeiṁreaḋ agus go luaṫ 'san earraċ is cóir so do ḋéanaṁ, agus is annaṁ, agus is ro-annaṁ a ġníṫear ar an dóiġ ceart é. An té atá ar tí díogaċa a ḋéanaṁ, dearcaḋ sé go grinn ar an ṗáirc agus fáġaḋ sé amaċ an áit is ísle innti, agus déanaḋ sé an díog ṁór ċun na háite seo ċoṁ díreaċ agus is féidir, ṫríd an

loglaċ is mó. Má tá loglaċa beaga ann, caiṫfear díogaċa a ḋéanaṁ tríoṫa agus ag tuitim isteaċ ins an díg ṁóir, agus déantar mion-díogaċa ag rioṫ isteaċ ionnta seo agus ins an díg ṁóir mar an gcéadna, aṁail mar ċítear ins an ṗioctúir so ṫíos:



Na Díogaċa

2. Má tá fios a ġnoiṫe go maiṫ ag an ḟeirmeoir agus eólus aige ar ṁianaċ a ċuid talaiṁ, ní móide go mbeaḋ sé riaċtanaċ aige oiread díogaċa a ḋéanaṁ agus ḃeaḋ ag duine aineólaċ. Is féidir dó go minic díog do ḋéanaṁ ċun na háite i n-a ḃfuil an t-uisge ag éirġe amaċ, agus a ċuid talaiṁ a ṫiormuġaḋ mar sin gan an oiread díogaċa a ċur ann.

Baḋ ċóir do'n díg ṁóir a ḃeiṫ idir ceiṫre troiġṫe go leiṫ agus cúig ṫroiġṫe ar doiṁneaċt, agus na díogaċa meaḋónaċa ins na logaiḃ beaga, trí nó ceaṫair d'orlaiġiḃ níos luġa ná sin agus na mion-díogaċa mar an gcéadna, agus ní ceart do ṁion-díg ar ṫaoḃ aṁáin de'n díg ṁóir a ḃeiṫ os coinne ṁion-díge ar an taoḃ eile.

3. Áit ar biṫ i ḃfuil cloċa le fáġail go fairsing, cuirtear iad i n-íoċtar na ndíog nuair atáṫar dá líonaḋ. Beiḋ fá ṫuairim cúig n-orlaiġe déag de ċloċaiḃ briste de ḋiṫ fá ċoinne na ndíog mór agus fá

ṫuairim troiġ ar doiṁneaċt díoḃ fá ċoinne na mion-díog.

Nuair atá na cloċa briste socruiġṫe mar baḋ ċóir ins na díogaċaiḃ, is fearr cuṁdaċ luaċra nó coċain a ċur orṫa, ar ḋóiġ naċ raċaiḋ an ċréafóg síos ṫríoṫa, agus sgraiṫ riġin os a ċionn sin, agus is ceart do na díogaċaiḃ a ḃeiṫ coṁ doiṁin agus naċ dtiocfaḋ an tseisreaċ ar an ċumdaċ so nuair atá an talaṁ dá ṫreaḃaḋ.

4. I dtalaṁ ḃog is fearr píopaí ná cloċa, aċt is riaċtanaċ, i n-áiteaċaiḃ, leacaċa do ċur faoi ċeann na bpíopaí, le n-a gcoinġḃeáil coṁṫrom, agus is éigean fánaiḋ ḃeag a ḃeiṫ le gaċ díg, ionnus go mbéiḋ bealaċ imṫeaċta ag an uisge.

Ní cóir dearmad a ḋéanaṁ gur ṫríd an uisge a ṫig coṫuġaḋ do na luiḃeannaiḃ, do'n ḟéar, do na crannaiḃ agus do gaċ rud ḟásas as an talaṁ, aċt caiṫfiḋ siuḃal éigin nó corruġaḋ do ḃeiṫ ar an uisge. Ar an aḋḃar sin, tá na díogaċa úsáideaċ, mar beir siad bealaċ do'n ḃáistiġ le imṫeaċt as an áit i n-a dtuiteann sí agus a ḃeiṫ mar sin 'na sliġe ċoṫuiġṫe ag gaċ níḋ atá ag fás as an talaṁ.

5. Ní'l gar ar biṫ aol no leas a ċur ar ṫalaṁ ḟliuċ. Coinġḃiġeann uisge an talaṁ fuar agus ní féidir do'n ḟeirmeoir a ḃfuil a ċuid talaiṁ fliuċ síol a ċur síos 'san earraċ, go dtiormuiġiḋ teas na gréine an t-uisge as a iṫir dó, agus, ar an aḋḃar sin, bíonn sé mall le n-a ċuid oibre i riṫ na bliaḋna, agus is dóiċe go gcailleann sé cuid ṁór de ṫoraḋ a ḟaoṫair le gaoiṫ agus le fearṫainn. Rud eile, ní ḃíonn bárr coṁ maiṫ nó coṁ tairḃeaċ ar ṫalaṁ ḟliuċ agus ḃíos ar ṫalaṁ ṫirm, agus is fusa go mór an talaṁ tirm d'oibriuġaḋ agus a ċoinġbeáil glan ó'n uile ċineál luiḃṫearnaiġe.

6. Má tá fiastalaċ agus luaċair ag fás i dtalaṁ ar biṫ, is coṁarṫa é sin go ḃfuil sé i n-airc díogaċa a ḋéanaṁ ann. Tá mórán de luiḃeannaiḃ eile a ṫaisḃeánas mar an gcéadna go ḃfuil an talaṁ ro-ḟliuċ, agus baḋ ċóir do'n ḟeirmeoir aiṫne ḃeiṫ aige orṫa, agus na coṁarṫaí a ḃeir siad dó a ṫaḃairt fá deara agus a ċuid talaiṁ do ġiollaċt d'á réir sin.

2. Mianaċ = nádúir, nature.

XXVI.—An Spáid.

Spáid, ránn, raṁann, láiġe, spade.
Agar, act of imploring; d'agar, to implore.
Gléas, order, trim.
Leasuġaḋ, mending, repair.
Béal, edge.
Milis, pleasant, splendid.
An Ṁáis, *gen.* of an Más, Maas, a village in Iochtar Tíre, near Glenties.
Saiġead, arrow, dart.
Léiṫid, leiṫéid, like; a léiṫid, the like of it; do léiṫid, the like of you, one like you.
Flaiṫeas, heaven.
Tréarṫa, anything made by skilled labour.
Uaraiŕí, uaireaċáin, uair-eadóirí, ḃaitreanna, watches, timekeepers.
Réim, buaiḋ, "sway"; gur leat atá réim ċríoċ Fáil, that you are the most successful in Erin.
Céiḋ, céiḃ, port, quay.
Fáilleagán, "gem," "jewel"; failleagán fir, a fine or splendid man; also áill-eagán.
Doire, Derry.
Sligeaċ, Sligo; Sligeaċ na séad, dear Sligo.

I.

Ṫainic mé d'agar, a Néill, go gcuirfeá dam gléas ar
spáid,
Leasuġaḋ a ċur ar a béal, ḃéaḋ milis glan géar 'sa
lá,
Ġearrfaḋ dam cloċa 'gus cré 's na croinn atá ar ṫaoḃ
an Ṁáis,
Go ndéarfaḋ gaċ duine gur saiġead í 's naċ ḃfacas a
léiṫid 'san áit.

II.

(Ag tabairt buiḋeaċais do Niall.)

Saoġal mór fada le séan go ḃfáġa tusa, a Néill, go
bráṫ,
Gaċ uile níḋ agat le pléisiúr, is flaiṫeas na naoṁ go
hárd;

Ḋéanfá an gunna 's an claiḋeaṁ, 's gaċ uile ṡórt
tréarṫa ab' fearr,
Na huarairí is deire faoi'n ġréin, 's mo ṡeaċt n-anam
déag do láṁ!

III.

Deirim-se leat-sa, a Néill, gur leat atá réim ċríoċ
Fáil,
Gur tú ḋéanfaḋ an muileann leat féin, an caisleán,
an ċéiḋ, 's an bád;
Is sáilleagán fir tú, glan réiḋ, 's ní facas do léiṫid
'san áit,
Ó Ḋoire go Sligeaċ na séad ar ḟearaiḃ an tsaoġail
go bráċ.

Brian Mac an Ḃáird ccc.

XXVII.—Tuaṫa Dé Danann.

A luċt, their followers, their following.
Draoiḋeaċt, druidism.
Ealaḋa, art, science, now often "trade."
Caṫair na hAiṫne, the city of Athens.
Briseaḋ ar, to overcome, to rout.
Aiṫḃeoḋaḋ, aiṫḃeoḋċaint, aiṫḃeoḋuġaḋ, revival, resuscitation.
Muinntir na Siria, the people of Syria.
Críoċ na bFionn-Loċlannaċ, the country of the Fair Scandinavians (= of the Norwegians or Norsemen).
An Iorruaiḋ, Norway (originally only South Norway).

I. Is cuiṁin liḃ gur innseas daoiḃ gur ḟág triúr taoiseaċ de Ċloinn Neiṁiḋ Éire ag teiċeaḋ ó ḋaoirse na bFoṁórac. D'innseas daoiḃ mar an gcéadna gur ḋuine ḋíoḃ Simeón Breac, is gur taoisiġ ḋá ṡlioċt-san a ṫug Fir Bolg ṫar n-ais go hÉirinn arís.

Ċuaiḋ an dara taoiseaċ de Ċloinn Neiṁiḋ go dtí uaċtar na hAlban agus do ḃain sé féin agus a luċt leanaṁna fúta ins an tír úd. Deir cuid de na húġdaraiḃ gurab uaiḋ-sean a ṫáinig Breatain a ḃeiṫ mar ainm ar Ṡasana is Albain. Briotán Maol do b'ainm dó.

2. Buḋ é Iobaṫ, mac Beóṫaiġ, an tríoṁaḋ taoiseaċ de Ċloinn Neiṁiḋ. Ċuaiḋ seisean agus a ṡluaġ go dtí an Ġréag mar an gcéadna, agus ċuireadar fúta 'san dúṫaiġ atá timċeall ar Ċaṫair na hAiṫne. Do ḃí Simeón Breac agus Fir Bolg 'san nGréig an uair seo, aċt níor ċoṁnuiġ siad féin agus muinntir Iobaṫ 'san áit ċéadna innti.

3. Níor ḃ'ḟada do ṁuinntir Iobaṫ 'san nGréig go raiḃ ag éirġe leó go geal. Ċuireadar spéis mór i ḃfoġluim ceárd, agus i ndraoiḋeaċt agus is gaċ sórt eile léiġinn dá raiḃ ar an saoġal an uair úd. Do leanadar dá ḃfoġluim go rabadar cliste go maiṫ ar gaċ ealaḋain idir olc agus maiṫ. Ṡaoil a lán daoine gur déiṫe a ḃí ionnta, agus Tuaṫa Dé Danann is é ṫugaidís orta mar ġeall air sin.

Mar sin do ḃíoḋ Tuaṫa Dé Danann 'san nGréig, aċt do ṫuit rud amaċ ann a ċuir d'ḟiaċaiḃ orta an áit d'ḟágáil. Seo mar ḃí sé:

4. Ṫáinig luingeas mór ó'n Siria ċun cogaḋ a ċur ar ṁuinntir na Gréige, 'sé sin, ar ṁuinntir na dúiṫċe i n-a ḃfuil Caṫair na hAiṫne. Bíodar ag coṁrac ó ló go ló ar feaḋ i ḃfad. I gcionn tamaill b'ḟollus go raiḃ an lá ag dul ar ṁuinntir na Gréige. Do ṁarḃṫaoi iad 'n-a sluaiġtiḃ.

Ċuir Tuaṫa Dé Danann teaċtaire go dtí Rí na Gréige, dá innsin dó go ndéanfaidís féin na fir a ṁarḃṫaoi indiu do ṫógáil arís i sliġe go mbeaḋ sé ar a gcumas dul i gcoṁrac i mbáireaċ. Bí áṫas ar an ríġ nuair ċualaiḋ sé an sgéal so, agus ġeall sé gradam agus saiḋḃreas do Ṫuaṫaiḃ Dé Danann dá ḃarr.

5. Do ċrom Tuaṫa Dé Danann ar a gcleasaiḃ draoiḋeaċta d'imirt ar ċorpaiḃ na marḃ. Deirtí go gcuiridís deaṁan i ngaċ corp ċun é ṫógáil arís. Annsoin do cuirtí amaċ ag coṁrac iad. Is ar an gcuma so do ṁeasadar briseaḋ ar a naṁaid.

I gcionn tamaill do ṫug muinntir na Sirra fá ndeara gurab iad na fir a leagaḋ indé a ḃíoḋ ag teaċt 'n-a gcoinniḃ indiu. Do b'iongnaḋ leó soin, agus d'innseadar an sgéal do ḋraoi a ḃí aca féin.

6. "Tuigim an sgéal," ars' an draoi. "Tá daoine orṫa súd 'n-a ḃfuil eólus ar ḋraoiḋeaċt aca. Cuireann siad deaṁain ins na corpaiḃ ċun iad a ṫógáil arís, agus annsoin cuirtear in bur n-agaiḋ-se iad ag comrac."

"An ḃfuil leiġeas agat-sa i n-a aġaiḋ sin?" ar siad-san.

"Tá," ars' an draoi. "Cuirtear fir ag faire ar láṫair an ċaṫa i mbáireaċ. Sáiṫidís cuaille de ḃior ċaorṫainn tré ċorp gaċ mairḃ dá mbeiḋ ann. Má's deaṁain a cuirtear ionnta ċun iad a ṫógáil, déanfar piasta de na corpaiḃ láiṫreaċ. Aċt má's aiṫḃeoḋaḋ i ndáiríriḃ a ġnítear orṫa, ní ṫiocfaiḋ díoġḃáil ar biṫ orṫa."

7. Lá ar n-a ḃáireaċ do buaileaḋ caṫ fuilteaċ, aċt d'ḟan an buaiḋ ag muinntir na Sirra. Ċuireadar luċt faireaċáin ar láṫair an ċaṫa fá ċoṁair na hoiḋċe. Do sáiṫeaḋ an cuaille caorṫainn tré ċorpaiḃ na marḃ ar láṫair an ċaṫa, agus rinneaḋ cnuṁa díoḃ ar an toirt.

Ar n-a ḃáireaċ i n-a ḋiaiḋ soin, nuair ṫánagtar go láṫair an ċaṫa, níor ḟan bríġ ná misneaċ i muinntir na Gréige, agus do briseaḋ orṫa gan duaḋ.

8. Nuair ċonnaic Tuaṫa Dé Danann go raiḃ buaiḋte ag muinntir na Sirra, duḃradar leó féin go mb'ḟearr ḋóiḃ ḃeiṫ ag imṫeaċt, ar eagla go dtiocfaḋ olc dóiḃ as. D'ḟágadar an Ġréag d'aon-ḃuiḋin, agus níor stadadar de'n stáir sin gur ṡroiċeadar críoċ na ḃFionn-Loċlannaċ, 'sé sin, an Iorruaiḋ. D'ḟanadar annsoin ar feaḋ tamaill, agus ḃídís ag múineaḋ ceard agus draoiḋeaċta do ṁuinntir na hIorruaiḋe.

Ṫángadar as soin go dtí tuaisceart na hAlban, mar a raiḃ fáilte rompa de ċionn na n-ealaḋan a ḃí aca. Agus is as an áit úd a ṫángadar go hÉirinn.

1. Do ḃain sé féin = do ċuir sé féin.
6. aiṫḃeoḋaḋ = aiṫḃeoċaint, aiṫḃeoċan.

XXVIII.—TOISG ṪUAṪ DÉ DANANN.

Na séad suim, of the precious jewels, possessing great valuables.

Saoiḋeaċt, culture, cultivation of arts.

Slán, perfect, complete.

Draoiḋeaċt, magic, sorcery

Diaḃaltán, deviltry, devilcraft.

Go ḃfeiḃ, with excellence; fáiḋ go ḃfeiḃ, an excellent prophet.

Deartaċ, deedful.

Leoṫaċ, flesh-cleaving, given to hacking.

Láin-ḟeartaċ, of powerful miracles or exploits.

Beóḋa, vivid.

Niaḋ, a hero, a champion; sluaġ niaḋ neartṁar, a host of powerful heroes.

Iar, d'éis, after.

Sníoṁ, fatigue, travail.

Luingse, *gen.* of luingeas, *f.*, a fleet, a navy; líon a luingse, *lit.* the number of their fleet = with their full fleet.

Loċlainn, Scandinavia.

Go ro-neart, with great strength.

Coṁlainn, combats; do ċuirdís coṁlainn, they were in the habit of waging war.

Go cas, well and skilfully, actively.

Ar ḟoġluim, through [their] learning or skill.

Ar ḟinneolas, through refined knowledge, through refinement of skill.

Na mór-ġal, of the great deeds of valour.

Do ṁaoiḋeaṁ ṁaḋmann, to boast of defeats inflicted.

Amaċ, abroad.

A ngairmann, to name them, *lit.* their namings.

Luaḋ leasa, profitable discourse, *lit.* mention of welfare.

Anmann suaḋ, the names of the sages.

Na saoir-leasa, of the noble prosperity or improvement.

Maiṫ méin = ba ṁaiṫ méin, of good disposition.

Dionn dias, southern fortress.

Ceiṫre haisgeaḋa, four gifts.

Cumaḋ, shapely.

Árd-ċuraḋ, a great hero or champion.

Do ġéiseaḋ, which used to shout or roar.

Luiḋ = do ċuaiḋ, went.

A, from.

Roġa ro-ċruiḋ, choicest or best of great treasure; ro-ċruiḋ, *gen.* of ro-ṡroḋ.

Aḋḃal, vast, tremendous; now pronounced áḋḃal.

Oll, great; colloquially = generous: tá sé oll fá'n mbiaḋ, he is generous about food.

An Daġḋa (daġ + dia, good god), name of a god; still used in do'n Daġḋa.

Na n-ard-ġlonn, of the great deeds.

Rí na ḃfear ḃfann, the King who protects the weak.

Dom' ċaoṁnaḋ, to protect me = may he protect me.

Na ríġ-reann, of the royal stars.

Fulang na ḃfuaṫ, the endurance of hatreds; the whole line = who is long-suffering.

Cuṁang, strength, power.

Na gcaoṁ-ṫuaṫ, of the gentle tribes, of the meek.

I.

Tuaṫ Dé Ḋanann na séad suim,
Áit i ḃfuaradar foġluim,
  Rángadar a saoiḋeaċt slán,
  A ndraoiḋeaċt, a ndiaḃaltán.

II.

Iarḃoinéal fionn, fáiḋ go ḃfeiḃ,
Mac Neiṁiḋ mic Aġnoṁain,
  Dar ṁac baoṫ Beóṫaċ beartaċ,
  Ba laoċ leóṫaċ láin-ḟeartaċ.

III.

Clanna Beóṫaiġ; beóḋa a mblaḋ,
Rángadar, sluaġ niaḋ neartṁar,
  Iar sníoṁ is iar dtuirse dtruim,
  Líon a luingse go Loċlainn.

IV.

Ċeiṫre caṫraċa, clú ceart,
Gabaid i réim go ro-neart;
  Do ċuirdís coṁlainn go cas
  Ar ḟoġluim, ar ḟinneolas.

V.

Fáilias agus Gorias glan,
Finias, Murias na mór-ġal,
Do ṁaoiḋeaṁ ṁaḋmann amaċ,
Anmanna na n-ard-ċaṫrac.

VI.

Morias agus Éaras ard
Arias is Simias síor-ġarg—
A ngarmann is luaḋ leasa—
Anmann suaḋ na saoir-leasa.

VII.

Morias file Fáilias féin,
Éaras i nGorias, maiṫ méin;
Simias i Muirias, dionn dias,
Arias file fionn Finias.

VIII.

Ceiṫre hairgeaḋa leó anall,
D'uaisliḃ Tuaṫ Dé Danann:—
Claiḋeaṁ, cloċ, coire cumad,
Sleaġ re haġaiḋ ard-curaḋ.

IX.

Lia Fáil a Fáilias anall,
Do ġéiseaḋ fo ríġ Éireann;
Claiḋeaṁ láṁa Loġa luiḋ
A Gorias, roġa ro-ċruiḋ.

X.

A Finias, tar fairrge i ḃfad,
Tugaḋ sleaġ Loġa nár lag;
A Muirias maoin aḋḃal oll,
Coire an Daġḋa na n-ard-ġlonn.

XI.

Rí niṁe, Rí na ḃfear ḃfann,
Dom' ċaoṁnaḋ, Rí na ríġ-reann,—
Flaiṫ 'gá ḃfuil fulang na ḃfuaċ,
Agus cuṁang na gcaoiṁ-ṫuaṫ.

I. A nDiaḃaltán = a nDiaḃlaiḋeaċt (a nDíoblaiḋeaċt), a n-easarluiġe.

II. Go ḃfeiḃ = le feaḃas, sár-ṁaiṫ.
Leóṫaċ = leadarṫaċ, cosgarṫaċ.

III. Bláṫ = clú, cáil, oirḋearca, teist, ainmneaṁlaċt. Niaḋ = laoċraiḋe, laoċ. Iar dtuirse dtruim = d'éis tuirse truime (móire).

IV. Go ro-neart = le mór-neart, le neart mór. Go cas = go glic, go cliste.

VI. A ngarmann = iad do ráḋ, iad d'áireaṁ, a n-áireaṁ.

VII. Dionn dias = dún ṫeas, dún ó ḋeas.

VIII. Re haġaiḋ = le haġaiḋ, i gcoṁair, i gcóir, faoi ċoṁair, fá ċoinne.

IX. Do ġéiseaḋ = do sgairteaḋ, do ġlaoḋaḋ, do ċuireaḋ (leigeaḋ) búir (glaoḋ, sgairt, béic, glam, gloim) airti, a ḋeanaḋ gloimneaċ. Láṁa = láiṁe. Ro-ċroḋ = mór-ċroḋ, croḋ mór, ciste mór.

X. Na n-ard-ġlonn = na mór-ġníoṁ, na mór-ḃeart. Na ríġ-reann = na pealt ríoġḋa. Cuṁang = cumas, cumaċt, smaċt.

an Druid.

XXIX.—Na hÉanlaiṫ.

Cuid II.

Áiriuġaḋ, áireaṁ, coṁaireaṁ, calculation.
Soláṫar, providing, searching food.
Le dúṫraċt, diligently.
Dá ḃfoireasḃaiḋ,'na ḃféagṁais, without them.
Ċuir suaiċeantas 'sa gcaoi, took notice of the way.
Caonaċ, moss.
Cluṫṁar, seasgair, sódaṁail, téagaraċ, warm, comfortable.
'San iarratas, asking.

1. Tagann na druideaċa go hÉirinn fá Samain agus fanann siad go tús an Ṁárta. Ar an áiriuġaḋ is luġa, bíonn fiċe milliún druideaċa ar fud na hÉireann ó Ṡamain go Márta. Is mór an lán beaṫa a ṫeastóċaḋ ó'n méid sin éanaċa i n-imṫeaċt trí mí.

2. An ċéad uair eile a ḟeicfeas tú na druideaċa, tabair faoi deara cé an sórt beaṫa a ḃíos aca. Feicfiḋ tú ag soláṫar ar fud na ngarranta iad. Is ar ṫóir piast, agus síolta, agus uiḃeaċa míoltóg a ḃíos siad; agus naċ mór an lear péirtí agus uiḃeaċa míoltóg a

ḃeaḋ piocṫa ar an talaṁ ag fiċe milliún díoḃ, agus iad ag piocaḋ le dúṫract, gaċ uile lá ó ṁaidin go ḟaoiṫin ar feaḋ ṫrí mí. Muna mbeaḋ a bpiocann siad d'uiḃeaċaiḃ míoltóg 'sa ngeiṁreaḋ, ní ḟéadfaḋ duine ná beiṫiḋeaċ seasaṁ le a mbeaḋ de ṁíoltógaiḃ ann, nuair a ṫiocfaḋ an samraḋ.

3. Fanann roinnt ṁaiṫ éanlaiṫ i nÉirinn ṫríd an mbliaḋain, gan imṫeaċt ar an tír ar ċor ar biṫ. Is mór an coṁluadar 'sa tír iad, ag seinm a gcuid ceoil, agus ag eiteall ó ċrann go crann; ḃeaḋ an tír uaigneaċ dá ḃfoireasḃaiḋ. Is deas an rud crainn a ḃeiṫ i n-aice tiġe, agus na lonta duḃa ag seinm faoi ḋuilleaḃar na gcrann.

4. Ḃíoḋ tóir ṁór ag Fiannaiḃ Éireann ar a ḃeiṫ ag éisteaċt le glór an luin. Is minic a ċaintiġeaḋ Oisín faoi'n lon duḃ:

"Ba ḃinn liom meiḋir na gcon
Agus glór na lon ag dul fó'n ngleann."

Agus i n-áit eile adeireaḋ sé:

"A luin duiḃ ḃig úd ar an gcraoiḃ,
Naċ deas agus díonṁar a ġníos tú nead?"

5. Is iomḋa duine mar an gcéadna ċuir suaiċeantas 'sa gcaoi a ndéanann an t-éan a nead; go dtéiḋeann an t-éan ṫart agus go gcruinniġeann sé caonaċ agus olann, go socruiġeann sé an caonaċ i dtosaċ, agus go ḃfiġeann sé an olann go deas cluṫṁar taoḃ istiġ. Is ag na héanaċaiḃ is luġa a ḃíos na neadraċa is déanta agus is téagaraiġe. Caillfiḋe na héanaċa óga orṫa leis an ḃfuaċt, muna mbeaḋ téagar agus fasgaḋ 'sa neid.

6. Nuair a ḃíos a líne beirṫe ag an éan, tagann gor uirṫi; agus fanann sí i n-a luiġe ar a neid, le teas agus téagar a ḋéanaṁ do na huiḃeaċaiḃ, nó go dteagaiḋ an t-ál amaċ.

7. Tugann Dia ciall do'n éan, le go ḃfuil fios aici gur ar an uiḃ a ṫiocfas an t-éan óg. Nuair a ṫagas ins an éan óg cuma an éin a ḃeiṫ air istiġ san uiḃ, agus é i

ḃfuirm iomláin, ḃriseann sé an ḃlaosg le n-a ġob, agus teagann sé amaċ. Is gearr, ṫar éis a ṫeaċta amaċ dó, go dteagann ocras air, agus bíonn sé 'san iarratas ar an sean-éan, ag forsgailt a ḃéil, go ḃfáġaiḋ sé a ḃeaṫa.

8. Nuair a ḃíos an t-ál leigṫe amaċ, fanann an sean-éan i n-a mbun go mbíḋ siad féin i n-innṁe soláṫar a ḋéanaṁ. Téiḋeann sé ṫart ins na garrantaiḃ ag soláṫar dóiḃ agus ag tóruiġeaċt piast. Nuair a ḟáġann sé péist, imṫiġeann sé ar ais go dtí an nead, agus an ṗéist i n-a ġob, go dtugaiḋ sé do na héanlaiṫ beaga í. Is minic ocras ar an sean-éan ag soláṫar, aċt ní misde leis an greim a ḃaint as a ḃéal féin le taḃairt do na héanlaiṫ beaga.

1. Áiriuġaḋ = áireaṁ. Lán beaṫa, quantity of food; forgan beaṫa, sáiṫ bíḋ.

2. Lear = uiṁir ṁór.

3. Ag eiteall = ag eiteallaiġ. Dá ḃfoirearḃaiḋ = dá n-uirearḃaiḋ, dá n-earḃaiḋ, dá n-éagṁuis, 'n-a n-éagṁuis, 'n-a n-éagnais, 'n-a n-iongnais, gan iad. Lonta = luin.

4. Tóir (ar) = dúil (i). Is minic a ċaintiġeaḋ Oisín faoi'n lon duḃ = ba ró-ṁinic Oisín ag caint fá'n lon duḃ.

5. Suaiċeantas = aire. Is déanta agus is téagaraiġe = is fearr déanaṁ agus téagar, is deise agus is teolaiḋe.

7. An ḃlaosg = an ṗlaosg.

8. Ḟáġann = ġeiḃ. Na héanlaiṫ beaga = na giorrcógaiḃ. na gearcaiġ.

XXX.—Bruaċ Dúin Réiṁe.

Dún Réiṁe, the district in Co. Armagh between Slieve Gullion and Federna (near Culloville).

Bláiṫ-ġeal, of bright blossom.

Gnúis, aġaiḋ, face.

Béiḋ triall ar Ġaeḋil, all other people will come to the Gael.

Laḋg, *f.*, snow; *gen.* Laiḋge.

'Na gcuail, in their heap, in a pile.

Éiclips, urḋuḃaḋ, eclipse.

Áḋḃal, vast, terrible.

Dún, the enclosure, resort.

Ceileaḃar, warbling.

I Lúib an aeir, in the arch of the sky.

Aol-ċloċ, inauguration stone; *lit.* lime-stone.

Síol Néill, the O'Neills.

Gur spréiḋ sé, and he spread.

Buḋ úire, the noblest, the finest.

Baoṫ, wild, harrowing.

Féiḋlim, Phelim O'Neill, who took part in the war of 1641, and was put to death by the English.

Gur ċríonruiġ an t-éag, that death had withered or crippled.

Ċum seaḋma, for service, for use.

Go dáiṁteaṁail, lovingly, with brotherly love.

Méin, mind, noble disposition.

Tréiġteaċ, accomplished.

Cáin, law.

An Té, God; also ċum sásaṁ Dé here.

Cóigeaḋ Laiġean, cúigeaḋ Laiġean, the province of Leinster.

Dún Uí Néill, O'Neill's mansion, *i.e.* Tara, or Dun na Sciath, near Lough Ennell.

Éipte, Egypt.

I.

Ag bruaċ Ḋúin Réiṁe ar uaigneas lae
  Ba snuaḋṁar géaga bláiṫ-ġeal,
Ċualas géimneaċ ċuanta Éireann,
  Is fuaim 'sna spéarta' i n-áirde;
Na dúilí téiḋeaḋ 's a gcúl le céile,
  Is gnúis na gréine báiḋte;
Is sluaġ na n-éan ag fuagraḋ an sgéil,
  Le gruaim gur éag na cága.

II.

Nacar ċlaoiḋte mé, 'mo luiġe dá mbéinn
  Go bfuiġinn-se sgéala ó'n áḋbar,
Tar éis críoċnuiġṫe an tsaoġail, mar ṁiniġeas cléir,
  Béiḋ triall ar Ġaeḋil an lá sin.
Bí uaṫḃás gaoiṫe ag fuamnaḋ an aeir
  Le síor-ċur laiḋge is táirniġe,
'S na hualaiġ éisg le gruaim gur éag
  'Na gcuail ar ṫaoḃ na trága.

III.

Tráṫ ṫionntuiġ an spéir 's gaċ níḋ faoi'n ngréin,
  'S an saoġal faoi éiclipse áḋḃal,
Smaoineas féin gur ṁitiḋ dam téiṫeaṁ
  Go dún na gcraoḃ 's na fáilte;
D'éiriġ an smaolaċ cuṁra béil-ḃinn
  Suas ar ġéagán láiṁ liom,
'S ba ḃinne 'ná téada milse Orṗéus
  Ceileaḃar an éin dob' áille.

IV.

A smaolaiġ ċléiḃ, ó 'tċí tú féin
  Gur claoiḋeaḋ sliocht Gaeḋil 'san áit seo,
Taḃair éirġe léim i lúib an aeir,
  'S beir saiġeadaḋ géar ar sáile,
Mar 'ḃfuiġe tú fréaṁ de ġaol Uí Néill
  I dtíorṫaiḃ tréan' na Spáinne
Is aiṫris do'n méid sin ṁairfeas ó'n éag
  Gur sgaoil an aol-ċloċ áluinn.

V.

Tráṫ ċualaiḋ an t-éan mé ag luaḋ Síl Néill
  Le gruaim gur éiriġ i n-áirde,
A sgiaṫáin gur spréiḋ sé síos go féar leis
  'S buail sé a ṫaoḃ go cráiḋte;
Duḃairt gur buaiḋearṫa baoṫ mo sgéal,
  Ó ċuaiḋ faoi léagaiḃ spáirniḋe,
'S má ċuarṫuiġir féin na tuambaí céadna
  Gurab ualaċ cré 'gus cnáṁ iad.

VI.

D'ḟiafruiġeas féin de ṗlúr na n-éan
  Buḋ úire d'éanlaiṫ Ṗárrṫais,
'N-ar fuagair sé an dún buḋ saiḋḃre
  Creagán na gcraoḃ le gárṫaiḃ,
Nó an gcualaiḋ na tréinfir d'uaisliḃ Ṡíl Néill,
  Gur tuairgneaḋ saor i láṁaiḃ,
A ruaigfeaḋ an méid seo uainn as Éirinn,
  Sluaiġte Ṡéaġain is Ṁáirtin.

VII.

Eoġan Ruaḋ, mo léan tú ḃeiṫ fuar i gcré—
  Is tú ruaigfeaḋ an ċeiṫearn Ġallda;
'S gur fuaduiġeaḋ Féiḋlim uasal tréiġṫeaċ
  Go cúigeaḋ Laiġean dá ḃasuġaḋ;
Tiġearna Uíḃ Éaċaċ ḃí ar uaisliḃ Gaeḋeal
  Gur ċríonruiġ an t-éag a ċnáṁa;
Is cá ḃfuiġear a léiṫid arís ċum féaḋma,
  Ó sínead an méid seo i gclárṫaiḃ?

VIII.

Go Tír Eoġain má ṫéiḋir, ġeoḃair póg is céad,
  Is treóruiġ an sgéal go dáiṁṫeaṁail,
Mar a ḃfuil na laoċraiḋ is dísle méin
  Tá lúṫṁar tréiġṫeaċ láidir.
Tá an ċáin seo réiḋ ċum sásaṁ an Té
  D'ḟág smál ar Ġaeḋil ó'n tráṫ sin,
'S a ṗlúir na n-éan, ná huṁluiġ go héag
  Go dtiocfaiḋ Síol Néill le cárrṫáil.

IX.

Ó ḃreoiḋ tú mé le glór do ḃéil,
  'S naċ ḃfoġar le léiġeas ó'n mbás mé,
Go cóigeaḋ Laiġean is cóir dúinn gléas
  Go dún Uí Néill ar máirseáil—

Ór na hÉiṗte is spórt na Gréige
Agus ceól na dtéad ar ċláirsiġ,
'S ní ḃfóirfeaḋ an méid seo is foġaim go léir,
A stóir, mun' n-éagfainn láiṁ leat.

Art Mac Cobṫaiġ cct.

I. Snuaḋṁar = sníoṁaṁail, seasgair, cluṫṁar, téagraċ, sóḋaṁail, snug, sheltered, cosy, comfortable.
Na dúilí téiḋeaḋ = do téiḋeaḋ na dúile, the elements had been heated, there had been a thunder-storm.
Na cága = na cabóga, the jackdaws.

II. Naċar = nár.
Laiḋge, *gen.* of laḋg = sneaċta, oiġear.
Táirniġe = tóirniġe, *gen*, of tóirneaċ, thunder.

III. Smaolaċ, *m.*, = smólaċ, *f.*, thrush.
Béil-binn (*pron.* béilinn in the habitat of the poem), sweet-voiced, melodiously warbling.

IV. 'Tċí tú = 'ċíonn tú (do-ċí tú), ḟeiceann tú, thou seest.
Saiġeadaḋ = seideaḋ, sideaḋ, eiteallóg, eilteog, eiltreaċ, flight, swift effort of flying.
Ar sáile = ṫar sáile, ṫar lear, tar fairrge.
Aiṫris = árruiġ, innsiġ, innis.

V. Ḃuail = ġread (leagaḋ eile air).
Ḃuaiḋearṫa, *pron.* ḃaerṫa in Oriel.
Léagaiḃ = liagaiḃ; faoi lic.
Spáirniḋe = spárnaiḋe, contestant, fighter.
Tuambai = tompaí, searta, uaġanna.

VI. 'N-ar (an + ar ?) = ar; ar ḟuagair sé, had he warned.
Creagán, Creggan, in the Fews, Co. Armagh.
Le gárṫaiḃ, with shouts.
Gur tuairgneaḋ saor, that an artificer had been overcome (crippled, rendered powerless).
Ṡéaġain = Ṡeáġain, Ṡeáin.

VII. An ċeiṫearn ġallda = an buiḋean gallda, an drong ġallda, na Goill.
Uíḃ Éaċaċ = Iveagh, in Co. Down; Mac Aonghusa was lord of it.
Gur ċríonruiġ = gur ċríonuiġ.
Cá ḃfuiġear = cá ḃfuiġṫear, cá ḃfuiġfear, cá ḃfaġfar.

VIII. Go dáiṁṫeaṁail = go dáimeaṁail, go báiḋeaṁail, go gráḋṁar muinnteardha; dáiṁṫe = dáiṁ, .i. báiḋ, gráḋ.
Tárrṫáil = fóirṫin, fóirṫint, fóiriġin, sábáil, congnaṁ.

IX. Ḃreoiḋ = ḃuaiḋir, ḃrónuiġ.
'S naċ ḃfoġar ('s naċ ḃfaġṫar) = 's naċ ḃfuiġṫear.
Éiṗte = éigipte.
Ní ḃfóirfeaḋ = ní ḟóirfeaḋ.
Foġaim = faġaim, I *s. imptv.*; is foġaim go léir, and let me get it all = if I got it all.
Mun' = muna, mur, mara, mar.

XXXI.—Gnóṫa an Ḟeirmeora.

Neaṁ-ċinnte, mí-ḋearḃṫa, uncertain.

Cinnteaċt, ḋearḃṫaċt, certainty.

Barraiḋeaċt, an iomad, an iomarca, iomarcaiḋ, too much, excess.

I n-aireaċas grinn, ar a ċoiṁeád i gcoṁnaiḋe, constantly attentive, always on the alert.

'Sa ċeart, ar ḋóiġ, ar caoi, properly, right.

Driseoga, dreasóga, driseaċa, drisleaċa, briars, brambles.

Pór, síol, seed; sometimes = a brood (of animals).

Leaṫadaċ, leiṫeadaċ, leiṫeadaṁail, abundant.

Bun barr, bun agus barr, both root and stock.

Losgaḋ, dóġaḋ, to burn.

Glúineaċ ḋearg, dead or spotted knot-grass, persicaria or arsmart, *polygonum persicaria*; it is one of the ten knot or kneed weeds.

Lag-ṗortaċ, consisting of bad or old bog.

Domasaċ, mossy land, light, dry soil.

Aiṫ-treaḃṫar, is re-ploughed.

---

1. Is neaṁ-ċinnte an rud é barr na bliaḋna. Féadann an feirmeoir a ḋíċeall do ḋéanaṁ, agus 'na ḋiaiḋ sin agus uile ní'l cinnteaċt ar biṫ aige go mbéiḋ luaċ a ṡaoṫair aige. Má ḃíonn an t-earraċ ro-ḟliuċ, nó ro-ṫirm, nó ro-ṁall, cuirfiḋ sin droċ-ṁeisneaċ air; má ṫig sioc fá Ḃealtaine, mar is gnáṫaċ go minic; má ṫig barraiḋeaċt gaoiṫe nó fearṫanna, nó barraiḋeaċt d'aon ċineál doininne; má ṁeaṫann nó má loḃann an barr; nó má ṫig droċ-luaċ ar an earraḋ atá le díol aige, is olc an sgéal aige é.

2. Caiṫfiḋ sé beiṫ i n-aireaċas grinn an uile lá ar eagla go dtiocfaḋ aicíd ar biṫ ar a ċuid eallaiġ nó naċ ḃfásfaḋ an barr ar ḋóiġ. Caiṫfiḋ sé beiṫ os cionn a ġnoiṫe i gcóṁnuiḋe, óir má ġníḋ sé failliġe ar feaḋ coicṫiġise amáin i n-aon ḃarr atá faoi ṫalaṁ aige, is dóiċe go gcaillfear an barr sin, agus 'na ċois sin cuid

ṁór de ḟaoṫar na bliadna. Má cuirtear aon ċuid de'n tríol síos ro-luaṫ nó ro-ṁall, nó muna mbaintear an barr 'san am ċeart, ní ḃéiḋ toraḋ air mar baḋ ċóir.

3. Duḃras ċeana go ḃfuil baraṁail ag cuid de na hÉireannaiġiḃ go ndéanfaiḋ amadán ar biṫ feirmeoir maiṫ go leór, aċt is léar do'n uile ḋuine a ḋearcas ar an ċeist so naċ aṁlaiḋ atá, agus gur deacair do'n ḟeirmeoir fios a ġnoiṫe ḃeiṫ aige 'sa ċeart, agus ní'l aon duine siuḃlas tríd an tír naċ ḃfeiceann go ro-ṁinic go ḃfuil cuid ṁór de ṫalaṁ na tíre agus de ḟaoṫar an ḟeirmeora dá gcur amuġa.

4. Tá luaċair, fiastalaċ agus luiḃeanna mí-ḟoll-áine ag fás i n-áiteaċaiḃ i n-ar ċóir do ḟéar maiṫ a ḃeiṫ, mar naċ ḃfuil an talaṁ tiormuiġṫe ar dóiġ. Mar an gcéadna ní'l an talaṁ atá faoi ḃarr leaṫ coṁ tairḃeaċ, mar naċ ḃfuil sé tirm go leor agus mar naċ ḃfuair sé an ġiollaċt ċeart. Tá driseoga, copóga, neanntóga, aiteann agus brosnaċ ag fás i n-áiteaċaiḃ, ag glacaḋ seilḃe ar ṁór-ċuid de ṫalaṁ na hÉireann, agus muna dtugṫar aire gan ṁoill agus iad so a ḋíbirt agus a sgrios, is baoġlaċ go mbéiḋ Éire "faoi ṁuing" an ceaṫraṁaḋ huair.

5. Is measa an aiteann agus na copóga i ḃfad ná an ċuid eile, mar ṫig mórán póir orṫa agus sgabann sé go leaṫadaċ, má léigtear dó. Is doiliġ agus is ro-ḋoiliġ iad so a ḋíbirt, aċt ní'l sé do-ḋéanta má ċuireann an feirmeoir roiṁe féin é. 'Sé an dóiġ is fearr le n-a ḋéanaṁ, a mbaint bun barr ar an talaṁ go luaṫ 'san earraċ agus a loisgaḋ. Arís ins an ḟóġṁar, má bíonn copóga 'san ḟéar, is cóir iad a ċruinniuġaḋ agus a ndóġaḋ mar an gcéadna.

6. I n-áit so a ḋéanaṁ, 'sé an rud do-ġní mórán de na daoiniḃ leo, a gcaiṫeaṁ ar ḃarr claiḋe nó i ndíg nó ag bun nó barr na gcuiḃreann agus a ḃfágáil annsin go ḃfásfaiḋ siad arís agus go sgabṫar a bpór soir agus siar anonn agus anall tríd an tír.

7. 'Na ċuideaċta so, is éigean do'n ḟeirmeoir coiṁ-eád cúramaċ a ḋéanaṁ ar eagla go ḃfásfaḋ flioḋ nó

glúineaċ ḋearg, nó salaċar ar biṫ eile ḋe'n tsaṁail sin, i n-a ċuid talaiṁ. Má tá sean-ḋomasaċ aige, nó lag-ṗortaċ i n-ar gearraḋ móin, is ḋeacair ḋó a gcoingḃeáil saor ó ṡalaċar, go háirigṫe 'san ḟóġṁar. Caiṫfiḋ sé an salaċar a ġlanaḋ as a ċuid potátaí agus meacan coṁ luaṫ agus is féidir ḋó, agus é seo a ḋéanaṁ arís agus arís eile, má's riaċtanaċ é.

8. Tá aol an-ṁaiṫ ag an ċineál talaiṁ seo, ní hé aṁáin fá ċoinne an salaċar do ḋíbirt, aċt fá ċoinne an talaiṁ a leasuġaḋ. Tá buntáiste 'san aol ar ḋóiġeannaiḃ eile coṁ maiṫ. Ġní sé an talaṁ níos brisge agus níos fusa le oibriuġaḋ agus níos fearr fá ċoinne an uile ċineáil barr, aċt aṁáin an líon, agus ġní sé doċar do'n líon.

9. Ní hionann an ġiollaċt is cóir a ṫaḃairt do ṫalaṁ ċréafóige agus do ḋomasaċ. Tá an domasaċ i ḃfad níos mó tugṫa do luiḃṫearnaiġ ná an talaṁ créafóige. I ndeireaḋ fóġṁair, nó coṁ luaṫ 'sa ġeiṁreaḋ agus is féidir é, treaḃṫar an talaṁ créafóige agus aiṫ-treaḃṫar é arís ins an earraċ, aċt, dá ndéantaoi so leis an domasaċ, ṁillfiḋe é, mar ḃeaḋ sé lán de ṡalaċar riṫ na bliaḋna i ndiaiḋ an ċineáil ġiollaċta so.

10. 'Sé an rud a ġníṫear leis an domasaċ, clasanna a ṫógáil ann agus iomaireaċa a ḋéanaṁ ḋe. Léigeann siad so ar siuḃal an t-uisge, agus mar sin tá an talaṁ tirm 'san earraċ agus féadann an feirmeoir an síol do ċur go luaṫ ann. Aċt tá níos mó ná buntáiste aṁáin le tógáil na gclas. Tá searḃḟóġantaiḋe ag obair riṫ an ġeiṁriḋ do ḟeirmeoir a ḃfuil a ċuid talaiṁ ġiollaċta mar baḋ ċóir aige, agus ní iarrann siad tuarastal ar biṫ air. Beirt aca so an sioc agus an t-aer agus ġní siad obair ṁór ṫairḃeaċ i n-áit ar biṫ i ḃfuil an talaṁ treaḃṫa agus na clasanna tógṫa.

7. glúineaċ ḋearg = glúineaċ ṁór, clúnaċ ḋearg.

XXXII.—An Ṁaoineaċ.

An Ṁaoineaċ, *f.*, a mountain near Ardara, Co. Donegal.
Aball, an orchard.
Seamair, clover.
Spíosraí, spices, fragrant plants; *pl.* of spíosra.
Míonaċ, mianaċ, a mine.
Fíor-ċeart, genuine.
Loingis, ships, fleets.
Dá aoibne, how pleasant soever.
Macnaiḋ, youths, young men.
Díomsaċ, proud, haughty.
Faoillíḃ (*dat.*); *nom.* Faoillí, the latter half of February and the early part of March.
Dosaċ, bushy, having bushes.
Dualaċ, entwined with the growth of vegetation.
Go meallfá, (indeed), you would amuse (coax).
Méiṫ, fat, plump.
Muc, a pig; a play upon the word, as here an Muc also = Muc Gomna, a townland of the mountain.
Cairrfiaḋ (.i. "fiaḋ firionn"), a hart, a male deer.
Tuaṫṁain = Tuaṁain = Tuaḋṁuṁa, Thomond.
Eilid, eilit, hind, doe.
Sliaḃ Luaċra, Slieve Lougher, a mountainous district, around Castleisland, in Kerry,
Easa Ruaiḋe, *gen.* of Eas Ruaḋ = Eas Ruaiḋ, Assaroe, near Ballyshannon.
Maiġdean ṁara, mermaid.
I n-am ċruaḋtain, in time of dearth.
Ag cúirt sin Roibín Ḟinnléiṫ, at that mansion of Robert Finlay.
'Na ṁolltraiḃ, in its heaps, *i.e.* in heaps.
Dá ṫionntóḋ, being turned.
Go loinnearaċ, brightly, brilliantly.
Niṁneaċ, sore, painful.
Orgáin, organs.
Trompaí, trumpets.
Muirneaċ, precious.
Le roinn ar an tsaoġal, to be distributed to all.
Suiḋe, siege; a ċur suiḋe le, to besiege.
Gaoḃar, nearness; ar ár ngaoḃar, near us.
Íocsláinte, balsam, all-heal.
Ag reaṫaiġ, running.
'Gus bíoḋ = agus bíḋís, and let them be = if they were; bíoḋ, *3s.* form, Northern usage.
In' feiḋm, in want or need of.

I.

Molaim féin an Ṁaoineaċ
'S an aball atá léiṫi sínte,
A dtig seamair ar gaċ taoiḃ di,
Agus spíosraí go léir;

Annsin a ġeoḃfaiḋe an mīonaċ
A ḋeanfaḋ an t-airgead fíor-ċeart,
A dtig loingis ó na ríġtiḃ
  Le fíon fá n-a ḋéin;
Ní'l seort ar biṫ, dá aoiḃne
Naċ ḃfásann ċugainn aníos ann;
Bíḋ grása an Spiorad Naoiṁ ann,
  'S ní baoġal dúinn ḃeiṫ gan é;
Bíḋ macnaiḋ ġarta ḋíomsaċ;
Is glas na cnuic 'sna ḟaoillíḃ;
Is ann a ġeoḃfaiḋe an t-aoiḃneas—
  Is fíor sin 's ní bréag!

II.

Is trom dorsaċ dualaċ
Ó ḋeas agus ó ṫuaiḋ í—
A Ṁaoineaċ, ḃeirim buaiḋ duit,
  Gur tú mo leabaiḋ luiġe;
Ní ḟacas ariaṁ gruaim ort—
Go meallfá daoine uaisle,
'S is méiṫ an Ṁuc ag gluaiseaċt
  Anuas ó do ṫaoiḃ;
Bíḋ an cairrfiaḋ aníos ar Tuaṫṁain,
An eilid ar Sliaḃ Luaċra,
Bradán Easa Ruaiḋe
  Ag síleaḋ anuas agus aníos;
Bíḋ an ṁaiġdean ṁara ag gluaiseaċt
Faoi ḋídean gaċ sluaiġte;
Bíḋ an saiḋbreas go buan ann—
  I n-am ċruaḋtain ní bíonn dít.

III.

Ag cúirt sin Roibín Ḟinnléiṫ
Tá an t-ór buiḋe 'na ṁolltraiḃ
Le sluaistiḃ dá ṫionntóḋ
  Go loinnearaċ le gréin;
Bíḋ an síoda ar na tuim ann,
Is torṫa breaġṫa milse;
Ó'n ċléir go dtig an conntae
  I dtimċeall an ṁeaḋoin lae;

Ní'l créatúir dá mbéiḋeaḋ tinn boċt,
'Na ċneaḋaċaiḃ cé gur niṁneaċ,
Naċ leiġeasfaiḋe gan ṁoill iad
  Le himpiḋe Ṁic Dé;
Bíḋ orgáin agus trompaí
'Gus cláirseaċa ar urlár,
Fíon cé gur muirneaċ
  Le roinn ar an tsaoġal.

IV.

'S ag teampall Ċoluim naoṁṫa
Tráṫ bainntear clog an ḟíor-ċeirt
Do ġlórṫaiḃ ṡalm síor-ḃinn,
  A ċur suiḋe leis an éag,
Ní heagal dúinn na pianta—
Bíḋ flaiṫeas ar ár ngaoḃar;
Gur ar ċeann úd ṫoir de'n Ṁaoiniġ
  Tá aoiḃneas an tsaoġail!
Tá tobar meala 's íocsláinte
Ag peaṫaiġ 'nuas go díreaċ,
A leiġeasfaḋ na mílte
  'Gus bíoḋ ag dul 'sa ċré;
An foġṁar linn go críoċnuiġ'e
Fá dó 'sa ḃliaḋain gan sgíste;
Ó neaṁ go dtig gaċ ní ċugainn,
  Dá mbíomuis in' ḟeiḋm!

Eoin Óg Mac Niallġuis ccc.

I. A dtig, often pronounced 'dtig.
Seort = sórt, sórd; cineál; saḋar.
Grása = grásta.
II. Buaiḋ = buaḋ, réim, barr, bál.
The seventh line also reads:
'S naċ méanar do'n ṁacaoṁ a ġluaisóċaḋ anuas ar do ṫaoiḃ.
"and how happy is the youth who would walk down thy side."
Sileaḋ = silt, seilt, shedding, *i.e.*, moving gently.
Maiġdean ṁara = murḋúċann, muruḋaċ (ḃrúċ).
Saiḋḃreas; otherwise saṁraḋ.
Ċruaḋtain=ċruaiḋtin; *nom.* is either cruaḋtan or cruaiḋtean, the latter usually in S. Don.

III. 'na ṁolltraiḃ = 'na ċéadtaiḃ (Or.), 'na ḟlaodaiḃ, 'na ċnapaiḃ, 'na ċarnánaiḃ, na ċarnaiḃ, in heaps.

Ṫionntóḋ = ṫionntaċ, ṫeanntaċ, iompóḋ, ionntóḋ, ṫiompóḋ, iompáil, ionntáil.

Loinnearaċ = lonnraċ, .i. soillseaċ, dritleannaċ.

Breaġṫa = breaġḋa.

Conntas = cúntas, cúnas, áireaṁ.

'na ċneaḋaċaiḃ (*pron.* ċréaċa, Don.) cé gur niṁneaċ = cé gur niṁneaċ é 'na ċneaḋaċaiḃ, though he be sore with his wounds. Another reading is:

Ó ċréaċtaiḃ agus niṁneaċ, from wounds and sore.

The 11th line also is: Le hiṁpiḋe Ḟir an tSaoġail (.i. Críost).

IV. Clog an ḟíor-ċeirt, the bell of truth or justice.

Suiḋe, siege = iomsuiḋe, iomḋruideaḋ, forlongṗort, léigear; a ċur suiḋe leis an éag, to lay siege to death.

Flaiṫeas = flaiṫeaṁnas, neaṁ, heaven.

Ag reaṫaiġ = ag ruiṫ, ag rut, ag riut.

Sgíste = sgíṫ, sgríste: gan sgíste = i gcóṁnuiḋe, always, continually.

Dá mbíomuis in' feiḋm = dá mbeimís 'na ġábaḋ, dá mbéiḋeaḋ a ġnaiṫe againn, dá mbéiḋeaḋ feiḋm (gábaḋ, gnaiṫe) againn leis, if we needed it, if we should want it. Another reading is:

Dá mbíomuid in' feiḋm = which we need or want; dá mbíomuis in' feiḋm also = which we used to need.

[Ó béal-aiṫris Seaġáin Uí Conaċáin, 'sa mBaill Ḃán, agus Éamoinn Óig Ṁic an Ġoill, i nGleann Geis, i dTír Conaill.]

XXXIII.—An Lia Fáil.

Cineaṁain, dán, críoċ, fate, destiny.
Corónuġaḋ, coronation.
Ceannus, headship, rule.
Cruaḋ-ṡaoṫar, severe labour, hard work.
Cruiṫniġ, Picts.
Teaċtaireaċt, message.
Caradas, friendship, amity
Teaṁair na Miḋe, Tara, in Co. Meath.

I. Nuair ċuaiḋ Tuaṫa Dé Danann san Iorruaiḋ, do ċuir muintir na tíre sin fáilte rompa, mar ḃí a ḟios

aca Tuaṫa Dé Danann a ḃeiṫ cliste ar gaċ sórt foġ-luma. Do leagaḋ amaċ 'n-a gcóir ceiṫre caṫraċa ċun árd-sgoileanna a ċur ar bun ionnta. Do ċuir Tuaṫa Dé Danann fear mór léiġinn uaṫa féin ag riar sgoile i ngaċ caṫair díoḃ, agus is dóċa gur ḟágadar múinteóirí ar na sgoileannaiḃ seo nuair do ḃíodar ag triall ar an Iorruaiḋ.

2. Ḃí buiḋeaċas coṁ mór sain ag ríġ na hIorruaiḋe ar Ṫuaṫaiḃ Dé Danann gur ḃronn sé orṫa, nuair a ḃíodar ar tí imṫeaċta, seóid as gaċ caṫair i n-a raiḃ sgoil aca. Is iad na seóide a fuaradar, an Lia Fáil, claiḋeaṁ Loġa Láṁḟada, Sleaġ Loġa, agus coiré mór an Daġḋa.

3. Is é ciall atá le Lia Fáil "cloċ na cineaṁna," mar do ḃí sé i gcineaṁain di, gaċ áit i n-a mbeaḋ sí gur duine de Ċineaḋ Scuit, 'sé sin, de ḟlioċt Míleaḋ Eas-páine, a ḃeaḋ 'n-a ríġ ar an dtír sin.

4. Ṫug Tuaṫa Dé Danann an Lia Fáil leó isteaċ go hÉirinn. Is ar an gcloiċ sin do ċuirtí duine 'n-a ṡuiḋe an ḟaid do ḃeiṫí ag déanaṁ árd-ríoġ ḋe. Do cuireaḋ an ċloċ 'n-a seasaṁ i bpálás an áird-ríoġ i dTeaṁair na Miḋe. Deirtear mar an gcéadna go leigeaḋ an Lia Fáil géim áṫais airti gaċ tráṫ dá mbíoḋ an rí ceart dá ċorónuġaḋ uirṫi, aċt go ḃfanfaḋ sí 'n-a tost, dá mbaḋ rud é nár ḃ'é an fear ceart 'n-a mbeiṫí ag déanaṁ ríoġ ḋe.

5. Le linn Muirċeartaiġ ṁic Earca a ḃeiṫ 'n-a ríġ ar Éirinn, do ċuir sé a ḋearḃráṫair, 'sé sin, Fearġus Mór, mac Earca, go hAlbain le flaiṫeas agus ceannas a ḃaint amaċ ḋó féin ann. D'imṫiġ Fearġus go hAlbain agus sluaġ i n-éinḟeaċt leis. Fuair sé ceannas na tíre go léir d'éis mórán saoṫair is cogaiḋ. Ṫeastuiġ uaiḋ annsoin go ndéanfaiḋe rí Alban de, agus flaiṫeas na tíre úd do ḃeiṫ aige féin is ag a ḟlioċt go bráṫ.

6. Do ġlaoiḋ sé ċuige teaċtaire, agus duḃairt leis:



"Do ġlaoiḋ sé ċuige teaċtaire."

"A ḋuine ċóir," ar seisean, "is eól duit-se cionnus mar d'éiriġ linne ó d'ḟágamar Éire. Tá cogaḋ agus cruaḋ-ṡaoṫar curṫa ḋínn againn, agus, dá ḃarr sain, tá buaiḋte againn ar ċinéalaiḃ borba na hAlban go léir. Tá Gaeḋil na hAlban fá riar againn. Tá na Cruiṫniġ agus treaḃa cuṁaċtaċa eile na tíre seo fá smaċt againn. Do ċuirfeaḋ soin tír na hAlban ar a ḃonnaiḃ, muna mbeaḋ an t-aon rud aṁáin."

7. "Agus caidé an rud é sin, led' ṫoil?" ars an teaċtaire.

"Tá," arsa Fearġus, "Gaeḋil na hAlban a ḃeiṫ fá ċáin ag muintir na hÉireann. Is ro-ḃaoġal liom go mbeiḋ an ċáin seo 'n-a hualaċ orainn i gcóṁnuiḋe, mar naċ fuilmíd láidir ár ndóṫain le cogaḋ do ṡeasaṁ le sluaiġtiḃ oilte na hÉireann."

8. "An rud naċ féidir a ḋéanaṁ le neart, is féidir a ḋéanaṁ le stuaim," ars' an teaċtaire.

"Cionnus é sin?" arsa Fearġus.

"Naċ é do ḋearḃráṫair-se Muirċeartaċ atá 'n-a árd-ríġ ar Éirinn?"

"Is é, gan aṁras; fear maiṫ agus rí uasal onóraċ is eaḋ é, fá mar ba ḋual dó agus é ṫeaċt ó Niall Naoi-ġiallaċ."

9. "Is fíor gaċ níḋ dá n-abrair i dtaoḃ Muirċeartaiġ," arsʼ an teaċtaire. "Aċt naċ féadfá-sa teaċtaire a ċur ag triall air, le hinnsin dó mar atá buaiḋte agat ar ċumaċtaiḃ na hAlban go léir; go ḃfuiltear ag iarraiḋ rí Alban a ḋéanaṁ ḋíot, aċt gur mian leat é d'eiteaċ de ḃárr an tír a ḃeiṫ fá ċáin ag árd-ríġ na hÉireann. Má ṁaireann cion dá ḋearḃráṫair i gcroiḋe Ṁuirċeartaiġ, cuirfiḋ sé stad leis an gcáin seo."

"Is maiṫ an smaoineaḋ é," arsa Fearġus. "Agus ó's tusa ba ḃun leis, is tusa a ḃéarfas an teaċtaireaċt uaim-se go dtí árd-rí na hÉireann."

10. Níor stad an teaċtaire go dtáinig sé go Teaṁair mar a raiḃ Muirċeartaċ. Do innis sé a sgéala ḋó ó ṫúis go deireaḋ, nár ṁaiṫ le Fearġus, a ḋearḃráṫair féin, a ḃeiṫ 'n-a ríġ ar Albain, de ċionn í ḃeiṫ fá ċáin ag árd-ríġ na hÉireann.

11. "Ná bíoḋ aiṫreaċ ort 'n-a ṫaoḃ sain," arsa Muirċeartaċ. "Ní ḃeiḋ cáin dá leagaḋ feasta ag árd-ríġ Éireann ar ṁuinntir na hAlban. Ba ṁaiṫ liom-sa Fearġus a ḃeiṫ 'n-a ríġ ar na críoċaiḃ a ḃuaiḋ sé amaċ le neart a ċlaiḋiṁ féin. Ní iarrfad air aċt connraḋ a ċeangal liom-sa go mbeaḋ Éire agus Alba d'aon-ḃuiḋin go bráċ i gcongnaṁ, i síoṫċáin, agus i gcaradas le ċéile. Agus rud eile, ó's duine de ċloinn Ṁíleaḋ é ċom maiṫ liom féin, cuirfead an Lia Fáil go hAlbain, go ndéantar rí Alban de uirṫi, agus beiḋ a ṡlioċt i gceannas na hAlban an ḟaid a ḃeiḋ aiḃne ag riṫ agus cnuic 'n-a seasaṁ."

12. Deir uġdair áirġṫe gur ḟan an Lia Fáil i nAlbain 'n-a ḋiaiḋ sin go dtí aimsir an ċéad Éadḃáird a ḃeiṫ 'n-a ríġ ar Ṡasana; go dtug seisean leis go Sasana í, agus go ḃfuil sí anois 'san gcaṫaoir ríoġḋa i n-a suiḋeann rí Ṡasana le linn na corónaċ a ḋul air.

Deir uġdair eile gur tugaḋ ar air go hÉirinn í, agus go ḃfuil sí le feicsint fós 'n-a seasaṁ i dTeaṁair na Miḋe.

1. árd-sgoileanna = árd-sgoltaċa, árd-sgoilte.
4. 'n-a tost = 'n-a sost.
11. aiṫreaċ = caṫuġaḋ, aiṫreaċas, aiṫṁéala.
12. ar air = tar air, ṫar n-air. feicsint = feiceáil.

XXXIV.—An Díbirteaċ ó Éirinn.

Líonraḋ, deluge, drenching from heavy rain.
Táir, mean, shabby, worn.
Sgíosṁar, wearily.
Bléin, groin, side or brow of a hill.
Sgéird, *f.*, bleak place; faoi bléin cnuic na sgéirde, under the brow of a bleak hill.
Díograis (díoġrais), zeal.
Subaċas, joy, mirth, pleasure.
Árus mo ċuṁdaiġ, a dwelling to shelter me, a roof to cover me.
Fiaḋ-ṗuic, stags, deer.
Ag síor-ċleaċtaḋ saor-ċleas, constantly practising noble feats.
Faolċoin, wolves.
Mín-sgoṫ, a beautiful tender blossom or flower.
Caoin-ċruit, gentle or sweet harp.
Dá gléasaḋ, when tuning it.
Úr, freshly, copiously.
Cineaṁain, fate.
Mo lomaḋ luain, my eternal bareness, my constant affliction.
Naoiḋeantaċt, infancy.
Sóġċas, delight, pleasure.
Fáiḋ, prophet; *also* poet.
A Ríoġain na Bóċna, thou Queen of the Main (Sea).
Líonṁar, numerous.
Go síṫ-ṁilis ceólṁar, constantly sweet and musical.

I.

Ṫáiniġ ċum na taoiḋe díbirteaċ ó Éirinn
  Bí líonraḋ na spéire ar a éadaċ ba táir;
Is sgíosṁar do ċaoineaḋ a ṫír 's é 'n-aonar,
  'San oiḋċe faoi bléin cnuic na sgéirde gan sgáṫ:

Do ḃí a súil agus intinn go cruinn ar an réaltan
Do ṫugaḋ fios an lae dó ar Inis na Féile,
Mar a gcanaḋ sé le díograis a ċroiḋe seal an dréacht
sain,
"Buaiḋ agus tréine leat, a Éire go bráṫ!"

II.

"Is truaġ í mo ċúis," ar an sgiúirling boċt céasta,
"Gan subaċas ná saeseaṁ ó ṗéin nó ó ġáḋ;
Ní'l árus mo ċuṁdaiġ i dtrúċaib an traoġail seo,
Fiaḋ-ṗuic is faolċoin giḋ féidir leo 'ḟaġáil;
Ní ḟeicfead-sa coiḋċe an ċoill ċluṫṁar ċraobaċ,
Mar a mbíoḋ mo ṡinsir ag síor-ċleaċtaḋ saor-ċlear.
Ní ċuirfead bláṫ ná mín-sgoṫ ar mo ċaoin-ċruit do
gléasaḋ,
'S ní buailfead a téada ar 'Éirinn go bráṫ'!

III.

O! a Éire mo Ḋúiṫċe! ciḋ dubaċ is ciḋ tréigṫe,
S subaċ mise im' néalaib ag féaċain do ṫráġa!
Ar ṁúsgailt 'san dúiṫċe seo is úr ṡilim déara,
Gan súil re dul ḃ'éiliom mo ġaolta go bráṫ:
A ċineaṁain dona ċruaiḋ! an bfuiġead cuaird beag,
uair éigin,
Do'n tír sin an truaircis, gan buaiḋreaḋ, gan baoġal
dam;
Oċ! mo lomaḋ luain! ní luaisgfead mo ġéaga;
Mo ċáirde, táid traoċta nó ag géilleaḋ dá náṁaid.

IV.

Cá bfuil doras m'árus bí láiṁ ris an gcoill ġlais?
A ċáirde 's a ṁuintir, an díṫ rib é ar lár?
An ṁáṫair ṫug páirt agus grá ḋam im' naoiḋeantaċt,
Nó bráṫair mo ċroiḋe 'stiġ is dílse 'ná các?

Tá an t-anam so mo ḋreolann le brón guirt ag tráġ-
ċan ;
Cá ḃfuil anois an sóġ sain buḋ ḋóiġ linne d'ḟaġáil
seal ?
Oċ ! silim tuilleaḋ deora gaċ ló mar an mbáistiġ,
Gan aoibneas, gan dóċas le sóġċas go bráṫ !

V.

Tar gaċ uile smaoineaḋ dá mbím-se i ngráḋ leis,
Fágaim an ġuiḋe seo 's me ar intinn an ḃáis,
Ag Éirinn, ciḋ táim-se ar fán uaiṫi, ar díbirt,
Ag máṫair mo ṡinsear, 's ag críċ ċirt an ḟáiḋ :
Go mbaḋ ġlas iad do ṁaiġeanna, a Ríoġain na Bóċna ;
Go mbaḋ neartṁar iad do ṡaoiṫe, go mbaḋ lionṁar
do ṡlóiġte ;
Go mbaḋ ḟada ḃeiḋ do ċaoin-ċruit go síṫ-ṁilis ceol-
ṁar,
A Éire mo ṁúirnín ! a Éire go bráṫ ! "

Seaġán Ó Coileáin

do ċuir i nGaeḋilg ar an mBun-Ḃéarla do
sgríoḃ Tomás Mac Cáilín.

I. Díbirteaċ = díbeartaċ ; the latter is the better form, though not occurring in the poem.

The second line also reads :

A ḋlaoi fliuċ ó'n spéir is a éadaċ ó'n ár, 'his tress [of hair] wet through exposure to the air (sky) and his clothes through the slaughter of the battle-field.'

Sgéirde : spéire also for this.

Réaltan = réalt, réalta, réilteann, rialt, star.

Dréaċt = dán, laoiḋ, poem, lay.

II. Sgiúirling = donán, truaġán, troċ, wretch, wretched person.

Faeseaṁ = faoiseaṁ, faoiseaḋ, relief.

i dtriúċaib = i dtíorṫaib, in the lands or countries.

The natural order of the fourth line is : Cé féidir le fiaḋṗoċaib is le faolċonaib é d'ḟaġáil.

Clutṁar = téaġaraċ, sóġaṁail, seasgair, suaḋṁar, sníoṁaṁail te, snug, cosy, warm, sheltering with warmth.

III. Cuaird = cuairt, ruaig, céilíḋe.

Traoċta = treasgarṫa, leagṫa, claoiḋte, overthrown, overcome.

IV. Láiṁ ris = Láiṁ leis, beside.

An ḋíṫ riḃ = an ḋíṫ liḃ, do you feel it a want, do you pity?

Dreolann, *gpl.* of dreolann = drólann, intestine; *pl.* = entrails but poetically 'heart'; mo ḋreolann, of my heart.

Tráġċan = tráġċaint, tráġaḋ, ebbing.

V. Smaoineaḋ (smuaineaḋ) = smuaintiuġaḋ, smaoi'tiuġaḋ.

Do ṁaiġeanna (ṁuiġeanna, *i.e.* to be so pronounced) = do ṁáġa do ṁaċairí.

A Ríoġain na bóċna = a ḃain ríoġain na fairrge.

Do ḟaoiṫe = t'aos ealaḋna, thy learned people, literati, but saoiṫe also = curaḋa (curaí), gaisgiḋiġ, heroes, champions.

The sixth line also reads:

Go mbaḋ fada ḃeiḋ d'ḟíor-ċlann ag síor-ċleaċtaḋ spórta, 'may your true children be always practising sports.'

[Do canaḋ le saoi uasal a cuireaḋ ar ionnarbaḋ ó n-a ṫír ḋúṫċais ins an gcóṁġluasaċt áḋbail do ċinn i mbliaḋain 1798 (seaċt gcéad déag nóċa a hoċt).

Ar ionnarbaḋ = ar díbirt.

Cóṁġluasaċt = cóiṁéirġe, éirġe amaċ.

Do ċinn = do ṫainig ċun críċe, do ṫuit amaċ.]

XXXV.—Aicmi éanlaiṫ.

Aicme, 'order.'
Cráig, claw.
Do réir sliġe maireaċtála, according to mode of life.
Eala, swan.
Mianaċ, 'family.'
Éanlaiṫ an uisge, water-birds.
Sroiċeann, reaches.
Ní'l éan ag dul an t-aer, there is not a bird that flies.
Cé is móide de, diombainte de, aċt, except, besides; i n-éagmais, i n-iongnais, seaċas, are sometimes used rather similarly.
Guib bioraċa, pointed beaks.
Éanlaiṫ mong, marsh-birds, wading birds.
Glaise, a slow stream where water-plants grow.
An ċrutaċ, the curlew.
An naosg, the snipe.
An ċorr sgréaċóg, the heron.
Creabar, woodcock.
Feileaṁaint, adaptation.
Áiteaċa i mbíonn a dtaṫaiġe, places they frequent.

Straparadóirí, dreaparadóirí, dreaparadaeirí, graparadóirí, 'climbers.'
Éanlaiṫ cléiṫe, roosting birds, perchers.
Sgeiċeoiríb, haws.
Is buaine a ṫaṫuiġeas na straparadóirí ins na crannaib, the climbers inhabit the trees more continuously.
Tollaḋ, boring, piercing.
Alltraċa, cliffs.
Ionad cóṁnuiḋe, dwelling-place.
Seabac, hawk.
Iolar, eagle.
Éanlaiṫ fáitealla, 'birds of prey.'
Ingne, talons.
Éanlaiṫ itreaċ, soil birds, 'scraping birds.'
Cearc ḟraoiġ, a grouse.
Colm, a dove.
Traḋan, a corncrake.
Patar uisge, paitrisg, a partridge.
Éanlaiṫ reaṫa, running birds.

I. Os cionn ṡeaċt míle cineál áiriġṫe éan adubramar a beiṫ ann. Tá cosaṁlaċt ṁór ag cuid de na héanaċaib le céile i n-a ngob agus i n-a gcráig. Is ionndaṁail go mbíonn déanaṁ áiriġṫe ar an ngob agus ar an gcráig do réir ṡliġe maireaċtála an éin, agus do réir na háite i gcoṫuiġeann sé ag soláṫar a beaṫa.

2. Is cineál áiriġṫe éin an gé, agus is cineál áiriġṫe an eala, agus is de aon ṁianaċ aṁáin an dá éan. Tá cúig ṁianaċ éanlaiṫ a ċoṫuiġeas 'san uisge, agus áiriṁṫear éanlaiṫ an uisge mar aicme aṁáin de éanlaiṫ an doṁain.

3. Feictear go leor éanaċa de'n aicme sin ar ḟairrgíḃ agus ar loċannaiḃ agus ar aiḃneaċaiḃ na hÉireann, ag snáṁ ar an uisge agus ag soláṫar ann. Ní ḟliuċann an t-uisge a gclúṁaċ. Doirteann an t-uisge ḋíoḃ gan iad a ḟliuċaḋ. Tá déanaṁ ar leiṫ ar a gcráig seaċ agus éanlaiṫ na talṁan. Sroiċeann an croiceann amaċ idir méara na cráige, agus foġnann sin dóiḃ ag snáṁ. Ní'l éan ag dul an t-aer a ḃfuil an déanaṁ sin ar a ċráig aċt aṁáin éanlaiṫ an uisge.

4. Bíonn guib leaṫana ar éanlaiṫ de ṁianaċ na laċa, mar tá an laċ, agus an gé, agus an eala. Guib ḃioraċa a ḃíos ar ċuid ṁaiṫ d'éanlaiṫ an uisge a ḃfuil sé de ṁianaċ ionnta a ḋul doiṁin faoi uisge ag soláṫar.

5. Éanlaiṫ mong an dara haicme éanlaiṫ. Coṫuiġeann siad i mongaiḃ agus i nglaisíḃ agus i léanaiḃ i n-aice aiḃneaċa. Is de'n aicme sin an naosg agus an ċrutaċ, agus an corr sgréaċóg, agus creaḃar an ġuiḃ ḟada. Tá a nguib agus a gcosa ag feileaṁaint do na háiteaċaiḃ i mbíonn a dtaṫaiġe. Guib ḟada ṫanaiḋe atá orta, agus tá fad dá réir i n-a luirgníḃ, 'sa gcaoi go ḃféadann siad siuḃal i mongaiḃ, agus a nguib a ṡáṫaḋ síos 'san uisge ag tóraiḋeaċt piast.

6. Éanlaiṫ crann an tríoṁaḋ haicme, agus an ceaṫraṁaḋ haicme, mar is féidir ḋá aicme a ḋéanaṁ ḋíoḃ, 'sé sin, straparadóirí agus éanlaiṫ cléiṫe. Coṫuiġeann an dá aicme ins na crannaiḃ. Tagann siad suas ar sgeiċeoiríḃ,* agus ar ḟioltaiḃ agus ar ṗéirtiḃ.

7. Is buaine a ṫaṫuiġeas na straparadóirí ins na crannaiḃ ná an ċuid eile. Tig leó siuḃal suas ar ṫaoḃ an ċrainn, mar is é an ċaoi a ḃfuil méara na cráige orta, péire de na méaraiḃ taoḃ ṫiar, agus an péire eile

* Sgeaċóirí is beaṫa dóiḃ, tigeann siad i dtír ar sgeaċóiríḃ

amaċ. Bíonn barr géar ar a ngob, le go bḟéadann siad cairt an ċrainn a ṫollaḋ ag tóraiḋeaċt piast.

8. Ní ċoṫuiġeann na héanlaiṫ cléiṫe insna crannaiḃ coṁ buan sin; téiḋeann siad ṫart ar fud na ngarranta ag soláṫar dóiḃ féin; agus an uair a ḃíos a sáiṫ iṫte aca, tagann siad ċun dín agus ċun fasgaiḋ ar sgáṫ na gcrann.

9. Éanlaiṫ alltraċa an cúigeaḋ haicme, 'sé sin, an aicme a mbíonn a n-ionad cóṁnuiḋe insna halltraċaiḃ ar nós an treaḃaic agus an iolair. Éanlaiṫ fáitealla ainm eile dóiḃ, mar is ar gaċ a ḃféadann siad a ṁarḃuġaḋ de éanaċaiḃ, agus d'uanaiḃ, agus de ṁionnánaiḃ, agus de ġirrḟiaḋaċaiḃ, atá a dtiġeaċt suas. Guib cama, agus ingne cama láidre a ḃíos orta.

10. Is iad na héanlaiṫ fáitealla na héanlaiṫ is géire amarc 'sa doṁan. "Na trí amarc is géire ar biṫ, amarc iolair i gceó, amarc con i ngleann, agus amarc mná óige ag oireaċtas."

11. Éanlaiṫ iṫreaċ an seiseaḋ haicme, 'sé sin, na héanlaiṫ a sgríobas an talaṁ ag soláṫar ann. Tá a gcráigeanna déanta ar an sgríobaḋ. Is mó de ṡiuḃal a ġníonn siad ná éan-aicme eile dá ḃfuil áiriġte againn, agus is ionndaṁail go mbíonn pontáin ṁaiṫe láidre de ċosaiḃ fúta, ag feileaṁaint do'n triuḃal.

12. Is de'n aicme sin na cearca agus na cearca fraoiġ, agus na cuilm, agus na traḋain, agus na patara uisge. Ní hionndaṁail eiltreaċ ṁaiṫ ag éanaċaiḃ de'n aicme seo, cé tá cuid de na colmaiḃ i n-innṁe céad míle 'san uair a ḋéanaṁ.

13. Éanlaiṫ reaṫa an seaċtṁaḋ haicme. Ní éiriġeann siad 'san aer ar nós na n-éanlaiṫ eile; aċt cóṁnóċaidís suas le capall rása ag riṫ ar an talaṁ. Insna tíorṫaiḃ is teó 'sa doṁan a ċoṫuiġeann siad; ní ċoṫuiġeann aon ċuid aca i nÉirinn.

3. Clúṁaċ = clúṁ, cluiṁreaċ (*f.*). Ag dul an t-aer = a ḃíos ar eiteoig = ar an doṁan.

4. Laċ = laċa. Laċa = laċan.

5. Feileaṁaint = fóraḋ, fóirstin, oireaṁaint. Guib ḟada ṫanaiḋe = goba fada tanaiḋe.

7. Crannaiḃ = crainntiḃ. Cairt = croiceann.

9. éanlaiṫ alltraċa = éin aille. Iolair = iolra. A dtiġeaċt suas = a gcoṫuġaḋ.

XXXVI.—Lon Ḋoire an Ċairn.

Lon, *voc.* Luin, male blackbird, now more commonly lon duḃ.

Doire an Ċairn, said to be "Derrycarn, in Co. Meath"; there is also a place of the name in Co. Leitrim.

Biṫ, world.

Mairg naċ éisteann ris, woe to him who does not listen to it.

Nóin, none, a canonical hour.

I gcríċ Loċlann, in the land of Scandinavia.

Sgolġáire, the sound made by a blackbird, often when disturbed; sgol, a shriek + gáire, laughter.

Búiṫre, bellowing.

An daiṁ, of the ox.

Aill na gCaor, Berrymount, in Tomregar Parish, Co. Cavan?

Loċ na dTrí gCaol, Loughnadreegeel, near Ballyjamesduff, Co. Cavan.

Cearca fraoiċ, female grouse.

Feadġail dobróin, the mournful whistling.

Cruaċain Ċuinn, Rathcroghan, in Toberrory townland, Elphin Parish, Co. Roscommon.

Druim Dá Loċ, Drumalough, in Co. Roscommon; there are two lakes in the townland.

Gleann na bFuaċ, Glennawoo, in Co. Sligo.

Lonġoire, cooing.

Cnoc na Sgoṫ, Flowerhill, in Cloonoghil Parish, Co. Sligo.

Gleann Caoin, Glenkeen; there are many places so named; one in Murrisk, Co. Mayo, and one near Rathmelton, in County Donegal, are the most likely, as being near the coast.

I.

Binn sin, a Luin Ḋoire an Ċairn!
Ní ċualas i n-aird 'san mbiṫ
Ceól buḋ binne 'ná do ġuṫ
Agus tú fá ḃun do nid.

II.

Aon ċeól is binne fá'n mbiṫ,
  Mairg naċ éisteann ris go fóil,
A ṁic Aipluin na gclog mbinn,
  'S go mbéarṫá arís ar do nóin.

III.

Agat, mar tá agam féin,
  Dá mbeiṫ deiṁin sgéil an eoin,
Do-ġéantá déara go dian,
  'S ní biaḋ ṫ'aire ar Ḋia go fóil.

IV.

I gcríċ Loċlann na sreaḃ ngorm
  Fuair mac Cuṁaill na gcorn ndearg
An t-éan do-ċiṫí anois—
  Ag sin a sgéal duit go dearḃ.

V.

Doire an Ċairn an ċoill úd ṫiar,
  Mar a ndéindís an Ḟiann fos;
Ar áille 's ar ċaoiṁe a crann
  'Seaḋ do cuireaḋ ann an lon

VI.

Sgolġáire luin Ḋoire an Ċairn,
  Búiṫre an daiṁ ar Aill na gCaor,
Ceól lé' gcodlaḋ Fionn go moċ;
  Laċain ó Loċ na dTrí gCaol.

VII.

Cearca fraoiċ um Ċruaċain Ċuinn;
  Feadġail dobróin Druim Dá Loċ;
Gota fiolair Ġlinn na bFuaċ;
  Longoire cuaċ Cnuic na Sgoṫ.

VIII.

Gota gadar Gleanna Ċaoin,
Is gair fiolair ċaoiċ na sealg;
Tairm na gcon ag triall go moċ
Isteaċ ó ṫráiġ na gcloċ ndearg.

IX.

An tráṫ do ṁair Fionn 's an Ḟiann,
Dob' annsa leó sliaḃ 'ná cill;
Fá binn leó-san fuiġle lon;
Gota na gclog leó níor ḃinn.

Laoiḋ Fiannaiḋeaċta.

I. I n-aird 'san mbiṫ = i gceann 'san doṁan, i n-áit ar biṫ.

II. Ris = leis.
a ṁic Arpluin = a ṁic Ċalpruinn, thou son of Calpurnius, i.e. St. Patrick.

III. Deiṁin = dearḃ, fírinne.
Do-ġéantá = do silfeá.
Déara = deóra.
ní ḃiaḋ = ní ḃeaḋ, ní ḃéiḋeaḋ.

IV. Sreaḃ = sruṫ, sruṫán.
Mac Cuṁaill = Fionn mac Cuṁaill.

V. Fos = stad, cóṁnuiḋe, sgíṫ.

VII. Fiolair = iolair, iolraiġ.

VIII. tairm = tarm, tormán, fuaim.

IX. Fá = ba, buḋ, was.
Fuiġle = gota, voices, notes.
The last line in the natural order =
níor ḃinn leo gota na gclog.

XXXVII.—AṪRUIĠEAĊA INS AN TÍR.

Is tuigsionaiġe, the most intelligent.
Dul ċun deaċraċta, getting harder or more severe.
Braċán, leite, praiseaċ, praisge, porridge, stirabout, gruel.
Éiginteaċ, éigin, some.
Urraḋanta, strong, vigorous.
Tobac, tobaca, tambac, tobacco.
Fairsing, líonṁar, numerous.
Ag feadalaiġ, ag feadġail, whistling.
Tuigḃeáil, tuigsint, tuigsin, to understand.
Doineannta, fliuċ fearṫannaċ confaḋaċ, very rainy and stormy.
Pearsáil, parsley.
Leitís, lettuce.
Spíonóga, spíonáin, sprúnáin, gooseberries.
Garrḋadóireaċt, gardening.
Cál, cabáiste, gabáiste, cóilis, cabbage, kail.
Baċlógaiḃ, beanglánaiḃ, *dpl.*, buds, sprouts.
Féiliocáin, féileagáin, líbíní, moths, butterflies.
Fóirstineaċ, oireaṁnaċ, feileaṁnaċ, suitable.
Fionnfuaċt, fionnfuaradas, coolness, cool.
Corcóg, cruiceog, sgeap, a hive.
Beaċóga, beaċa, meaċain, bees.
Builbín, builín, bulóg, loaf.
Suaiṫte, mixed, kneaded.

1. Do réir baraṁla na muinntire is eólaiġe agus is tuigsionaiġe, tá saoġal cruaiḋ roiṁ feirmeoiriḃ na hÉireann. Tiocfaḋ ḋó gur mar seo a ḃeaḋ nó naċ eaḋ, aċt is cinnte go ḃfuil sé ag dul ċun deaċraċta gaċ bliaḋain beaṫa a ḋéanaṁ ins an ċuid is mó de ṫíorṫaiḃ an doṁain, agus ní'l iongantas ar biṫ dá mbeaḋ so aṁlaiḋ i nÉirinn mar an gcéadna.

2. Coṁ fada agus ḃí an sean-ġnás ar bun, ní raiḃ na daoine faoi ṁórán costais. Ḃídís sásta le braċán agus bainne, maidin agus tráṫnóna, agus potátaí agus annlann neaṁċostasaċ éiginteaċ i lár an lae. Is cinnte go raiḃ siad láidir lúṫṁar urraḋanta ar an

ċoṫuġaḋ so, i ḃfaḋ níos láidire, do réir baraṁla na seandaoine, ná mar támaid anois. Ḃíoḋ min ċoirce, min ċruiṫneaċta agus na potátaí aca féin.

3. Mar an gcéadna ḃíoḋ uibeaċa, im, muicḟeoil agus bainne aca, agus ní raiḃ sé d'ḟiaċaiḃ orṫa dul ċun an tsiopa fá ċoinne aon níḋ taoḃ amuiġ de ṡnáṫadaiḃ agus de ḃioránaiḃ, muna mbeaḋ corr-ṡeanduine a ḃeaḋ ag caiṫeaṁ tobac. Níor tugaḋ min ḃuiḋe go coitċeann cun na tíre seo, go dtí aimsir an droċ-ṡaoġail, sa ḃliaḋain oċt mbliaḋna déag agus a hoċt is dá ḟiċead, siud is go raiḃ beagán di ag teaċt ó'n ḃliaḋain 1831.

4. Ḃíoḋ na mná ag sníoṁ gaċ am a ḃfaġaḋ siad faill. Ḃí an olann agus an líon aca féin, agus ní raiḃ ceirt ná clúd dá ċaiṫeaṁ aca, ná ag a gcuid fear, ná ag a gcloinn naċ sníoṁaḋ agus naċ ndéanaḋ siad. Ḃí na fiġeadóirí fairsing 'sa tír agus ḃí go leór oibre le fáġáil aca. Ḃíoḋ na fir cóiriġṫe i n-éadaċ na tíre agus na mná mar an gcéadna.

5. 'San am sin ní ḃíoḋ pian ná pioláid, déideaḋ ná dóġaḋ croiḋe orṫa, aċt na mná ag gaḃáil ċeoil ag na túirníḃ agus na fir ag feadalaiġ i gcionn a gcuid oibre. Ṁair na daoine ṫríd an tír ar an dóiġ seo go dtí fá ṫuairim ḋá ḟiċead bliaḋain ó ṡoin agus is furus a ṫuigḃeáil naċ raiḃ cur amaċ airgid orṫa, mar atá anois, agus gurab éigean do na daoiniḃ níos mó saoṫair a ḋéanaṁ anois ná mar ġnídís an t-am sin, má's mian leó beaṫa a ṡaoṫruġaḋ ḋóiḃ féin.

6. Aċt déarfaiḋ cuid aca, "Caidé mar is féidir linn níos mó oibre a ḋéanaṁ; naċ ḃfuilmid ag déanaṁ ar ndíċill?" Tá daoine atá ag obair go dian díċeallaċ, agus tá daoine eile naċ ḃfuil. Ó ṫig an t-earraċ go deireaḋ fóġṁair ní'l aon loċt le fáġáil ar an dóiġ a n-oibriġeann siad, aċt ar sin go hearraċ arís, faraor, is ro-ḃeag a ġníos cuid díoḃ, agus ṡaoilfeá go n-oibriġeann siad ar nós na mbeaċ, ag déanaṁ soláṫair 'san fóġṁar agus dá ċaiṫeaṁ 'sa ġeiṁreaḋ, gan faic eile ag cur buaiḋearṫa orṫa.

7. Ní mar so baḋ ċóir dóiḃ. Tá mórán d' oibreaċaiḃ ag fanaċt leis an ġeiṁreaḋ, naċ raiḃ faill ar a ndéanaṁ ins an tsaṁraḋ. Tá bualaḋ arḃair ins an sgioból fá ċoinne an lae doineannta, agus b'féidir na tiġṫe le cóiriuġaḋ an taoḃ istiġ. Muna ḃfuil urlár tirm ag an ḟeirmeoir i n-a ṫeaċ coṁnuiḋe, is éigean dó díogaċa a ḋéanaṁ a ṫiormóċas é. Muna ḃfuil fasgaḋ ag an teaċ, tá sé riaċtanaċ aige crainn do ċur fá dtaoḃ de, agus, nuair atá sé d'á ḋéanaṁ so, ná bíoḋ sé ró-ċúramaċ fá ġiota beag talaiṁ, aċt cuireaḋ sé cuid ṁaiṫ de na crannaiḃ.

8. Is fearr crainn ḟearnóige, nó crainn éiginteaċ eile a ḟásas go tapaiḋ, a ċur ar an taoḃ amuiġ le fasgaḋ a ḋéanaṁ do'n ċuid eile. 'Na ċuideaċta so, má's féidir leis balla fuar a ḋéanaṁ ar an taoḃ amuiġ, is aṁlaiḋ is fearr é. Muna ḃfuil cloċa le fáġáil go réiḋ, déanaḋ sé sgonnsa sgeaċ ṫart taoḃ amuiġ de'n áit a ḃfuil na crainn cunṫa. Is fearr a ṫabairt fá deara gan na crainn do ċur ró-ġar do'n tiġ.

9. Is cóir do'n uile ḟear tiġe garrḋa maiṫ mór a ḃeiṫ aige le sgonnsa sgeaċ, nó balla, ṫart fá dtaoḃ de, i n-a gcuirfiḋ sé potátaí céad-ḟóġṁair, cál, meacna, pis, pónair, pearsáil, leitís, crainn uḃaill, crainn ṗiorra, spíonóga, curuin, agus mórán cineál eile fáis, do réir mar tá súil ag muiriġin an tiġe ionnta agus do réir mar tá faill aca ar aṁarc 'na ndiaiḋ.

10. Ní cóir dúinn dearmad a ḋéanaṁ gur ḃ'é an ġarrḋadóireaċt an céad obair láiṁe a ċuir Dia roiṁ an duine, agus, ar an aḋḃar sin, is fiú é meas a ḃeiṫ againn air. "Agus ċum an Tiġearna Dia an duine de luaiṫreaḋ na talṁan; agus do ṡéid i n-a éadan anál na beaṫaḋ agus ṫáinic an duine ċum a ḃeiṫ i n-a anam beó. Agus plannduiġ an Tiġearna Dia parrtas pléisiúir ó'n tús, i n-ar ċuir Sé an duine a ċum Sé." Tá cúram an-ṁór de ḋíṫ ar ġarrḋa agus muna dtugtar so dó, i n-áit a ḃeiṫ 'na "ṗarrtas pléisiúir" agus aoiḃnis, 'sé an rud a ḋéanfas sé brón agus buaiḋreaḋ do ċru ar an té ar leis é.

11. Tá buntáiste mór ag an duine a ḃfuil potátaí céad-ḟóġṁair, cál luaṫ, agus neiṫe eile mar sin aige. Muna ḃfuil siad ag teastḃáil uaiḋ féin agus ó n-a ṁuiriġin, tá luaċ maiṫ le fáġáil aige orṫa, agus go háiriġṫe má tá sé coṁgarać do ḃaile mór, agus is furus do ḋuine ar biṫ, a ċuireas roiṁe féin é, potátaí céad-ḟóġṁair a ḃeiṫ aige, seaċt seaċtṁainí sul a raiḃ na potátaí malla i n-innṁe a mbainte.

12. Ar na ḃliaḋantaiḃ deireannaċa so cuirtear na potátaí luaṫa póir i mborsgaiḃ leis na súiliḃ i n-uaċtar i n-áit ṫe. Tugann so ar na potátaíḃ fás luaṫ a ḃeiṫ déanta aca, agus plandáltar amuiġ 'sa ġarrḋa iad leis na baċlóġaiḃ os cionn an talaiṁ nó coṁtrom leis. Má tá cosaṁlaċt siocáin tráṫnóna ar biṫ, caiṫfear na potátaí a ċuṁdaċ agus ní'l dadaiḋ coṁ maiṫ fá n-a ċoinne seo le páipéaraiḃ nuaiḋeaċta, mar naċ ngoilleann an sioc orṫa. Caiṫfear an cuṁdaċ so a ḃaint díoḃ ar maidin lá ar n-a ḃárać.

13. Má ṫig siocán ar na potátaíḃ, agus gan iad cuṁduiġṫe, ní'l dadaiḋ coṁ maiṫ aca le huisge a ċur orṫa go luaṫ ar maidin roiṁ éiriġe na gréine.

14. Ní'l dadaiḋ a ṁilleas garrḋa coṁ mór le luiḃ-ṫearnaċ agus, ar an aḋḃar sin, caiṫfiḋ an té a ḃfuil cúram an ġarrḋa air coiṁeád géar a ḃeiṫ aige ar eagla go ḃfuiġeaḋ siad buaiḋ air. Cuireann péistí an ċáil buaiḋreaḋ mór air mar an gcéadna, mar ṁilleann siad, ní hé aṁáin an cál, aċt na spíonóga coṁ maiṫ. 'Sé an léiġeas is fearr air seo, pónair do ċur ṫríd an ċál agus i n-aice na spíonóg an lá céadna a ċuirtear an cál. Coingḃiġeann bláṫ an ṗónair na féiliocáin ar siuḃal, mar is niṁ é ag na huiḃeaċaiḃ as a dtig péisteoga an ċáil.

15. Is olc an rud barraiḋeaċt géag ar na crannaiḃ uḃall agus ar na crannaiḃ eile a ḃeir toraḋ uaṫa. Is fearr, má tá an iomarca fáis fúṫa, na barra a ġearraḋ díoḃ isteaċ go dtí fá ṫuairim sé n-orlaċ ó'n ḃun. Dála na spíonóg, is leór dá orlaċ ar fad de na géagaiḃ a fáġáil.

16. Baḋ ċóir áit a ḃeiṫ ann gaċ uile ġarrḋa fá ċoinne bláṫ agus, 'na ċois seo, baḋ ċeart iad do ċur ṫant i n-imeallaiḃ an ġarrḋa ins na háiteaċaiḃ atá fóirstineaċ aca. Is fearr bláṫa marṫanaċa ná bláṫa naċ maireann aċt bliaḋain, aċt tá na bláṫa bliaḋantaṁla so oireaṁnaċ go leór ins na himeallaiḃ.

17. Is minic do-ġníṫear failliġe, go háiriġṫe i n-aimsir ṫirm, ins na bláṫaiḃ i ndiaiḋ a gcurṫa agus meaṫann siad, mar naċ ḃfaġann siad uisge. Mar an gcéadna, ní ḟásann na mion-ṗóir i n-aimsir ṫirm, muna gcuirtear uisge orṫa. 'Sé an tráṫnóna an t-am is fearr leis an uisge a ċraṫaḋ orṫa, agus is cinntiḋeaċa dearḃṫa iad d'ḟás, má ċuirtear iad le fionnḟuaċt an tráṫnóna ná má cuirtear le teasḃaċ an lae iad. Nuair a ḟásas siad aníos, caiṫfear cuid aca a ṫarraing agus is fearr iad a ḃeiṫ beagán tanaiḋe ná ro-ṫiuġ.

18. Ní'l garrḋa ar biṫ iomlán go huile gan leaṫ-ḋuisín corcóg ann, an ċuid is luġa ḋe, agus beaċóga ionnta; agus is cóir a gcúram a ḃeiṫ ar ḋuine nó beirt de'n teaġlaċ. Gníoḋ ár sinnsir fad ó ṡoin i nÉirinn úsáid mór de ṁil. Buḋ ġnáṫaċ le gaċ duine i n-am bíḋ a ċuid féin de'n ṁil a ḃeiṫ aige i soiṫiġ ḃig, agus ṫomaḋ sé a ċuid aráin innti, sul a gcuirfeaḋ sé i n-a ḃéal é. 'Na ċuideaċta so, ċuireaḋ siad ins an taos í corr-uair, nuair a ḃíṫí dá oibriuġaḋ, agus imeasg an iomaid eile cineál biaḋ a bí ag Bricrinn, fá ċoinne na fleiḋe móire, áiriġeann sé "cúig scór builḃín déanta de ṁin ċruiṫneaċta, suaiṫte le mil."

2. éiġinteaċ = eicín, eicínt, éiġint, innteaċt, innteaċ, innseán, innteán.

5. Pian ná píoláid = pian ná peannaid.

8. Ro-ġar = ró-near, ró-ḟogus.

17. Is cintiḋeaċa = is cinnte, *comp.* and *sup.* form.

XXXVIII.—Gabáil Tuat Dé Danann.

Tuaisceart, north, northern part.
Aistear, astar, journey.
Caiteam aimsire, pastime.
Infiúcad, peer at, look sharply into, pry into.
Atarrac aigne, a change of mind, change of intention; ar eagla go dtiocfad atarrac aigne do cuid dá mbuidin, lest some of their band would change their mind.
Breis misnig, additional courage.
Mór-timceall, tort timceall, round about, around.
Dánaideact, boldness.
Muna ndéantaoi iad a claoide, if they were not subdued.

---

1. "A Maigistir," arsa Diarmaid Ó Séagda, "níor innis tú fós dúinn cionnus a táinig Tuata Dé Danann go hÉirinn, ná cad iad na cata a tugadar d'éis teact i dtír annso dóib."

2. "Dubart lib," arsa an Maigistir, "gur caiteadar seact mbliadna i dtuaisceart na hAlban sul a dtángadar go hÉirinn, agus iad ar aistear anall ó tír na hIorruaide. Is dóca gur dá n-ullmugad féin fá coinne teact go hÉirinn d'fanadar sgatam mait i nAlbain. Ní fuláir gur cuireadar teactairí uata cun na tíre seo a siubal ó ceann go ceann, agus cun nósa agus caiteam aimsire agus slige beatad na ndaoine a bí 'n-a gcomnuide annso, 'sé sin, Fir Bolg, d'infiúcad, agus a dtuairisg a breit leó tar n-ais.

3. Nuair a bí gac níd socair aca agus iad ullam cun imteacta, do bailigeadar a sluaigte go léir, cuadar ar bord, agus ba gearr gur sroiceadar cuan i dtuaisceart na hÉireann. Do réir na leabar seancais is ar Luan

Bealtaine a ṫángadar i dtír i nÉirinn, sé bliaḋna déag ar ḟiċid d'éis teaċta na bḞear mBolg innti.

4. Ar eagla go dtiocfaḋ atarraċ aigne do ċuid dá mbuiḋin agus go gcasfaidís tar n-ais, do ḋóiġeadar a loingeas go léir tar éis teaċta i dtír dóiḃ. Ní raiḃ dul ar an dtír annsoin ag éinneaċ dá muinntir, agus is dóċa gur ċuir an gníoṁ éaċtaċ so breis misniġ ionnta ċun coṁraic a ḋéanaṁ ar son ceannais na hÉireann, nó bás d'ḟáġáil dá ḃárr.

5. Deir sean-uġdar éigin gur cosṁail le caṫ dá ṫaḃairt fuaim agus deataċ na long dá ndóġaḋ. Seo mar adeir sé:

Do loisg gaċ laoċ ḋíoḃ a luing
Nuair do ṡroiċ Éirinn n-uasail;
Is ba ġleó trom ag a ċur
Ceó na long ag a losgaḋ.

6. Nuair a ḃí soin déanta aca do ċuireadar ceó draoiḋeaċta mór-ṫimċeall orṫa féin, ionnus nár léir do ḋuine ar biṫ d'Ḟearaiḃ Bolg iad. Do ġluaiseadar orṫa ar an gcuma soin gur ṡroiċeadar Sliaḃ an Iarainn i gConntae Liaṫdroma. D'imṫiġ an ceó ḋíoḃ annsoin.

7. "Cuireann sin i gcuiṁne ḋam, a Ṁaiġistir," arsa Seán Ó Conaill, "sgéal Fiannaiḋeaċta a ḃí dá innsin ag m'aṫair dúinn aréir 'san mbaile. Ḃí sé ag tráċt ar sean-draoi éigin a ċuir ceó draoiḋeaċta ar an bḞéinn, ionnus nár ḟéad duine aca corruġaḋ go ceann trí lá agus trí n-oiḋċe. Ní raiḃ sé ar a ċumas ag an sean-draoi an ceó a ċoimeád ann níḋ-sa ṡia. Nuair a ġlan an spéir ṫáinig a neart 'san bḞéinn arís agus do ruaig-eadar an sean-draoi agus a luċt leanaṁna. Is dóċa gur mar sin a ḃí ag na Tuaṫaiḃ Dé Danann mar an gcéadna."

8. "Is é do ṫuairim-se," arsa Diarmaid Ó Séaġḋa, "gur mó an t-eólus ar ḋraoiḋeaċt a ḃí ag na Tuaṫaiḃ Dé Danann ná mar ḃí ag an sean-draoi go raiḃ t'aṫair ag tráċt air aréir."

9. "Is deacair a rád, a Ḋiarmaid, cia aca bí nó naċ raiḃ," ars' an Maiġistir. "Ní féidir a ḃeiṫ deiṁniġṫeaċ fá'n ḃfad d'ḟan an ceó draoiḋeaċta timċeall ar Ṫuaṫaiḃ Dé Danann, cé go n-abrann uġdar áiriṫe gur ḟan sé ar feaḋ trí lá. Do ṡocruiġeadar fúṫa i n-aon ċampa aṁáin i n-aice Ṡléiḃe an Iarainn, agus ċuireadar cosaint orṫa féin coṁ maiṫ agus do b'ḟéidir leó é.

10. Annsoin, ċuireadar sgéala ċun Eoċaḋa ṁic Eirc, árd-rí Ḟear mBolg, dá innsint dó go raḃadar féin tar éis teaċta go hÉirinn, gur ḃ'é ṫeastuiġ uaṫa ceannas na ríoġaċta nó coṁrac dá ċionn.

"Is dána an buiḋean sib," arsa Eoċaiḋ, "agus teaċt annso ag déanaṁ gaḃála ar Ḟearaiḃ Bolg. Bíoḋ a ḟios agaiḃ go ḃfuil sluaiġte móra d'ḟearaiḃ calma fám' réir-se."

"Bíoḋ soin mar atá," arsa na teaċtairí, "aċt is é rud ṫeastuiġeas uainne a ḟios a ḃeiṫ againn an coṁrac nó síoṫċáin is roġa leat."

"Ní ḃfuiġiḋ bur dtaoiseaċ-sa ceannas na hÉireann uaim-se," arsa Eoċaiḋ, "gan coṁrac ar a ṡon, agus bíoḋ soin mar ḟreagra agaiḃ uaim."

11. D'imṫiġ na teaċtairí tar ais, agus d'innseadar cionnus mar d'éiriġ leó, agus dubradar gur ḃ'aṁlaiḋ a ṫáinig fraoċ agus fearg ar Eoċaiḋ ċuca i dtaoḃ go raiḃ sé de ḋánaiḋeaċt ionnta súil a ḃeiṫ ag na Tuaṫaiḃ Dé Danann le ríoġaċt na hÉireann.

12. Nuair d'airiġ taoisiġ Ṫuaṫ Dé Danann na sgéala úd, ṫáinig fearg orṫa. Do ċromadar láiṫreaċ ar ullṁuġaḋ ċun caṫa, mar bí a ḟios aca go raċaḋ sé sáṫaċ cruaiḋ orṫa, mar go raiḃ faobar d'éis teaċta ar Ḟearaiḃ Bolg ċuca.

13. Do ċuir Eoċaiḋ fios ar ċongnaṁ go dtí ríġṫe na gcúig gcúigí. D'innis dóiḃ go raiḃ naṁaid d'éis teaċta i dtír i nÉirinn, agus, muna ndéantaoi iad a ċlaoiḋe, go mbeaḋ Fir Bolg faoi ċíos is faoi smaċt aca feasta. Ṫáinig na Fir Bolg ċuige 'n-a sluaiġtiḃ is 'n-a sluaiġtiḃ, agus ar dteaċt le ċéile dóiḃ i n-éan-ball, do ġluaiseadar rompa ar lorg Ṫuaṫ Dé Danann.

14. Do casaḋ ar a céile an dá ṡluaġ líonṁara so ar Ṁuiġ Tuireaḋ, le hais Ċunga i gConntae Ṁuiġe Eó,



"Is iongantaċ go léir an coṁrac, a ḃí eatorṫa."

agus is iongantaċ go léir an coṁrac a ḃí eatorṫa. Ar feaḋ ċeiṫre lá do ḃí an caṫ ar siubal gan sos, aċt do briseaḋ ar Ḟearaiḃ Bolg fá ḋeoiḋ. Do lean an ṁaiḋm caṫa ó Ṁuiġ Tuireaḋ ó ṫuaiḋ go Tráiġ Eóṫaile mar a ḃfuil baile Easa Dara i gContae Ṡligiġ, agus is annsúd do marḃaḋ Eoċaiḋ.

D'ḟáġ soin Tuaṫa Dé Danann i seilḃ na hÉireann.

2. fá ċoinne = faoi ċoṁair, i gcoṁair, i gcóir. Sgaṫaṁ = tamall, seal, sealad.

3. ullaṁ = ullṁuiġṫe.

8. t'aṫair = d'aṫair.

10. gabála = cúnntais. Is roġa leat = is fearr leat.

12. Sáṫaċ cruaiḋ = dian a ndúṫain, cruaiḋ go leor.

13. Muna = mara.

XXXIX.—Toisg Ḟiaċa Ṁic Aoḋa Í Ḃroin.

Toisg, an expedition.
Tásgṁar, famous, illustrious.
Lán-tile, great abundance, bounteous plenty.
An ġaoiḋil-tiġe cláir, of the Irish house of hospitable board (or table).
Do ċloinn áird uill áiṫeasaiġ, for the triumphant great noble race.
Áirṁeaċ, distinguished, celebrated.
Bárda, *m.*, garrison.
An aol-ċaisleáin, of the splendid (lime-whitened) castle.
Is báiḋ liom, it is pleasant to me.
Bráiġe, *f.*, captive, prisoner, hostage.
I láiṁ, in captivity, captured.
Ag sraoineaḋ an áir, routing with slaughter, inflicting defeat with carnage.
Dáiṁ, bard, poet.
Táin, band, company.
Státṁar, stately.
Árraċta, mighty, puissant.
Míleaḋ mbreáġ, of fine heroes.
Nár ġaḃ sgáṫ ré, who were never afraid of.
A ḋá oiread buiḋne, a troop twice their number.

Smál-lasair, a conflagration emitting sparks.
Gáirṫe, glowing.
Críċe a náṁad, his enemy's borders.
Spáinneaċ, Spanish coat of mail.
Sgáiṫ-ġeal, bright-shaded.
Leabair (*pron.* leáir where it occurs below), tapering, long and slender.
Féilm, *f.*, a helmet.
Báin-ġreanta, white-polished, burnished.
Áḋḃar laoiċ, makings of a hero, coming hero.
Ar áird, present, lying before one on the battle-field.
Táiḋte, firmly bound, joined.
Le clí-ḋeas-láiṁ, to an ambidexter arm, to a hand equally right and left in execution.
Ar sgáṫ an srice, behind the spike or palisade (?)
Dá dtráċtainn, if I discoursed about, if I described.
Áiṫeas, triumph.
Pár, parchment.
Fáiḋ, poet, bard; *properly* prophet.
I dtréan, in strength, in encouragement.
Cioḋ, though it is.

Sgéal tásgṁar do ráinig fá ċríoċaiḃ Fáil,
Dá dtáinig lán-tile an ġaoiḋil-tiġe cláir
Do ċloinn áird uill áiṫeasaiġ Míleaḋ Easpáin,
Toisg áirṁeaċ ar lár an laoi ṫil ḃáin

Tug gárda Láidir ṁic Aoḋa ṁic Ṡeaáin
Do ċuir ár ar ḃárda an aol-ċaisleáin.
Is báiḋ liom nár fágḃaḋ luċt d'fuiḋeall an áir
Aċt an ḃráige atá fá ḋaoirse i láiṁ.
Ó'n lá sin buḋ láidir Gaoiḋil go bráṫ,
'S ní nár liom mar táid na laoiċ sin slán
D'éis an áir gan cneaḋa ag caoineas leáġ;
'S ní bás do ṡlioċt Ṡeaáin ṁic Aoḋa go bráṫ,
I mbárac dá ḃfágaid i n-aoinfeaċt bás
D'éis áṫair lán-ṁir an laoiċ so aṁáin.
So an gárda do ḃí an lá so ag sraoineaḋ an áir
D'fuil Rágnaill nár ġráḋuiġ síṫ do ġnáṫ,
'S nár ċuir lá na cáirde am díola ar ḋáiṁ,
Táin stáṫṁar árracta míleaḋ mbreáġ
Nár ġaḃ sgáṫ ré n-a dá oiread buiḋne ar áṫ.
'S leis nár ġnáṫaċ sáṁ-ċodlaḋ oiḋċe d'fagáil;
Do-ġní lá de lár na hoiḋċe dáiḃ,
Gur smál-lasair gáirṫe críċe a náṁad.
Is iomḋa sráinneaċ sgáiṫ-ġeal díreaċ leáḃair,
Is féilm báin-ġreanta ar áḋbar laoiċ ar áird,
Sgéiṫ áille táiḋte le clí-ḋeas-láiṁ—
Is láiṁ láidir fágas lé píosa práis,
Ceann an ḃárda ar sgáṫ an spíce ar lár
I ndiaiḋ fáir-ṁic áirṁiġ Aoḋa ṁic Ṡeaáin.
Láṁ láidir ṁic Ṡáiḋḃe is díḋean dáiḃ,
Agus dá dtráċtainn a ndeárna ó aois go bás
D'áiṫeas ṁic Ṡáiḋḃe sgríoḃṫa i bpár,
Buḋ mé an fáiḋ dob' feárr fios i gcríoċaiḃ Fáil.
Sgéal.

Do-ċluinim mar do-ċluin các,
Sgéal ċuirfeas a lán i dtréan
Cioḋ gearr ó 'ndé gur indiu,
'S fada ráinig fios na sgéal.

Aonġus mac Doiġri Í Ḋálaiġ cct.

3. uill: ní'l an focal so sa ḃun-sgríḃinn, aċt teastuiġeann sé ó'n méadaireaċt.

22. gur smál-lasair: "gur lasair smál" 'sa láiṁsgríḃinn.

Seo mar is dual an dán do léiġeaḋ ó ċúr go deireaḋ :

◡	á ◡ ◡	á ◡ ◡	í ◡	á
Sgéal	tásg-ṁar do	rái - nig fá	ċríoċ - aiḃ	ḟáil

ḃíonn siollaḃ ġearr sa ḃreis ann ar uairiḃ.]

Do ráinig = do leaṫ, a leaṫnuiġ, do ċuaiḋ.

1. Fá ċríoċaiḃ Fáil = fá Éirinn, ar fud na hÉireann.

2. Dá dtáinig = go dtáinig as, gur ṫáinig as, ar éirig as, from which arose or resulted.

4. An laoi ġil ḃáin = an lae ġil ḃáin.

6. An aol-ċaisleáin = an ċaisleáin aolda, an ċaisleáin ḟionn-aolta.

7. Is báiḋ liom = is maiṫ liom, is breáġ liom, is ait liom, is toiġ liom.

D'ḟuiḋeall = d'ḟuiḋleaċ, of the remnant, of the survivors.

8. An ḃráiġe = an t-eidire, an giall, an cime, an príosúnaċ.

11. Ag caoineas leág, .i. do ḃarr na leaġa ḃeiṫ go maiṫ dóiḃ ag freastal orṫa.

13. Dá ḃfáġaid = má ġeiḃid.

15. Ag sraoineaḋ = ag cur, ag imirt.

17. Am díola = i dtráṫ díolta na ḃfileaḋ.

19. Ré = roiṁ, before (= of).

21. Dáiḃ = dóiḃ.

22. Gáirṫe = ar lasaḋ, lasraċ ; cḟ. gual gáirṫi glanlasraċ, R.I.A. MS., 24 P 25, 103*a*.

Críċe = críoċa ; cḟ. cíċe = cíoċa, R.I.A. MS., 24 P 25, 104*b*.

23. Spáinneaċ = lúireaċ Spáinneaċ.

24. Féilm = caṫḃarr, clogad.

Ar áird = os ár gcóṁair, amuiġ ; tá an abairt beó fós 'san Ṁiḋe.

26. Lé = léi, léiṫi.

27. Ceann an ḃárda = taoiseaċ an ḃárda, an ceannḟuirt.

28. Sáir-ṁic = mór-ṁic, ṁic ċlúṁail.

33. Do-ċluinim = cluinim, cloisim.

34. Sgéal ċuirfeas a lán i dtréan = sgéal ċuirfeas misneaċ ar a lán daoine, news that will encourage many.

XL.—Na Beiṫiḋiġ Bólaċta.

Cuid I.

An tsruiḃ óg, the young offspring.
Clúduġaḋ, covering.
Fuil ṁeaṫ-ṫe, warm blood.
Úruiġṫear, is freshened.
A ndealuġaḋ i n-a n-aicmiḃ, to divide them into "orders."
Beiṫiḋiġ ċrúbaċa, hoofed animals, ungulata.
Daṁ, ox.
Cíor, cud.
Beiṫiḋiġ círe, ruminants.
Maol, without horns.
Aḋarcaċ, with horns.
Buadán, the bony projection of skull covered by the horn.
Fiaḋ, a deer.
Drad fiacal, a set of teeth.
Dranndal, a gum.
Cláir-ḟiacail, an incisor, a front tooth.
Tiuġa, tiġe, thicker.
Seiċe, a hide.
Beiṫiḋiġ na seiċeaḋ láidir, thick-skinned animals, (*pachydermata*).
Beiṫiḋiġ ḟáitealla, carnivorous animals, *lit.* hunting animals.
Ceiṫre ṁianaċ de na beiṫiḋeaċaiḃ fáitealla, four families of the carnivora that live in Ireland.
Madra allaiḋ (sometimes pron. madar allaiḋ), faolċú, bréaċ, wolf.
Leoġan agus leopard, lion and leopard.
Easóg, iosóg, iarrainn, a stoat, commonly called "weasel" in Ireland.
Madra uisge, otter.
Rón, seal.

1. Tráċtamaid anois ar na beiṫiḋiġiḃ bólaċta, 'sé sin, ar an roinn de beiṫiḋiġiḃ cnáṁ droma a ṫugas diúl do'n tsruiḃ óig.

2. 'Sé an ċéad rud le tabairt faoi deara fúṫa go mbeirtear an tsruiḃ óg beó, agus go n-oiltear le bainne iad ṫar éis a mbeirṫe. 'Sé an clúduġaḋ a bíos orṫa fionnfaḋ; agus tá a mbunáite i n-a mbeiṫiḋiġiḃ ċeiṫre gcos. Fuil ṁeaṫ-ṫe atá 'san iomlán aca, agus úruiġṫear a gcuid fola leis an aer.

3. Tar éis an iomad cineál beiṫiḋeaċ bólaċta a ḃeiṫ ar ḋruim na talṁan, tá cuid aca ag dul i gcosaṁlaċt le ċéile, agus is féidir a ndealuġaḋ i n-a n-aicmiḃ. Tá suas le ḋá aicme ḋéag déanta ḋíoḃ ag cuid de na huġdaraiḃ. Deiċ n-aicmí a ċoṁaireas tuilleaḋ. 'Sa leaḃar seo ní'l cúram orainn aċt beiṫiḋiġ ḃólaċta na hÉireann a áireaṁ, agus a ndealuġaḋ i n-a n-aicmiḃ do réir a gcosaṁlaċta le ċéile.

4. Na beiṫiḋiġ ċrúbaċa an ċéad aicme a gcuirfeamaid síos orta, 'sé sin, na beiṫiḋiġ a ḃfuil crúba orta ar nós mar tá ar an gcapall agus ar an mbuin. Tá an t-asal ag dul i gcosaṁlaċt leis an gcapall i n-a ċrúbaiḃ; is de'n ṁianaċ ċéadna an dá ḃeiṫiḋeaċ.

5. Tá crúba sgoilte ar an daṁ, agus ar an gcaoiriġ, agus ar an ngaḃar, agus ar an ḃfiaḋ. Cognann siad a gcíor, agus sin é an fáṫ a dtugtar beiṫiḋiġ círe orta. Bíonn cuid de na beiṫiḋiġiḃ círe maol agus cuid aca aḋarcaċ. Ní ar ḃuadánaiḃ a ḟásas aḋarca an ḟiaiḋ, aċt bun na haḋairce greamuiġṫe de'n ċloigeann, agus gan aon lag 'san aḋairc taoḃ istiġ. Tuiteann na haḋarca de'n ḟiaḋ le linn aimsire, agus fásann aḋarca úra air i n-a n-áit.

6. Crúba sgoilte atá ar an muic, mar tá ar an mbuin; aċt ní ċognann an ṁuc aon ċíor, agus ní ḟásann aon aḋarc uirṫi. Dá ḃríġ sin ní féidir beiṫiḋiġ a ḋealuġaḋ do réir déanaṁ na crúibe.

7. Coṁarṫa níos fearr ná sin an drad fiacal atá 'sa mbeiṫiḋeaċ, le fios a ṫaḃairt dúinn cé an mianaċ ar de é. Ní ḃíonn aon ċláir-ḟiacail 'sa dranndal uaċtair ag an daṁ, ná ag an ngaḃar, ná ag ceann ar biṫ eile de na beiṫiḋiġiḃ círe.

8. Tá drad cláir-ḟiacal ṫíos agus ṫuas ag an gcapall agus ag an asal agus ag an muic Is tiuġa an tseiċe a ḃíos orta freisin ná ar na beiṫiḋiġiḃ círe; agus is coṁarṫa, le go ndealuiġtear iad ó ḃeiṫiḋiġiḃ eile, tiuġas na seiċe.

9. Sin é an fáṫ a ndéanann cuid de na huġdaraiḃ ḋá aicme de na beiṫiḋiġiḃ crúbaċa, 'sé sin, beiṫiḋiġ na

seiċeaḋ láidir agus beiṫiḋiġ círe. Féar agus fás na talṁan atá mar ṡliġe ḃeaṫa ag na beiṫiḋiġiḃ crúbaċa.

10. Na beiṫiḋiġ ḟáitealla an dara haicme a gcuirfeamaid síos orṫa, 'sé sin, na beiṫiḋiġ a mbíonn fiaḋaċ aca ar ḃeiṫiḋiġiḃ eile, le n-a marḃaḋ agus le n-a n-iṫe.

11. Ceiṫre ṁianaċ de na beiṫiḋiġiḃ fáitealla atá i nÉirinn. Is de aon ṁianaċ amáin an madaḋ agus an sionnaċ. Tugann cuid de na daoiniḃ "an madaḋ ruaḋ" ar an sionnaċ, mar is cosaṁail le madaḋ é. Ba de'n ṁianaċ céadna an madra allaiḋ a ḃíoḋ i nÉirinn fad ó.

12. De ṁianaċ eile de na beiṫiḋiġiḃ fáitealla an cat. Ní ċoṫuiġeann aon ḃeiṫiḋeaċ eile de ṁianaċ an ċait i nÉirinn aċt é féin. Tá an cat ag dul i gcosaṁlaċt leis an leoġan agus leis an leopard atá ag coṫuiġe ins na tíorṫaiḃ teó. "Briseann a ḋúṫċas trí ṡúiliḃ an ċait," má ḟaġann sé amarc ar luiċ.



An easóg agus an Madra Uisge.

13. De ṁianaċ eile de na beiṫiḋiġiḃ fáiteallasan easóg agus an madra uisge; agus tá siad ag dul i gcosaṁlaċt le céile i n-a ndéanaṁ agus insa ḃfionnfaḋ breaġ síodaṁail a ḟásas orṫa.

14. Airiṁṫear i n-a ṁianaċ eile de'n aicme seo an rón; is ar iasgaiḃ na fairrge atá a ṫeaċt suas. De na beiṫiḋiġiḃ bólaċta é; beirtear an tsruiḃ óg beó, agus oiltear le bainne na máṫar iad. Cé gur 'sa ḃfairrge a ċoṫuiġeann sé, ní deilḃ an éisg atá air. Beiṫiḋeaċ ceiṫre gcos é, gan aon earball. Tá an dá ċois deiriḋ ag dul i gcosaṁlaċt le earball. Fuil ṁeaṫ-ṫe atá i n-a ċuid fola; agus teastuiġeann uaiḋ a ċloigeann a ċur aníos as an uisge ag fáġáil anála. Bíonn seiċe ḃreaġ air, agus fionnfaḋ mar ḃeaḋ síoda nó sról ann, ċoṁ mín.

2. Clúduġaḋ = clúdaċ. Fionnfaḋ = fionnaḋ, fionnṫaċ.
3. Ċoṁairear = ċóiṁriġeann. Círe = círeaċ.
7. An drad fiacal = na draid fiacail.
9. Sliġe beaṫa = áḋḃar coṫuiġṫe.
11. Madra allaiḋ = madar alla, madaḋ allta.
13. Madra uisge = madar uisge, dobarċú.

XLI.—An Ḃeannḟada.

An Ḃeannḟada, Benady, a long glen running from Dungiven to Maghera, in Co. Derry; it is almost entirely inhabited by the MacCloskeys.

Ċraoḃsgaoilfead, I shall proclaim, I shall sing the praise of.

Rug an geall, which won the wager.

Craoiḃíní, bunches, clusters.

Cnóḋa, nuts.

Ag claonaḋ, bending.

Gleann an tsuarcais, the glen of cheeriness or pleasure.

Uaim, poetry, song; more strictly, alliteration in verse.

Seinm ṫéad, playing of strings, harping.

Macnaiḋ, youths, young men.

Go luaimneaċ, nimbly, actively.

Ag síor-ċur léi, assisting it always, *i.e.* dancing to it constantly.

Stuaiḋḃean, a tall handsome woman, stately damsel; from stuaḋ, a pinnacle, and bean, a woman.

Na nglan-folt réiḋ, of the smooth, bright tresses.

Ag bain bainne de, taking milk from, milking; baint is also used for bain.

Buaile, *gen.* buaileaḋ, *dat.* buailiḋ, a mountain dairy.

Suġ craoḃ, raspberry.

Suġ salṁan, strawberry; commonly for sug talṁan in the counties of Derry and Donegal.

Ag deallraḋ, shining brightly.

Meas, fruit, produce; meas sug craoḃ, wealth of raspberries.

Iasgair, *pl.* of iasgar, fish, *i.e.* in its collective sense.

Coinnle, candles, torches; the allusion is to a method of fishing for eels at night with a gaff and torch, the latter attracting the fish.

Garraiḋ, youths, scions.

Leiteid, pronounced here léit; leitéid in Leath Mhogha.

I.

'Sé an Ḃeannḟada ċraoḃsgaoilfead, dar m'ḟírinne, rug an geall,
Naċ ḃfuil luiḃ d'ar orduiġ an Rí naċ ḃfuiġtear ar gaċ taoiḃ de'n ġleann;
Na craoiḃíní 'san ġeiṁreaḋ ⁊ cnóḋa buiḋe ann ar ḃarr a coill;
Naoi ḃpiċid ar gaċ aon aca ag claonaḋ go bun na gcrann.

II.

Sé gleann na Ḃeannḟada gleann an tsuarcais a
ḃfuil uaim ann is seinm ṫéad;
Macnaiḋ óg gan ġruaim ann go luaimneaċ ag síor-ċur
léi.
Is binne ná na cuaċa gaċ stuaiḋḃean na nglan-ḟolt
réiḋ,
Ag bain bainne de na buaiḃ is an ḃuailiḋ gaċ deireaḋ
lae.

III.

Tá suġ craoḃ is suġ salṁan ann is caora dearga ar
ḃarraiḃ géag,
Ar gaċ taoiḃ de'n ġleann so ag deallraḋ ann le
mear suġ craoḃ:
Iasgair i linn agus coinnle ag an ġarraiḋ féin—
Éire cuarduiġ timċeall is Ḃeannḟada cá ḃfuiġteá a
léiṫeid?

Séamus Ó Fiaċra ccc.

XLII.—COṀAIRLEAĊA DO'N ḞEIRMEOIR, ⁊rl.

Léigean amuġa, léigean amoġa, leigean ċun fáin, to let go to loss; leigint also for leigean.
Pinginn, piġinn, penny.
Ins an ċéaḋ ċás, ar an gcéad dul síos, in the first place.
Íocanna, sraṫanna, taxes.
D'á ċuid searḃḟóġantaiḋe, dá ḟeirḃíseaċaiḃ, to his servants.
Baill acra, baill acaire, useful implements.
Dóiġ úr, sliġe nua, new method.
Aireaċas, watchfulness; ar a aireaċas, on the look-out.
Leas, leasuġaḋ, manure.
Gramairs, sgrioblaċ, rubbish, refuse.
Cailleaṁain, cailleaḋ, to lose.
Cneasta, ionnraice, macánta, honest, upright, just.

I. Is léar do'n doṁan go ḃfuil sé ag éiriġe níos deacra gaċ bliaḋain do na feirmeoiriḃ a mbeaṫa a

baint as a gcuid talaiṁ, agus ní i nÉirinn aṁáin atá so aṁlaiḋ, mar duḃras ċeana, aċt ar fud na dtíorṫa go léir agus, ar an aḋḃar sin, is éigean dóiḃ a ḃeiṫ cruaiḋ coiṁeádaċ cúramaċ agus gan dadaiḋ do léigean amuġa agus gan ócáid ar biṫ a léigean ṫart gan airgead a ḋéanaṁ dá gcuid earraḋ, mó's féidir é. Má tá duine 'na ċóṁnuiḋe cóṁgaraċ do ḃaile ṁór, is ioṁḋa cineál luiḃe agus toraiḋ d'ḟéadfaḋ ḃeiṫ ag fás i n-a ġarrḋa.

2. Má tá potátaí céad-ḟoġṁair le díol aige nó cál luaṫ, bíonn luaċ maiṫ orṫa i gcóṁnuiḋe agus is annaṁ bliaḋain naċ mbíonn luaċ maiṫ mar an gcéadna ar uḃlaiḃ agus ar spíonógaiḃ, agus ar gaċ uile ṫoraḋ de'n ċineál so. Tá cuid de na daoiniḃ agus ní ċuireann siad suim i bpinginn—ní ḃeaḋ siad gaiḃte le díol luaċ pinginne—aċt is ceart dóiḃ smaoineaḋ go ndéin ḋá ṗinginn déag sgilling agus go ndéin fiċe sgilling punta.

3. Tá níos mó 'ná péarsún aṁáin le go ḃfuil sé níos deacra anois ag an ḟeirmeoir beaṫa a ḃaint as a ċuid talaiṁ. Ins an ċéad ċás, ní'l an talaṁ féin ag taḃairt bárr coṁ maiṫ agus ḃí sé ins an am a ċuaiḋ ṫart, agus go fiú an ḟéir féin ní'l sé ag fás coṁ maiṫ agus ḃíoḋ sé. Ins an dara háit, tá tuarastal agus íocanna ag méaduġaḋ gaċ bliaḋain, agus, 'na ċuideaċta so, tá cur amaċ airgid ar ḋóiġeannaiḃ eile níos mó ar na feirmeoiriḃ anois ná ḃíoḋ. Ins an tríoṁaḋ háit, caiṫfiḋ sé coṫuġaḋ níos costasaiġe—ní ṫig liom a ráḋ go ḃfuil sé níos fearr—a ṫaḃairt d'á ċuid searḃḟóġantaiḋe agus oibriḋeanna.

4. Ar an aḋḃar sin, caiṫfiḋ an feirmeoir dearcaḋ roiṁe go géar grinn, agus oibriuġaḋ go cruaiḋ dícealláċ. Má tá gléas ar biṫ nua le faġáil a ṡábálfas ó íoc tuarastail é, is riaċtanaċ dó é sin a ḟaġáil. Is ceart dó na gléis nó na hairm fá ċoinne bainte féir agus coirce agus baill acra eile de'n tsaṁail sin a ḃeiṫ aige.

5. Má ġeiḃtear amaċ dóiġ úr ar biṫ fá ċoinne an talaiṁ do leasuġaḋ níos fearr, is riaċtanaċ do'n ḟeirmeoir ḃeiṫ ar a aireaċas, agus má ċí sé buntáiste ar

biṫ ann, féaċaḋ sé leis. Is cinnte go ḃfuil ḋá ċineál leas nó trí cineáil níos fearr ag an ḃárr 'ná cineál amáin. Tá a ċruṫuġaḋ so againn ó na daoinib a d'féaċ cineál amáin agus ḋá ċineál, nó níos mó, ar feaḋ mórán bliaḋan agus, ar an aḋḃar sin, ní ceart do'n ḟeirmeoir taoḃaḋ le cineál amáin leasa ar a ċuit talaiṁ, go háiriġṫe ar ḃárr mar ṗotátaiḃ.

6. Cuid de'n leas a ṫig ins na málaiḃ agus atátar do ḋíol ins na siopaiḃ, tá sé an-ṁaiṫ ag mórán cineál bárr, aċt, ar an taoḃ eile, tá cuid de naċ fiú a ċeannaċ, agus is é is cionntaiġe leis, an rógaireaċt atá ins na daoinib atá 'gá ḋéanaṁ suas. Cuireann siad mórán gramaisge ṫríd, naċ ḃfuil bríġ ná maiṫeas ar biṫ ionnta do'n ḃárr.

7. Ar an aḋḃar sin, is riaċtanaċ do'n ḟeirmeoir deiṁniuġaḋ nó cinnteaċt d'fáġáil sgríoḃṫa faoi láiṁ an díolaḋóra ag taisbeáint caidé an bríġ nó an láidreaċt atá ins an leas. Féadann sé beagán de'n leas a ċoingbeáil go cúramaċ agus, muna ndéin an bárr ar ar ċuir sé an ċuid eile de cúis ṁaiṫ, féadann sé an dliġe a ṫeannaḋ leis an díolaḋóir agus luaċ an ṁéid a ċaill sé mar ġeall ar an ḋroċ-leas do ḃaint de.

8. Do réir an tsean-ráiḋ, "'Sé an rud saor an ċeannaiḋeaċt is measa i gcóṁnuiḋe," agus is cinnte go ḃfuil sé aṁlaiḋ i dtaoiḃ na leas a ṫig ins na málaiḃ. Ar an aḋḃar sin, is fearr do'n ḟeirmeoir leas maiṫ a ċeannaċ, má tá sé beagán níos daoire féin. Ní cóir dó a ḃárr agus saoṫar na bliaḋna a ċailleaṁain mar ġeall ar beagán airgid. Agus rud eile, ná bíoḋ roinn aige le díolaḋóir ar biṫ aċt duine cneasta ionnraice.

9. Áit ar biṫ i ḃfuil tarraing fada le déanaṁ ag an ḟeirmeoir ar aoileaċ nó ar leas ṫrom mar sin, is fearr agus is saoire dó go minic gan aċt leaṫ-leasuġaḋ a ḋéanaṁ le haoileaċ agus an leaṫ eile do ċur ar an talaṁ de leas na málaí.

XLIII.—An tSail Ċuaċ.

Ceárdaiḋe, saor, artificer, carpenter.

Go paiteanta, closely, exactly.

Páirt, cuid, roinn, part, portion.

Ropaḋ sí, she used to force her way, make headway.

Áiṁreas, aṁras, doubt.

Le a airde is ḃíonn sí ag cáṫaḋ, through her casting the spray so high.

Coimriġe, coimirce, protection.

Múnla, mould, design.

De húcairíḃ Ċinn tSáile, of the hookers of Kinsale.

Liúm-sa, liom-sa, to me.

An Breaṫnaċ, Walsh.

Bád púcáin, a púcán boat; púcán, a boat of one sail.

Ar Ḃeárnain, from Barna, a village three miles west of Galway.

Droċ-ḃlas ó na táintiḃ, it is bad taste of many people.

Ins an láiṫriġ, to the spot; láiṫreaċ, *f.*, spot, place.

Obair plána, planed work.

Sgaraċa, ribs of a boat or *curach*.

Dá tréarṫaiḃ, of her quality or kind, as good as she was.

Téigleaḋ, mild weather.

Ceann Ḃóirne, Burren Head (or Black Head), in Co. Clare.

Raċmaill, strainings, utmost effort.

Le teann fórsa, through stress of force.

Lom isteaċ an sgód, draw in the sail-rope.

I.

'Sé Páidín Seoiġe an ceárdaiḋe—
Ḃeirim féin an bárr dó,
Go paiteanta ag cur ádmaid le céile:
Rinne sé glan-ḃád dam,
Fuair molaḋ ó na táintiḃ,
Is innseoċaiḋ mise páirt daoiḃ dá tréarṫaiḃ!

Ropaḋ sí ċoṁ láidir
I n-aġaiḋ fairrge 'gus gála
Go ḃfliuċfaḋ sí gan áiṁrear na réaltaí.
Ní'l bréag 'n-a ḃfuil ráiḋte,
Le a airde is ḃíonn sí ag cáṫaḋ,
Go dtagann sé 'na ḃáistiġ ar na spéarṫaiḃ!

II.

Ar ċoimriġe Dé is Ṁic Duaċ
A ċuir mise an tSail Ċuaċ—
'Sí an bád is deise múnla dá ndéarnaḋ,
Tá an sonas ar na sluaiġtiḃ,
Ó ṡeol sí ar na cuantaiḃ,
'S an foġṁar ag fás fuas dúinn go hálainn.
Tá bád an iarla buailte,
Siúd is na sluaiġte,
Is an ċuid is fearr de húcairíḃ Ċinn tSáile,
Gur'b é deir an Ḃreaṫnaċ liúm-sa,
Naċ raiḃ suim aige 'na cúrsaíḃ,
Aċt oiread le bád púcáin ar ḃeárnain.

III.

Droċ-ḃlas ó na táintiḃ
Naċ dtagann ins an láiṫriġ,
Go ḃfeicfeaḋ siad a srámaí le céile;
Gur geall le obair plána
Gaċ uile ṁíle báll dí,
Is sgaraċa a cuid ádmaid níor léar ḋuit.
Aċt nár ḟaġaiḋ mé coiḋċe bás
Go ḃfeiciḋ mé an lá sin
Go ndéanfaiḋ a ṁac bád dam dá tréarṫaiḃ—
Cleiṫ ná maide ráṁa
Níor iarr sí riaṁ ar fáile,
'S ba ċuma léiṫi gála nó téigleaḋ.

IV.

Lá na gaoiṫe móire
Ḃí mé innti ag seólaḋ,
Is béiḋ cuiṁne agam go deó ar an lá úd—
Ní ḃeidís ag Ceann Ḃóirne
Le raċmaill a gcuid seól,
Nuair a ḃeaḋ bláṫ na hÓige istiġ i nÁrainn.
Nuair a cuirtear long Ríoġ Seoirse
'Na luiġe aige le teann fórsa,
Ṡiúd é an uair is spóirteaṁla an máiġistir;
'Sé duḃairt sé liom go dóċasaċ,
"Lom isteaċ an sgód—
Ní hionann bláṫ na hÓige 's na báid sin!

XLIV.—Luġ Láṁḟada.

Goibne geala, silver-smiths.
Éalang, ainim, oil, a bodily blemish.
Máċaill, a stain, blemish.
Árd-ċeannas, chief rule over.
Ríġe, kingship, sovereignty; "nuair a ḃí sé ag fáġail na ríġe," "when he was succeeding to the sovereignty."
Nimneaċ, venomous.
Gortaċ, stingy.
Ar an toirt, *also* ar an dtoirt, on the spot, at once (*lit.* on the bulk).
Eaċtra, an expedition.
D'ḟonn, le haġaiḋ, le huċt, with a view to.
Ṫar n-ais, ar ais, back.
Oilte, trained, skilled.
Loitte, wounded.
Mion-ċogaḋ, skirmishing.
Ceannṗort, commander.
Ċuir sé a ṡlán fá Ḃalor ṫug sé dubṡlán Ḃaloir, he challenged or defied Balor.
Tallaire, thief, reaver.
Crann tábaill, a sling.

Luġ Láṁḟada

1. "Cionnus d'éiriġ le Tuaṫaiḃ Dé Danann, nuair ḃíodar i seilḃ na tíre seo," arsa Seán Ó Conaill leis an Maiġistir.

2. "Is é ḃí 'n-a ṫaoiseaċ ar Ṫuaṫaiḃ Dé Danann ar a dteaċt go hÉirinn Nuaḋa, agus buḋ é an Nuaḋa céadna so a ḃí 'n-a ċeann orta i gcaṫ Ṁuiġe Tuireaḋ Ċunga. Ċaill sé a leaṫ-láṁ 'san gcaṫ. Do ċuir goibne geala a ṁuinntire féin láṁ airgid air i n-ionad a láiṁe féin, agus Nuaḋa Airgead-láṁ is eaḋ tugtaoi air as soin amaċ.

3. Do réir dliġe na nGaeḋeal, ní féadfaḋ aon

duine a mbeaḋ éalang nó ainim nó máċaill ar biṫ air, árd-ċeannas na hÉireann do ġabáil. Nuair do ċaill Nuaḋa a láṁ i gcaṫ do ṁeas sé féin go gcaiṫfeaḋ sé cur suas de'n ríġe, aċt, nuair a ċonnaic a ṁuinntir an láṁ airgid air, ḃí áṫas tar meaḋón orṫa agus duḃradar go gcaiṫfeaḋ sé fanaṁaint 'n-a ríġ os a gcionn, agus nár ḃ'ainim air a láṁ a ḃeiṫ caillte ó ḃí an láṁ airgid air i n-a hionad.

4. Le linn Nuaḋa Airgead-láṁ a ḃeiṫ 'n-a ríġ, ṫáinig na Foṁóraiġ ag cur isteaċ arís ar ṁuinntir na hÉireann, agus ba ḃeag nár éiriġ leó an tír go léir a ṫaḃairt fá n-a smaċt, fá mar rinneadar i n-aimsir Ċloinne Neiṁiḋ.

5. An faid a ḃí láṁ Nuaḋad dá leiġeas, do toġaḋ taoiseaċ eile dár ḃ'ainm Breas mar ríġ. Fear niṁneaċ gortaċ do b'eaḋ é agus níor ṫaitin a ḋroċ-ġníoṁarṫa le Tuaṫaiḃ Dé Danann. Ní túisge ḃí ainim Nuaḋad leiġista ná cuireaḋ an ruaig ar Ḃreas.

6. Do ċuir so feairg éaċtaċ ar Ḃreas. Foṁóraċ do b'eaḋ é ar ṫaoḃ a aṫar. Nuair do baineaḋ an ċoróin de ċuaiḋ sé go dtí n-a aṫair, agus d'innis dó cionnus mar ṫuit gaċ ní amaċ dó. D'iarr sé air cabair is congnaṁ ċun ríġe na hÉireann a ḃaint amaċ arís le neart a ċlaiḋiṁ dó féin.

7. "A ṁic mo ċroiḋe," arsa a aṫair leis, "is beag an congnaṁ is féidir liom-sa a ṫaḃairt duit, aċt an méid atá ar mo ċumas ġeoḃair é agus fáilte. Éiriġ anois ag triall ar Ḃalor, rí cuṁaċtaċ na hIorruaiḋe agus innis do sgéal dó. Abair leis gur mise a ċuir ċuige ṫu, agus ġeoḃair uaiḋ fáilte agus congnaṁ le n'ais."

8. D'imṫiġ Breas ċun siuḃail arís agus níor stad go ndeaċaiḋ 'san Iorruaiḋ go dtí Balor. Is amlaiḋ a ḃí Balor, ḃí súil niṁe aige agus éinneaċ do-ċífeaḋ í agus í ar forsgailt do-ġeoḃaḋ bás ar an toirt. Do b'éigean dó í a ċoimeád dúnta i gcóṁnuiḋe. Do ġeall Balor congnaṁ dó agus duḃairt go raċaḋ féin go hÉirinn leis ar eaċtra. Do ṫug Breas seaċt mbliaḋna i measg na bFoṁórac ag bailiuġaḋ sluaiġ agus ag a n-ullṁuġaḋ ċun caṫa.

9. Níor ḟan Nuaḋa Airgeaḋ-láṁ agus Tuaṫa Dé Danann díoṁaoin i ríṫ na haimsire seo. Ḃí a ḟios aca naċ aon ġnó fóġanta a ṫug ar Ḃreas Éire d'ḟágáil. Ḃí a ḟios aca mar an gcéadna a aṫair a ḃeiṫ 'n-a ríġ ar ṫreiḃ d'Ḟoṁórċaiḃ, agus do ċeapadar 'n-a n-aigneaḋ féin gur ċosṁail go ndeaċaiḋ sé ag triall ar a aṫair d'ḟonn congnaṁ d'ḟaġáil ċun teaċta tar n-ais go hÉirinn agus an ceannas a ḃaint de Ṫuaṫaiḃ Dé Danann, dá mb'ḟéidir é.

10. Do ċuir Nuaḋa fios ar na taoiseaċaiḃ ba ṁó réim agus do b'oilte léiġeann dá raiḃ ar Ṫuaṫaiḃ Dé Danann. Do ḃí orṫa so Luġ Láṁḟada, an Daġḋa, Oġṁa, Gaiḃne agus Diancéaċt.

11. Do ċuadar so i gcoṁairle, agus ba ġnáṫaċ leó teaċt i bḟoċair a ċéile gaċ lá. Fear mor-eóluis ar ċéirdiḃ do b'eaḋ Luġ. Ollaṁ agus fear léiġinn do b'eaḋ an Daġḋa. Tréan-ḟear do b'eaḋ Oġṁa. Goba clúṁail do b'eaḋ Gaiḃne. Fear leiġis do b'eaḋ Diancéaċt.

12. I gceann na seaċt mbliaḋan ṫáinig na Foṁóraiġ. Ṫángadar i dtír i dtuaisceart na hÉireann. Do ġluais-eadar Tuaṫa Dé Danann ċun caṫa ċur orṫa, agus casaḋ ar a ċéile an dá ṡluaġ ar Ṁuiġ Tuireaḋ Ṫuaiḋ, ar an dtaoḃ ṫiar ṫuaiḋ de Ċonntae Ṡligiġ.

13. Ba ṁór an congnaṁ do Ṫuaṫaiḃ Dé Danann Gaiḃne agus Diancéaċt a ḃeiṫ orṫa. Ḃíoḋ Gaiḃne agus a luċt conganta ag déanaṁ sleaġ agus claiḋṁte faoi ċoṁair na laoċ a ḃíoḋ 'san gcaṫ; agus Diancéaċt agus a luċt conganta ag cneasuġaḋ na ndaoine a ḃíoḋ loitte. Do ḃí Tuaṫa Dé Danann ullaṁ go maiṫ.

14. D'éis a lán mion-ċogaiḋ, do ḋruid na Foṁóraiġ a leiṫ i n-aon ḃuiḋin aṁáin ċun caṫa ċur. Do ḃí Tuaṫa Dé Danann ag feiteaṁ leó i bḟus agus roġa láiṫreaċ aca. Do ṫosuiġ gaċ taoḃ aca ag troid go calma. Do ḃí Balor i n-a ċeannṗort ar na Foṁórċaiḃ agus Nuaḋa i n-a ċeannṗort ar a ṁuinntir féin. I dtús an lae ṫáinig an dá laoċ so ar a ċéile i lár an ċaṫa. Rinn-eadar coṁrac teann, aċt ba le Balor ba ṫreise agus do ṁarḃ sé Nuaḋa.

15. Ní túisge marḃaḋ Nuaḋa ná ṗreab Luġ Láiṁḟada i dtosaċ buiḋne. Ċuir sé a ṡlán fá Ḃalor i dteangaiḋ nár ṫuig aonduine aċt an beirt aca féin.

"Baintear an brat dem' ṡúil," arsa Balor, "go bfeicead an tallaire seo atá ag laḃairt go dána liom."

16. Sul a raiḃ sé d'uain ag an luċt freastail an clúdaċ a ḃaint de ṡúil niṁe Ḃaloir, do ċait Luġ urċar de ċloiċ as a ċrann táḃaill leis, agus d'aimsiġ 'san tsúil niṁe é. Ṫug an ċloċ an tsúil léi siar amaċ tré ċúl a ċinn, agus ṫuit sé marḃ.

17. 'N-a ḋiaiḋ sain do briseaḋ ar na Foṁórċaiḃ agus ṫeiċeadar leó féin soir agus siar. Do gaḃaḋ Breas agus daingneaḋ i ngéiḃinn é, aċt níor cuireaḋ ċun báis é.

18. Do rinneaḋ árd-rí de Luġ Láṁḟada. Is é do ċuir ar bun Aonaċ Ṫailtean na Miḋe, i gcuiṁniuġaḋ bliaḋna ar Ṫailtin, bean Eoċaḋa ṁic Eirc, an rí deireannaċ d'Ḟearaiḃ Bolg, mar is í ba ṁáṫair ḋaltaiḋe dó féin. Ḃíoḋ an t-aonaċ so ar siuḃal ar feaḋ coigtiġise roiṁ Luġnasa agus ar feaḋ coigṫiġise 'n-a ḋiaiḋ.

5. Ṫaitin = ṫaitniġ, ṫaitn. Leiġiste = léiġeasta.
6. Ríġe = ríoġaċt.
8. Ar fosgailt = ar osgailt, fosgailte.
9. Díoṁaoin = díoṁaoineaċ.
12. Ṫiar ṫuaiḋ = ṫiar ó ṫuaiḋ, ṫiar dtuaiḋ.

An Coinín.

XLV.—Na Beiṫiḋiġ Ḃólaċta.

Cuid II.

An aicme ċoganta (ċang-alta), the gnawing order.
Cúl-fiacla, molar teeth.
Cuimseaṁail, numerous.
Gráinneog, hedge-hog.
Crapann (cnapann), gathers together, rolls up.
Ceirtlín, ceirṫle, a ball.
Niṁeanta, niṁneaċ, poisonous.
Díoġḃáil, harm.
Líobóga leaṫair, míoltóga leaṫair, ialltóga leaṫair, bats; the last is the most correct, as the O. Ir. form is ialltu.
Croiḃ na láiṁe, palm of the hand.
Leaṫnuiġṫe, widened.

Rúitíní, ankles.
Toirċim suain, soireann suain, state of torpidity.
Muc ṁara, luradán, porpoise.
Laċt, the milk a young animal sucks.
Eite deiriḋ, posterior fin.
Cladaiġ, shores.
Sgaoṫ, sguaiṫne, a shoal.
Míolta móra, lapadáin, bleiḋṁíolta, pairn, (the second term rather = cetaceans, *i.e.*, it is generic), whales.
Cnáṁa a ḋá ġiall, his two jaw-bones.
Uaiṫnib geata, gate pillars; in *dat. pl.*

1. Tá aicme eile de na beiṫiḋiġiḃ ḃólaċta fairsing go maiṫ i nÉirinn, 'sé sin, an aicme ċoganta, mar atá, an girrfiaḋ, agus an coinín, agus an madaḋ crainn,

agus an luċ; agus cuirfeamaid síos ar an tríoṁaḋ haicme iad.

2. Tá cosaṁlaċt aca le ċéile i n-a gcuid fionnfaiḋ agus i n-a ndéanaṁ. I n-a gcuid fiacal is mó a ṫéiḋeann siad i gcosaṁlaċt le ċéile, agus go mbíonn siad i gcóṁnuiḋe ag cogaint. Bíonn ceiṫre cinn de ċlár-ḟiaclaiḃ fada géara aca, péire 'sa dranndal uaċtair agus péire 'sa dranndal íoċtair. Bíonn drad cúl-ḟiacal freisin aca, aċt naċ mbíonn na cúl-ḟiacla ċoṁ feiceálaċ leis na clár-ḟiaclaiḃ, ná ċoṁ mór leo.

3. Ar ṫorṫaiḃ na talṁan atá a dtiġeaċt suas. Síolruiġeann siad ċoṁ fairsing sin, agus tá siad ċoṁ cuimseaṁail ar fud an doṁain; agus go ndéanann na beiṫiḋiġ ḟáitealla cuid ṁór dá sliġe beaṫa díoḃ.

4. Ar an gceaṫramaḋ haicme cuirfeamaid síos na beiṫiḋiġ a ṁaireas ar ṗéistiḃ agus ar ṁíoltógaiḃ ar nós na gráinneoige. Is éagsaṁail an beiṫiḋeaċ í an ġráinneog. Deilgne fada géara a ḃíos ag fás airti i n-áit fionnfaiḋ. Crapann sí í féin i n-a ceirtlín, má airiġeann sí dadaṁ ag tiġeaċt, agus cuireann sí na deilgne i n-a seasaṁ. Ní ṫigeann le madaḋ nó le sionnaċ breiṫ uirṫi annsin.

5. Bíonn sí i n-a codlaḋ ar feaḋ an ġeiṁriḋ, agus cuireann sí an aimsir ḟuar ṫairsti gan aon ḃeaṫa a ḃeiṫ ag teastáil uaiṫi. Ní ṁarḃóċaḋ an niṁ is láidre ar biṫ í. Tá sí i gcleaċtaḋ a ḃeiṫ ag iṫe piast niṁeanta, agus ní ċuireann an niṁ dadaṁ ar di. Ḋéanfaḋ na péiste niṁeanta sin díoġḃáil ṁór muna mbéaḋ a n-iṫeann an ġráinneog díoḃ. 'San oiḋċe a ṫéiḋeann sí ag soláṫar. Bíonn faitċíos uirṫi corruġaḋ amaċ 'sa lá.

6. Ar an gcúigeaḋ haicme cuirfeamaid síos na líobóga leaṫair: is cosaṁail le leaṫar, .i. le croiceann, an dá sgiaṫán a ḃíos orṫa.

7. Ní'l mórán cosaṁlaċta ag sgiaṫánaiḃ na líobóige le sgiaṫánaiḃ an éin. Is mó an ċosaṁlaċt atá aca le láṁaiḃ, aċt croiḃ na láṁ a ḃeiṫ leaṫnuiġte amaċ go mór, agus fad dá réir a ḃeiṫ ins na méaraiḃ. Sroiċeann na sgiaṫáin amaċ ó na guailniḃ ar an dá láiṁ go

barraiḃ na méar, agus síos ar gaċ aon taoḃ go rúitíníḃ na gcos, agus go barr an earbaill. Cúig méara atá ar láṁaiḃ na líobóige agus cúig méara atá ar a cosaiḃ.

8. Ní'l aon ḃeiṫiḋeaċ dá saṁail i nÉirinn aċt í féin. Tá mianaċ na líobóg an-ḟairsing i dtíorṫaiḃ eile, cuid aca a mbíonn cúig troiġṫe de leiṫneaċt ionnta idir ḃarraiḃ na sgiaṫán.

9. Cuileoga agus míoltóga a iṫeas na líobóga leaṫair, agus ins an oiḋċe a ṫéiḋeann siad dá soláṫar. Is ionndaṁail, mar sin, gur 'san oiḋċe a feictear iad. Ní faiġtear amarc ar biṫ orṫa 'sa ngeiṁreaḋ d'oiḋċe nó de ló. Bíonn siad sáiṫte i bpoll éigin agus iad i n-a dtoirċim suain ar feaḋ an ġeiṁriḋ, nó go ndúisiġeann siad arís leis an lá breaġ.

10. Áiriṁṫear i n-a n-aicme eile de na beiṫiḋiġiḃ bólaċta an ṁuc mara agus an míol mór. Cé gurab í an ḟairrge a n-áit ċoṫuiġṫe, beirtear an sruiḃ óg beo, agus is le n-a laċt a tógtar i dtosaċ iad. Is cosaṁail leis an rón iad insa gcaoi i ḃfaġann siad anál, agus i dtéas a gcuid fola. Aċt ní hé an déanaṁ céadna atá orṫa féin agus ar an rón. Ḋá eite atá orṫa i n-áit an dá ċos tosaiġ; ní'l aon eite deiriḋ orṫa aċt an t-earr-ball. I gcúl a gcinn atá na polláirí.

11. Coṫuiġeann na muca mara tart le cladaiġiḃ na hÉireann. Is iomḋa uair a ċítear iad ag imṫeaċt i n-a sgaoiṫ ar uaċtar an uisge, agus a ndromanna aníos as.

12. Ins na fairrgíḃ ó ṫuaiḋ 'seaḋ is mó a ċoṫuiġeas na míolta móra, aċt ṫagaḋ corr-ċeann aca ar ċuantaiḃ na hÉireann. Cuireaḋ ceann aca isteaċ ar an tráiġ 'sa Ros Ruaḋ i gConamara, tuairim is leiṫ-ċéad bliaḋain ó ṡoin. Isteaċ i gcuan Ṡal Ruca a cuireaḋ é, lá gaoiṫe móire, agus níor ḟéad sé ionntóḋ 'sa gcuan, gur imṫiġ an taoille uaiḋ, agus gur fágaḋ ar an tráiġ é. Marḃuiġeaḋ ar an tráiġ é, agus fríṫ go leor ola as. Tá cnáṁa a ḋá ġiall le feiceáil i gcómnuiḋe i n-a n-uaiṫniḃ geata sgaṫaṁ aníos ó'n gcuan.

1. Ḟairsing = flúirseaċ, iomadaṁail, líonṁar. Ċoganta = ċangalta.

2. Cogaint = cangailt, cagnaḋ.
5. Niṁeanta = niṁe. Corruġaḋ = corruiġe.
8. De leiṫneaċt = ar leiṫead.
9. Faiġtear = ġeibtear. éigin = eicín, eicínt, innteaċ, éiginteaċ. I n-a dtoirċim suain = i n-a gcnap codlata, i n-a soireann suain. Muc mara = lupadán.
11. Ionntóḋ = tionntóḋ, iompóḋ, tiompóḋ. Fríṫ = fuarṫas, fuaraḋ, fuaras.
12. Feiceáil = feicsint, feiscint.

XLVI.—AR ĠIORRAĊT ÁR SAOĠAIL.

Ag seoḋ, withering.
Ag éagaḋ, dying.
D'reóil, for deireoil, puny, insignificant (sometimes pronounced dileoir).
Árṫaċ, árṫraċ, árṫaraċ, a vessel.
Bóċna, muir, fairrge, sea.
Ró-riṫ, running at full speed.
Neóil, néil, *gen.* of néal, a cloud.
Bíoḋḃa, naṁaid, enemy.
Aga, aimsir, am, linn, faill, time, opportunity.

I.

Ní luaiṫe spól ar seól 'ná ár saoġal-ne ag teaċt,
Nó bláṫ bog óg ag seoḋ 's ag éagaḋ ar fad,
Nó gaeṫe a ṫógfaḋ leó ins na spéarṫaiḃ gal,
Nó coinneall ḃeag ḋ'reóil mar ḋóiġeann í féin amaċ.

II.

Nó árṫaċ seóil ar bóċna ṫréin ag teaċt,
Nó teaċtaire ag ró-riṫ bóṫar réiḋ gan stad,
Nó sgáil ḃeag neóil d'imṫeóġaḋ gan glaoḋaċ ṫar n-ais
Ár mbíoḋḃa mór 's gan fós ár dtréine aċt lag.

III.

Ár n-aga geárr 's ár mbás go cinnte ceart,
'S naċ feasaċ tráṫ cá hárd i mbíonn a ṫeaċt,
'Sí sliġe is feárr ċun tráċt go cruinn ar neaṁ
Beiṫ i síṫ le các 's i ngrástaiḃ Ríoġ na bFeart.

Míċeál Ó Longáin ccc.

XLVII.—An ḃó.

Ar blioċt, whilst giving milk.

Ċinnfeaḋ air, it would fail him.

Ionnlaoiġ, tormaiġ, moṫair, "in calf," "springing."

Bainne gruṫ, maoṫal, gruṫ buiḋe, nús, biestings.

Déanann siad tormaċan mór, there is a large 'springing' of milk to the udder; tormaċan is also found as tormaċ; úṫ, the udder.

Loilġeaċa, milch cows.

Beiṫiḋeaċ gáiṁṫeaċ, a flourishing animal.

Allṁantas, allowance.

Leaṁnaċt, new milk.

Má ṫéiḋeann a laċt go maiṫ ḋó, if his suckling does him good; ceal aire, want of care.

Reaṁruġaḋ, to fatten.

Cur i n-orduġaḋ, to put in condition.

Daṁ, the general word for ox or cow in prime condition.

Cíb, sedge.

Feannta, skinned.

Áit ḟasgaṁail, a sheltered place; áit ṫéagaraċ, áit ḟóḋaṁail, are synonyms; often áit ḟóḋaṁail ṫéagaraċ.

---

1. Is deas an rud bó ḃainne; tá sí an-úsáideaċ i n-aice tiġe. Má coinniġtear neart beaṫa léiṫi an ḟad agus ḃéas sí ar blioċt, béiḋ go leor bainne aici.

2. Is beaṫa iomlán an bainne. Tá sé i n-a ḃiaḋ agus i n-a ḋiġ i gcuideaċt. Caiṫtear bainne ar gaċ uile ḃéile. Ba deacair do na daoinib a ṫiġeaċt suas d'ḟoir-easḃaiḋ bainne.

3. Is foġainteaċ an ḃeaṫa do ḋuine tinn bainne na bó. Ṫiocfaḋ sé suas ar ḃainne an uair a ċinnfeaḋ air aon ḃiaḋ eile a ċaiṫeaṁ. Ní'l an bainne i n-a ḃeaṫa iomláin ag duine i n-a ṡláinte, nó do ḋuine ar biṫ aċt do ṗáistiḃ.

4. Má tá na ba slán ó ġalraiḃ, ní ḟéadfaḋ an t-aos óg ní ar biṫ ċom folláin leis a ċaiṫeaṁ. Má tá galar ag gaḃáil do'n ḃuin, tá contaḃairt ṁór d'óg nó d'aosta i n-a cuid bainne a ól. Tá siad i gcontaḃairt

an galar céadna a ṫógḃáil iad féin. Galar ar biṫ atá ar ḃuin, tá mianaċ an ġalair sin i n-a cuid bainne.

5. Sin é an fáṫ a mbruiṫeann go leor daoine an bainne sul dá gcaiṫeann siad é. Marḃann an ḃruiṫ mianaċ an ġalair 'sa mbainne. Má tá aiṁreas ar biṫ naċ ḃfuil an ḃó slán, is ceart leaṫ-ḃruiṫ a ṫaḃairt do'n ḃainne, le ḃeiṫ dearḃṫa, aċt gan leigean dó fiuċaḋ—déanann an fiuċaḋ roinnt ṁillteanais dó.

6. Ḃeireann an ċuid is mó de na buaiḃ laoġ gaċ uile ḃliaḋain. Nuair a ḃíos an ḃó ionnlaoiġ, teastuiġeann aire ṁaiṫ uaiṫi. Nuair a ḃíos sí i ḃfoisgeaċt míosa dá ham a ḃeiṫ suas, ní ceart í a ḃleaġan—níor ṁór an mí a leigean léiṫi gan í a ḃleaġan—ḃeaḋ laoġ lag ag an mbuin a ḃliġfiḋe. Ḃliġtear í nuair a ḃíos sí tamall tar éis beirṫe, agus bíonn go leor bainne gruṫ aici.

7. Ḃíonn ba ann, a ṫriomuiġeas nuair a ḃíonn siad ionnlaoiġ; agus an t-am i mbíonn siad le linn beirṫe déanann siad tormaċan mór, agus caiṫtear a mbleaġan—cuid aca coicṫiġeas nó trí seaċtṁaine roiṁ ḃreiṫ ḋóiḃ. Ḃíonn faitċíos go dtiocfaḋ aon an-ḟóġ ar an úṫ de ḃarr an iomarca bainne.

8. Is cóir aire ṁaiṫ a ṫaḃairt do na loilġeaċaiḃ tar éis laoġanta a ḃreiṫ, gan aon ḃeaṫa láidir a ṫaḃairt dóiḃ, aċt ar éigin iad a ċoingḃeáil beo. Is iomḋa uair a cuirtear ba ċun báis le beaṫa láidir a ṫaḃairt dóiḃ tar éis beirṫe ḋóiḃ.

9. Níor ṁór do'n laoġ aire ṁaiṫ a ḟaġáil sreisin. Ní ḋéanfaiḋ sé aon ḃeiṫiḋeaċ gáiṁteaċ coiḋċe, muna ḃfaġaiḋ sé allṁantas maiṫ de ḃainne a ṁáṫar. Is cóir neart de'n leaṁnaċt a ṫaḃairt dó, ḟad agus ḃéas sé ag ól a laċta. Tar éis na céad míosa, má ṫéiḋeann a laċt go maiṫ ḋó, tiocfaiḋ sé le híoċtar bainne, aċt biaḋ eile a ḟaġáil i n-a ṫeannta. Cailltear go leór laoġanta le ceal aire.

10. Ḃíonn cuid de na buaiḃ maol agus cuid aca aḋarcaċ. Is ionndaṁail gur fearr na ba aḋarcaċa le h[illegible] bainne ná na ba maola. Aċt is fearr an ċuid

ṁaol le haġaiḋ feola; is iad is fusa a reaṁruġaḋ agus a ċur i n-ordúġaḋ. Nuair a díoltar na beiṫiḋiġ ṁaola agus go gcuirtear ċun bealaiġ ar na traentaċaiḃ iad, ní ḃíonn siad ag gortuġaḋ a ċéile ins na borgaiḃ.

11. 'Sé an deireaḋ a téiḋeas ar an daṁ, an búistéaraiḋe dá ṁarḃaḋ. Sin é an fáṫ a dtugtar an oireaḋ sin aire ḋó—dá ċur ar ċíb 'sa ngeiṁreaḋ, agus ar ṫaltaiḃ mine 'sa saṁraḋ. Mart a tugtar ar an daṁ nuair atá sé marḃ feannta agus a ċuid feóla faoi réir le díol; mairtfeoil a tugtar ar an ḃfeoil.

12. Tá go leór úsáide taisis sin 'sa daṁ. Déantar leaṫar ḋá ḟeiċe, le haġaiḋ bróg. Níor ḃ'ḟéidir aḋḃar bróg a ḟaġáil níos fearr ná leaṫar. Faiġtear úsáid, freisin, i n-aḋarcaiḃ agus i gcrúbaiḃ agus i gcnáṁaiḃ an daiṁ. Déantar cnaipí agus cíora agus spúnóga as na haḋarcaiḃ agus as na cnáṁaiḃ; agus déantar cnaipí agus gliú as na crúbaiḃ.

13. Is ceart a ḃeiṫ cineálta leis na beiṫiḋiġiḃ, agus aire ṁaiṫ a ṫaḃairt dóiḃ, agus áit fasgaṁail a ḃeiṫ le n-a n-aġaiḋ 'sa ngeiṁreaḋ. Aiṫneoċaiḋ siad an té a ḃéas i n-a ċeann ṁaiṫ ḋóiḃ, agus béiḋ cion aca air. Is maiṫ leó coṁluadar dá gcineál féin a ḃeiṫ aca, agus, muna mbíḋ sin aca, déanfaiḋ siad compádaċt leis an gcapall nó leis an asal. Ní'l sé de nadúir i rud ar biṫ beó a ḃeiṫ ag imṫeaċt ann féin gan coṁluadar éigin.

1. bliocht = bleaċt. i gcuideaċt = i n-éinfeaċt.

3. foġaintineaċ (foiġintineaċ) = fóġanta, fóġainteaċ. Ṫiocfaḋ sé suas = ḃeaḋ sé beó, ṫiocfaḋ sé i dtír.

6. i ḃfoisgeaċt míosa = i ngirreaċt mí, fá ṁí, faoi níosaċt míosa. Dá ham = dá hionḃaiḋ, d'uain ḃeorṫa. A ḃleaġan = a ċrúḋ.

8. laoġanta = laoiġ.

9. allṁantas = flúirse.

12, gliú = biġ, gleoṫán, struirín.

XLVIII.—Árd Tiġe Cuain.

Dia Dóṁnaiġ, on Sunday.

Loinneog, a chorus; now confined in spoken usage in Ireland to the County Antrim; it is an excellent word, and is derived from loinn, loinne, joy, gladness, pleasure.

Liug, alas; *cp.* ologón and lógóireaċt, which appear to have the same root.

Trom, heavy, sad, sorrowful.

Leann duḃ, melancholy; also lionn duḃ.

Leónta, sad, bruised with grief.

Lon duḃ, the male blackbird.

Gealḃann, sparrow.

Smólaċ, thrush; also smaolaċ.

Naosgaċ, snipe.

Ċa n-airiġim, ní airiġim, I do not feel or notice.

Ráṁ, an oar; also maide ráṁa.

Ag iomraṁ, rowing.

Ar an tsnáṁ, on the wave, on the water.

I.

Dá mbéiḋinn féin i nÁrd Tiġe Cuain,
I n-aice an tsléiḃe úd tá i bfad uaim,
Baḋ annaṁ liom gan dul ar cuairt
Go Gleann na gCuaċ Dia Dóṁnaiġ.

Loinneog.

Agus oċ oċ éire, liug is Ó!
Eire, leann duḃ agus Ó!
'Sé mo ċroiḋe tá trom 's é brónaċ!

II.

Is iomḋa Nodlaig ṫánag féin,
Ar an beagán beagán céill',
Ag riṫ ag iomáin ar an tráiġ báin,
Mo ċamán bán in mo ḋórn liom.

Loinneog.

Agus oċ oċ Éire, liug is Ó!
Éire, leann duḃ agus Ó!
'Sé mo ċroiḋe tá trom 's é leónta!

III.

Naċ tursaċ mise annso liom féin,
Naċ n-airiġim guṫ coiliġ, lon duḃ, ná tréiḋean,
Gealḃann, smólaċ, naosgaċ féin,
Is ċa n-airiġim féin an Dóṁnaċ!

Loinneog.

Agus oċ oċ Éire, liug is Ó!
Éire leann duḃ agus Ó!
'Sé mo ċroiḋe tá briste brónaċ!

IV.

Dá mbeiṫ agam féin coite is dá ráṁ,
Nó go mbéiḋinn ag iomraṁ ar a' snáṁ,
Ag dúil ar Dia go dtillinn slán,
Go ḃfuiġinn bás i n-Éirinn!

Loinneog.

Agus oċ oċ Éire, liug is Ó!
Éire leann duḃ agus Ó!
'Sé mo ċroiḋe tá briste is leónta!

Mac Ambróis ccc.

I. Árd tiġe Cuain: The two extant copies of the entire song have Áird ī Cuain and Árd a' Ċuain, which both appear to indicate our reading.
Liom: pronounced liúm here.
gleann na gCuaċ: Supposed to be near Creggagh, in Glendun, Co Antrim.

II. The first line reads thus in the two copies, and according to a third variant:

(1) Is iomḋa Nodlag b'agam péin;
(2) Is iomḋa Nodlag ṫána féin.
(3) An iomad Nodlag ṫána féin.

The fourth line in one copy reads:

Camán uinnse 'mo láiṁ liom = an ashen hurley with me in my hand. Uinnse = uinnseog, uinnseann, fuinnse, fuinnseog, ash-tree.

III Tursaċ is usual in most places for tuirseaċ, weary, sad.

Tréiḋean = sride traḋain, traḋna, traona, corncrake.

VI. The first line reads in one copy: 'A mbeiṫ agam péin aċt cota a's ráṁ = if I only had a skiff and oar; but the 'a (dá) should in that case be muna (mar').

Coite: pronounced locally cota.

Ag dúil ar Dia: the other copies have 'dúil le Dia and ann dúil le Dia; all = hoping by the will of God.

Go dtillinn = go bfillinn, go bpillinn, that I might return; otherwise go sroiċfinn, go dtéiḋinn.

Bás i nÉirinn: A common saying is: "Grása Dé ċugainn agus bás i nÉirinn."

Mac Ambróis, Mac Cambridge, as Anglicised; so Mac Lúcáis is made Mac Luggage.

[Deóraiḋe nó díbirteaċ ar Éirinn a ḃí in Mac Ambróis. Sean-ḃean ḃoḋar éigin i nGleann Duine a raiḃ an t-aiṁrán so aici, do labair sí faoi mar so.:

"Londuḃ a ḃí ionn," ar sise, "⁊ b'éigean dó teiċeaḋ ar a' tír."

Londuḃ, .i. ceiṫearnaċ coilleaḋ, tóraiḋe, ropaire, a wood-kern, a tory, a rapparee.

Gleann Duine, Glendun in Co. Antrim.]

XLIX.—An Ċaora.

Fuilint ar ḟuaċt, power of standing cold.
Tiuġann an fionnfaḋ, the hair thickens.
Tá sé de ṁianaċ 'sa madaḋ, it is the dog's nature.
Bréid, cloth.
Cniteáilte, knitted.
Fiġte, woven.
Cultaċa, suits of clothes.
Léinteaċa, léinte, shirts.
Stocaí, giosáin, stockings.
Pluideanna, blankets.
Bog-allus, 'insensible perspiration.'
Dá dteagaḋ an uair ar a mbuntáiste ċuca, if the weather came favourable for them.
An-tsoṫóġṫa, very easily reared.
Cimín, pasture.
Cineáltas, 'kind' pasture.
Aċar réiḋ, the plains.
Caoiriġ boineanna, ewes.
Coisgṫear na huain, the lambs are weaned.
Deasuiġṫear, are dressed, are dipped.
Galar sgraṫaċ, scab.
Faoi ċoṁair na gcnuṁ agus na sgiorṫán, against the maggots and the ticks.
Galar truaġ, 'pine.'

---

1. Is d'aon ṁianaċ aṁáin an ċaora agus an ḃó. Tá cosaṁlaċt aca le ċéile i n-a gcosaiḃ agus i n-a ḃfiaclaiḃ. Tagann gaċ aon ċuid aca suas ar ḟéar agus ar ḟás na talṁan. Bíonn caoiriġ aḋarcaċa ann, agus tuilleaḋ gan aon aḋarc ar nós mar ḃíos na ba. Cognann na ba agus na caoiriġ a gcíor, má's féar a ḃíos ite aca. Ní ṫiuḃarfaḋ min nó beaṫa ḃog aon ċíor dóiḃ.

2. Is fearr an ḟuilint ar ḟuaċt atá ag an gcaoiriġ ná ag an mbuin. Tá lomraḋ olna ar an gcaoiriġ a ġníos téagar di 'sa ngeiṁreaḋ. Ní'l beiṫiḋeaċ ar biṫ naċ dtiuġann an fionnfaḋ air ag tiġeaċt ráiṫe an ġeiṁriḋ.

3. Beiṫiḋeaċ an-tsocair atá insa gcaoiriġ; ní'l sórt anaċaine ar biṫ innti. Tá caoiriġ i nÉirinn le fada na gcianta. As sléiḃtiḃ na hÁsia a ṫángadar an ċéad-uair. Tá siad anois ins gaċ uile ṫír.

4. Bíonn faitċíos mór aca roiṁ an maḋaḋ. Má cuirtear an maḋaḋ ionnta, cruinneoċaiḋ siad i n-aon ċnap aṁáin. Tá sé de ṁianaċ 'sa maḋaḋ fiaḋaċ a ḃeiṫ aige orta. Dá mbeaḋ caora ann a mbeaḋ uan óg aici, ṡeasfaḋ sí go dána i n-aġaiḋ an ṁaḋaiḋ. Raċaḋ sí ar ċosaint an uain agus ag bualaḋ an ṁaḋaiḋ. Ċeap Dia an nádúir sin di naċ misde léiṫi í féin a ċur i gcontabairt ag cosaint a huain.

5. Tuigfiḋ tú an úsáid agus an ḟoġaint atá dúinn 'sa gcaoiriġ, má ṫugann tú faoi deara gaċ a ḃfuil d'éadaċ olna dá ċaiṫeaṁ ins an tír—bréidí cniteáilte agus figte, cultaċa, léinteaċa, stocaí, pluideanna, ⁊rl.; agus a ḃfuil de ṁuiltiḃ olna ar fud na hÉireann.

6. Ní'l éadaċ ar biṫ ċoṁ folláin le héadaċ olna. I gceann téagar a ḋéanaṁ do'n ċolainn, tá tarraint an aeir 'san éadaċ olna, agus tá sliġe ag bog-allus na colainne le himṫeaċt amaċ tríd.

7. Bíoḋ sé de ġnás ag daoiniḃ na caoiriġ a niġeaċán roiṁ aimsir an ḃearrṫa. Dá dteagaḋ an uair ar a mbuntáirte ċuca, seaċtṁain ab' ionndaṁail dóiḃ a léigean leo ṫar éis an niġeaċáin, d'ḟonn bog-allus a ṫiġeaċt 'san olainn. Bearrann go leor daoine anois iad gan niġeaċán ar biṫ.

8. Tá méid mór i gcuid de na caoirċiḃ ṫar a ċéile. Is ionndaṁail gur caoiriġ beaga aḋarcaċa a tógtar ar na sléiḃtiḃ. Tá na caoiriġ sléiḃe an-stoṫógṫa; fanann siad 'sa gcnoc gaċ uile ṫráṫ de'n ḃliaḋain.

9. Ní ḃeaḋ na caoiriġ móra beo ar an sliaḃ. Ní ḟéadfaidís a ṫiġeaċt suas ar an gcimín garḃ, mar tá siad bog agus i gcleaċtaḋ an ċineáltais. Tógtar ar an aċar réiḋ iad, 'san áit i mbíonn féar maiṫ aca.

10. Tógann an ċuid is mó de na caoirċiḃ boineanna uan gaċ uile ḃliaḋain. Is ionndaṁail go mbíonn cúplaí ag na caoirċiḃ aċair réiḋ. 'Sa Márta agus 'san Aibreán a beirtear na huain. Níor ṁór cuṁdaċ maiṫ a ḃeiṫ ar na caoirċiḃ boineanna i n-aimsir ḃeirṫe na n-uan. Baḋ ceart, freisin, iad a ċoingḃeáil ar an gcineáltas an ḟaḋ agus bíos na huain ag siuḃal leo. Coisgtear na huain

faoi Luġnasa. An ċuid a beirtear san Aibreán, bíonn siad i n-inniṁe a ṫiġeaċt suas ar ḟéar 'sa Luġnasa.

11. Deasuiġṫear na caoiriġ gaċ uile ḃliaḋain, ndeireaḋ an ḟóġṁair, nó i dtús an ġeiṁriḋ, le n-a léiġeas ar an ngalar sgriaṫaċ agus ar na míolaiḃ ruaḋa. Deasuiġṫear arís iad faoi ċoṁair na gcnuṁ agus na sgiortán 'sa saṁraḋ. Má ḃíonn na huain ag siuḃal le n-a máiṫreaċaiḃ tar éis aimsire an ḃearrṫa, níor ṁór iad a ḋeasuġaḋ le faitċíos do na sgiortánaiḃ.

12. Tagann go leór galraí ar na caoirċiḃ sléiḃe, agus cailltear an-ċuimse díoḃ. Tagann galar truaġ ar ċaoirċiḃ a ḃíos ag coṫuiġe i mbarraiḃ na gcnoc. Léiġeastar é leis na caoirċiḃ a aṫruġaḋ ar ḟéar ċineálta.

1. Cognann = cangluiġeann, cagnann.

2. Ḟuilint = ḟulaint, fulaing.

3. An-tsocair = ana-ṡocair.

4. An madaḋ ionnta = an madra leo, an madaḋ asta.

5. Ar fóġaint = ar fóġnaṁ.

6. Le n'imṫeaċt = le himṫeaċt.

7. A niġeaċán = do niġe.

8. Caoirċiḃ = caoiriḃ, caoiriġiḃ. An-tsoṫóġṫa = an-tsoṫóiġṫe, ana-ṡoṫóġṫa.

11. Sgiortán = cartán.

12. Galraí = galair.

Éire ag caoineaḋ Eoġain Ruaiḋ.

L.—Caoineaḋ Eoġain Ruaiḋ Uí Néill.

B'aḋḃar dá ḃás, ba ṫrúig ḃáis dó, was the cause of his death.

Aṫruġaḋ, tionntóḋ, a translation.

Mór-ċlúṁail, mór-ċlúiteaċ, very famous, celebrated, illustrious.

Ag tuar báistiġe, presaging rain.

Árd-sgamaill, great clouds.

Táṁ-lag, lifeless (*lit.* trance-weak).

Cruaiḋ, steel.

Lán-ġaoise, of thorough wisdom, of good sense.

Ba beag ná gur ṫárrtuiġis, you almost saved.

A lár bruide, out of the midst of bondage.

Buaiḋirt, buaiḋreaḋ, trouble, affliction.

Fuair Eoġan Ruaḋ Ó Néill bás i gCloiċ Loċa hUaċtair, agus é ag déanaṁ ó ḋeas i n-aġaiḋ Cromaill

ar an seiseaḋ lá de Mí na Saṁna, i mbliaḋain a 1649. Buḋ é an t-aon taoiseaċ amáin ar Ġaeḋlib na haimsire úd 'n-a raib sé ar a ċumas tabairt fá arm Ċromaill. Buḋ é tuairim coitċeannta na nGaeḋeal gur niṁ a tugaḋ ḋó b' aḋbar dá bás. Seo aċruġaḋ go Gaeḋilg ar ḋán beag Ḃéarla a sgríoḃ Maiġistir Alfred Percival Graves, ag caoineaḋ an taoisiġ ṁór-ċlúṁail úd. An brón mór a ḃí ar an arm Ġaeḋealaċ ar ċailleaṁaint a gceann-urraiḋ, tá sé 'gá ċur sain i n-uṁail dúinn.

I.

Tá an spéir ag tuar báistiġe
  Agus árd-sgamaill duḃa,
'S tá Ó Néill againn tám-lag
  Dá lán-ċur i n-úir;
Is caointeaċ 's is cráiḋte
  Atámaid san triuḃal
Fá ualaċ do ṡáṁ-ċuirp,
  A ġráḋ ġil 's a rúin.

II.

Ní i gcreaċaḋ ar a mbántaiḃ
  Ná i gcárnaḋ an lae ḃuaḋa
Do leagaḋ go macánta
  Ċun báis tu, a Eoġain Ruaiḋ.
Ḃí an niṁ ins an árṫaċ úd
  D'árduiġ ṫu uainn,
Mar ba ḃeag ort, a ṡáir-ḟir,
  Gaċ a ndéarnaiḋ a gcruaiḋ.

III.

A ṫaoisiġ na lán-ġaoise,
  A láṁ an ġníṁ luais,
Ba ḃeag ná gur ṫárrṫuiġis
  A lár ḃruide ár sluaġ.
Ní'l dadaṁ i ndán dúinn
  Aċt sán agus buaiḋirt.
Fuair ár ndóċċas-ne bás
  Is tá láiṁ leat 'san uaiġ.

TORNA.

LI.—Aṫruġaḋ Bárr.

Fréamaċa, préamaċa, roots.
Pobual, potais, luaiṫ raiṫniġe, potash.
Spíonann, uses up, impoverishes, renders poor.
Teaċ aoiḋeaċta, teaċ ósta, guest-house, hostel, inn.
Ḟóireas, ḟeileas, oireas, which suits.
Gabáltas, holding, farm.
Séasúr, saosúr, season.
A ḋul ó raṫ, not being productive.
Go fad-ḋálaċ, slowly, lingeringly.
Eitrín, eitre, hollow between ridges of tilled land.
Sealaiḋeaċt, rotation.

1. Ní hionann an moḋ fáis atá ag potátaiḃ agus mar atá ag coirce agus féadamaid a ráḋ naċ ḃfuil an moḋ céadna fáis ag ḋá ḃárr ar biṫ. Tá duilleoga móra ar ḃárr agus duilleoga beaga ar ḃárr eile; tá fréamaċa fada a ṫéid síos go doiṁin ins an talaṁ ar ḃarraiḃ agus fréamaċa beaga a ḟásas go huaċtaraċ ins an talaṁ ar ḃarraiḃ eile.

2. Ní hionann mar an gcéadna an cineál coṫuiġṫe atá fóġainteaċ ag na barraiḃ. Teastuiġeann mórán aoil ó ḃárr agus beagán ó ḃárr eile. Baineann bárr mar ṗotátaiḃ mórán pobuail as an talaṁ agus is furus a ṫuigḃeáil, dá mbeaḋ potátaí dá gcur seal bliaḋanta ins an talaṁ, go laġdóċaiḋe an méid pobuail, muna gcuirtí leas ar an talaṁ a mbéaḋ oireaḋ pobuail ann agus d'imṫiġ gaċ bliaḋain ins na potátaiḃ. Tá a ḟios ag an duine eólaċ naċ cóir an bárr aṁáin do ċur go ro-ṁinic ins an talaṁ céadna, agus 'sé an rud a deirtear go spíonann so an talaṁ. Aċt is é an fáṫ atá leis, go mbaineann an bárr céadna an cineál céadna coṫuiġṫe as an talaṁ i gcómnuiḋe.

3. Féadamaid an talaṁ a ċur i gcomórtas le teaċ aoiḋeaċta i n-a ḃfuil cuid na seaċtṁaine fágṫa istiġ ag fear an tiġe. Tá, cuireamaid i gcás, arán plúir, arán min' ċoirce, feoil, potátaí agus sé nó seaċt de ċineálaiḃ eile bíḋ aige. Muna n-iṫeaḋ na daoine a ṫiocfaḋ ċum an tiġe ar feaḋ na seaċtṁaine dadaiḋ aċt potátaí agus

feoil, is soiléir dúinn go dtiocfaḋ an dá ċineál bíḋ sin gearr. Seo go díreaċ mar éirġeas do'n talaṁ nuair a ċuirtear an bárr céadna ann go ro-ṁinic, tigeann sé gearr ins an gcineál coṫuiġṫe a ḟóireas do'n ḃárr sin nó bíonn sé i n-uireasḃaiḋ le fás maiṫ a ṫaḃairt do'n ḃárr.

4. Is deacair so a ċur i gcéill do ṁuinntir na hÉireann, agus go háiriġṫe do luċt na ngaḃáltas beag. Cuireann cuid aca potátaí ins an áit ċéadna go ro-ṁinic agus má ṫig séasúr fliuċ, nó aicíd go luaṫ ar an ḃárr, ní ḃeiḋ dadaiḋ aca ar son a saoṫair, agus beiḋ iongantas an domhain orṫa caidé is ciall d'á gcuid talaiṁ a ḋul ó raṫ.

5. Ní ġlacann na feirmeoirí coṁairle aċt go fad-dálaċ. 'Sí coṁairle gaċ duine ḋóiḃ, a ḃfuil eólus aige ar ġiollaċt na talṁan, gan a ḃeiṫ ag síor-oibriuġaḋ na n-eitrín céadna, aċt a léigean amaċ agus sgíṫ ṫaḃairt dóiḃ anois agus arís. Dá ndéanfaḋ siad so, ní loḃfaḋ na potátaí leaṫ coṁ mór orṫa. Mar an gcéadna, níor ċóir dóiḃ na barraí céadna a ċur coṁ minic ins an áit aṁáin aċt sealaiḋeaċt a ṫaḃairt dóiḃ. 'Sé an dóiġ atá go coitċeann ag na feirmeoiriḃ ṫríd an tír, potátaí a ċur i gcuiḃreann an ḃliaḋain seo agus coirce aṫ-ḃliaḋain, potátaí an tríoṁaḋ bliaḋain, agus coirce an bliaḋain 'na ḋiaiḋ, agus ní stadann siad aċt ag cur coirce i ndiaiḋ potátaí agus potátaí i ndiaiḋ coirce go raiḃ an talaṁ spíonta ritte amaċ aca.

6. Sealaiḋeaċt dá ḃliaḋan a ḃeirim ar an ṁoḋ giollaċta so, agus 'sé an loċt atá air go dtigeann an bárr céadna ṫart go ro-ṁinic ins an talaṁ ċéadna. Ḃaḋ ċóir do'n ḟeirmeoir a ḃfuil an moḋ giollaċta so aige sgíṫ bliaḋna nó ḋó a ṫaḃairt dá ċuid talaiṁ ag ceann an uile ċúigeaḋ nó seiseaḋ bliaḋna, 'sé sin, baḋ ċóir dó síol féir a ċur ann agus gan an talaṁ ḃriseaḋ isteaċ go ceann bliaḋna nó ḋó.

2. Spíonann = boċtuiġeann.

5. Sealaiḋeaċt = dul ṫart.

LII.—Mo Ḃeannaċt Leat, a Sgríḃinn.

Seo dán beag a ċuir Seaṫrún Céitinn, Doċtúir Diaḋaċta, le litir a ḃí dá cur aige go hÉirinn, agus é 'san ḃFrainnc.

Inis Ealga, oileán uasal, .i. Éire.
A beanna, mullaiġ a cnoc.
A dteanna, a dteinte.
Oireaċt, dáil treiḃe, a meeting of a clan.
Go roi-ḃeaċt, go ḣáiriṫe.
Saoiṫe le héigse, fili.
Moċean, ḃeannaċaḋ.
Tuar, áit i gcurtar líon dá ṫriomuġaḋ.
Corṫa iarsaiġ: cora, claiḋe a ṫógtar i n-abainn ċun an uisge a ċasaḋ.
Riasg, sliaḃ garḃ.
Sóraiḋ, slán, beannaċt.
Tulaċ, cnocán réiḋ.
A foirne, a muinntir.
Neaṁmboċt, gan ḃeiṫ boċt
Dromċlaḋ na díleann, druim na fairrge.

I.

Mo ḃeannaċt leat, a sgríḃinn,
Go hInis aoiḃinn Ealga!
'S truaġ naċ léir dam a beanna,
Giḋ gnáṫ a dteanna dearga!

II.

Slán dá huaisle is dá hoireaċt,
Slán go roi-ḃeaċt dá cléirċiḃ,
Slán dá bantraċtaiḃ caoine,
Slán dá saoiṫiḃ le héigse!

III.

Mo ṡlán dá máġaiḃ míne,
Slán fá ṁíle dá cnocaiḃ,
Moċean do'n tí tá innti,
Slán dá linntiḃ 's dá loċaiḃ

IV.

Slán dá coilltiḃ fá ṫorṫaiḃ
  Slán fós dá corṫaiḃ iasgaig
Slán dá móintiḃ 's dá mbántaiḃ.
  Slán da ráṫaiḃ 's dá riasgaḃ!

V.

Slán óm' ċroiḋe dá cuantaiḃ,
  Slán fós dá tuarṫaiḃ troma,
Sóraiḋ dá tulċaiḃ aonaiġ,
  Slán uaim dá craoḃaiḃ croma!

VI.

Giḋ gnáṫ a foirne fraoċda
  I n-inis naoṁṫa neaṁmboċt,
Siar tar dromċlaḋ na díleann
  Beir, a sgríḃeann, mo ḃeannaċt!

SEAṪRÚN CÉITINN CCC.

Déanta i nÉirinn
Nº 0428

Toolie league

Date Due

231157

BOSTON COLLEGE
3 9031 01161789 1

231157

Author Gaelic league.

Title An Ceatramad Leagar Gaedilg

GAELIC LEAGUE

Boston College Library
Chestnut Hill 67, Mass.

Books may be kept for two weeks unless a shorter time is specified.

Two cents a day is charged for each 2-week book kept overtime; 25 cents a day for each overnight book.

If you cannot find what you want, inquire at the delivery desk for assistance.

2-50